Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

# Buiséad Bliantúil 2025

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025

# BUISÉAD BLIANTÚIL 2025
## CLÁR NA NÁBHAR

**Leathanach**


**TUARASCÁIL AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH ........................... 1**

**Anailís Airgeadais ........................................................................ 4**

**Anailís Airgeadais – Graif.......................................................... 10**

**Táblaí Reachtúla A – E .................................................................. 14**

**TÁBLAÍ REACHTÚLA F**
**Rannóg A – Tithíocht agus Foirgneamh ........................................ 26**

**Rannóg B – Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre .................... 35**

**Rannóg C – Seirbhísí Uisce ............................................................ 42**

**Rannóg D – Bainistíocht Forbartha ................................................ 47**

**Rannóg E – Seirbhísí Timpeallachta .............................................. 63**

**Rannóg F – Áineas agus Conláistí .................................................. 73**

**Rannóg G – Talmhaíocht, Bia & Cúrsaí Mara ................................ 85**

**Rannóg H – Seirbhísí Ilghnéitheacha ............................................ 89**

**Teastas ............................................................................................ 97**

**Muirear Bainistíochta Lárnaí – Aguisín 1 ...................................... 98**

**Leithdháileadh Cáin Maoine Áitiúla – Aguisín 2 ................................. 99**

**Comhairle Contae Fhine Gall**

Fingal County Council

# TUARASCÁIL AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

# DO: AN MÉARA AGUS NA BAILL

# COMHAIRLE CONTAE FHINE GALL

# BUISÉAD BLIANTÚIL - 2025

## RÉAMHRÁ

Is é cuspóir foriomlán bhuiséad 2025 seirbhísí ar ardchaighdeán a choinneáil ar bun agus a fheabhsú agus an maoiniú chun na tionscadail bhonneagair riachtanacha a chur ar fáil sa Chontae a mhéadú. I mBuiséad 2025 táthar ag súil go mbeidh an caiteachas foriomlán cothrom le €389m, figiúr atá cothrom le méadú 7.5% i gcomparáid le buiséad 2024. Ullmhaítear an Buiséad tráth a bhfuil éiginnteacht gheopholaitiúil agus gheilleagrach idirnáisiúnta dhúshlánach ann a bhfuil Éire, mar gheilleagar oscailte atá ag brath ar thrádáil idirnáisiúnta, neamhchosanta uirthi.

Ullmhaíodh Dréachtbhuiséad 2025 san fhormáid reachtúil agus i gcomhairle leis an nGrúpa um Beartas Corparáideach, agus tá sé le breithniú ag na Baill Thofa. Tá roinnt céimeanna i gceist sa phróiseas a bhaineann leis an mbuiséad a thiomsú lena n-áirítear:

- Comhairliúchán le grúpaí polaitiúla agus le neamhspleáigh maidir le tosaíochtaí agus straitéis bhuiséadach le roinnt míonna anuas.

- Comhairliúchán leis an nGrúpa um Beartas Corparáideach chun breithniú a dhéanamh ar straitéis an bhuiséid, dúshláin airgeadais agus mionsonraí an bhuiséid ag céimeanna éagsúla den phróiseas.

- Athbhreithnithe mionsonraithe ar gach gné den Bhuiséad i dteannta le Stiúrthóirí agus le sealbhóirí buiséid.

Is í an chéim deiridh de phróiseas an bhuiséid breithniú a dhéanamh ar an mBuiséad, a thíolacann na Baill Thofa ag an gCruinniú Buiséid Bhliantúil atá sceidealaithe don 3 Nollaig 2024.

## FEIDHMEANNA COIMEÁDTA BALL TOFA

Tá roinnt feidhmeanna coimeádta ag na Baill i ndáil leis an bpróiseas buiséid mar seo a leanas:

### Cáin Mhaoine Áitiúil

Tá an chumhacht ag na Baill chun an Ráta Cáin Mhaoine Áitiúil a athrú (Fachtóir Coigeartaithe Áitiúil) trí 15% a chur leis/a asbhaint.

### Glacadh leis an mBuiséad

Is féidir le baill glacadh leis an mBuiséad le nó gan leasú agus ní mór dóibh na suimeanna atá curtha ar fáil le haistriú chuig an gCuntas Caipitil a cheadú.

### An Ráta a Chinneadh

Ní mór do na Baill rún ar leithligh maidir le cinneadh a dhéanamh faoin Ráta Bliantúil ar

an Luacháil (ARV) a bhreithniú ag an gcruinniú Buiséid.

### Rátaí ar Áitreabh Folamh

Foráiltear in Acht um Rátaí Rialtais Áitiúil agus Nithe Eile, 2019, gur féidir le baill thofa d'údarás áitiúil scéim a bhunú ina bhforáiltear do laghdú rátaí a bhaineann le réadmhaoin fholamh.

## RÁTAÍ TRÁCHTÁLA

Níl aon fhianaise ar mhéadú ar Rátaí in 2025 sa Bhuiséad. Tá an ARV mar a bhí in 2020 tráth a ndearnadh athluacháil ar gach réadmhaoin Tráchtála sa Chontae.

## CÁIN MHAOINE ÁITIÚIL

Shocraigh na Baill, ag cruinniú na Comhairle i mí Dheireadh Fómhair 2024, an ráta bunúsach de Cháin Mhaoine Áitiúil a laghdú 7.5% i gcomhair 2025.

## BUAICPHOINTÍ AN BHUISÉID

Mar a míníodh thuas, foráiltear i ndréachtbhuiséad 2025 do leibhéal suntasach infheistíochta leanúnach sa Chontae mar atá mínithe thíos:

### Soláthar Foirne

Tá ról lárnach ag ár mbaill foirne inár gcumas seirbhísí a chur ar fáil do shaoránaigh Fhine Gall, agus torthaí ar ár n-infheistíocht chaipitil sa Chontae a chinntiú. Foráiltear sa Bhuiséad do gach ról laistigh de phlean na foirne oibre a líonadh.

### Tithíocht

Méadaigh an buiséad tithíochta ó €18.5m go dtí €135.7m. San áireamh ann tá €16m de chaiteachas breise ar sheachadadh tithíochta trí CCTanna agus léasú fadtéarmach. Foráiltear sa bhuiséad do €500k breise ar chothabháil tithíochta. Méadaigh an maoiniú do dheontais oiriúnaithe tithe €1m. Chomh maith leis sin, méadaigh ranníocaíocht na Comhairle d'Fheidhmeannacht um Dhaoine ar Easpa Dídine Réigiún Bhaile Átha Cliath €1.5m.

### Oibríochtaí

Ceadaítear sa Bhuiséad do mhéadú de €1.4m i roinnt réimsí oibríochtaí lena n-áirítear cothabháil bóithre, soilsiú poiblí, ionaid athchúrsála, páirceanna, faichí agus spásanna oscailte mar aon le leithris phoiblí agus ionaid adhlactha.

### Spóirt

Tá €500k breise curtha ar fáil sa Bhuiséad don cheanglas maoinithe chun linn snámha a fhorbairt i mBaile Brigín trí dhearadh agus pleanáil mhionsonraithe a dhéanamh. Beidh níos mó maoinithe ag teastáil i mbuiséid amach anseo chun tógáil agus oibriú na linne a mhaoiniú.

### Maoiniú Caipitil

Tá maoiniú caipitil méadaithe curtha ar fáil sa Bhuiséad do phríomhréimsí atá sainaitheanta sa Phlean Caipitil a cuireadh i láthair na Comhairle le déanaí. Ar an iomlán, tá €1.25m breise leithdháilte ar thionscadail i réadmhaoin phobal, leabharlanna, réadmhaoin oidhreachta agus foirgnimh chorparáideacha.

**Leabharlann**
Méadaíodh ciste leabhar na leabharlainne €325k rud a chiallaíonn go bhfuil an caiteachas cothrom leis an sprioc náisiúnta - €4 don líon daonra.

**Imeachtaí**
Tá €150k breise leithdháilte ar an mbuiséad imeachtaí chun an maoiniú atá ar fáil do ghrúpaí pobail go sonrach a mhéadú.

**Na hEalaíona**
Tá €240k breise leithdháilte chun na healaíona a fhorbairt.

## BUÍOCHAS

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Baill Thofa na Comhairle as a gcuid tacaíochta agus buíochas a ghabháil leis an Méara, an Comhairleoir Brian McDonagh agus a réamhthéachtaí mar Mhéara, an Comhairleoir Adrian Henchy, as a dtiomantas do fhreagrachtaí speisialta na hOifige agus as a gcúirtéis agus comhoibriú, i dteannta leis an nGrúpa um Beartas Corparáideach, chun gnó na Comhairle a chur i gcrích i rith 2024. Tá mé ag súil le leanúint ar aghaidh ag obair i gcomhpháirt leis na Baill Thofa chun seirbhís phoiblí ar ardchaighdeán a chur ar fáil do shaoránaigh Fhine Gall.


Chomh maith leis sin, is mian liom buíochas a ghabháil leis na baill foirne ar fad as a dtiomantas agus as a ndíograis chomh fada is a bhain le seirbhísí a chur ar fáil do phobal Fhine Gall. Is cúram casta agus deacair é ullmhú an Bhuiséid atá á chomhordú ag an Roinn Airgeadais agus a bhfuil Ranna as ar fud na Comhairle páirteach ann. Chuige sin, is mian liom buíochas a ghabháil leis na baill foirne ar fad a bhfuil baint acu le hullmhú an Bhuiséid.

## CONCLÚID

Comhlíonann Buiséad 2025, an chéad bhuiséad atá á bhreithniú ag an gComhairle nua seo, an cuspóir a bhaineann le seirbhísí ar ardchaighdeán a chothabháil agus a fheabhsú agus cur leis an maoiniú atá ar fáil chun na tionscadail bhonneagair riachtanacha a chur ar fáil sa Chontae agus ag an am céanna a chinntiú go bhfuil cúrsaí airgeadais á láimhseáil go stuama.

Sna Buiséid a fhorbrófar amach anseo thar thréimhse na Comhairle seo, beidh sé tábhachtach go mbeidh úsáid á baint ag na Baill as na cumhachtaí atá ar fáil dóibh chun na hacmhainní airgeadais riachtanacha a chur ar fáil chun an infheistíocht seo a chothabháil agus a fheabhsú chun seirbhísí a chur ar fáil do dhaoine ar fud an Chontae.

**Molaim go nGlacfaí leis an mBuiséad.**



**AnnMarie Farrelly**
**Príomhfheidhmeannach**
Samhain 2024

**Comhairle Contae Fhine Gall**
Fingal County Council

# ANAILÍS AIRGEADAIS

**ANAILÍS AIRGEADAIS**

**AN TRÉIMHSE BHUISÉADACH FORORDAITHE**
Tá an tréimhse idir an 1 Samhain 2024 agus an 6 Nollaig 2024 forordaithe ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta mar an tréimhse forordaithe do na Comhairlí Contae chun Cruinniú Buiséid 2025 a reáchtáil. Reáchtálfar an Cruinniú Buiséid reachtúil ar an **3 Nollaig 2024** agus ní mór glacadh leis an mBuiséad laistigh de thréimhse 14 lá ag tosú ar an dáta sin. Dá réir sin, is é an dáta deiridh chun glacadh leis an mBuiséad an 16 Nollaig 2024.

**TORADH 2024**
Meastar go mbeidh an toradh i gcomhair 2024 cothrom le €385.6m. San áireamh sa toradh tá caiteachas breise ar Thithíocht, Oibríochtaí, EETCD agus Pobal. Chomh maith leis sin, cuimsítear sa toradh caiteachas luach €18m mar gheall ar an deontas ICOB agus Power Up. Maoiníodh an caiteachas breise sin trí dheontais agus ioncam breise.

**BUISÉAD 2025**
Foráiltear sa Dréachtbhuiséad do chaiteachas iomlán de €388.8m arb ionann é agus méadú de €26.9m i gcomparáid le Buiséad 2024. Is é cuspóir foriomlán Bhuiséad 2025 seirbhísí ar ardchaighdeán a choinneáil ar bun agus an maoiniú chun na tionscadail bhonneagair riachtanacha a chur ar fáil sa Chontae a mhéadú. Tá méid suntasach d'infheistíocht mhéadaithe curtha ar fáil mar chuid de roinnt buiséad i seirbhísí na Comhairle agus tá an infheistíocht sin á cothabháil agus á feabhsú ag Buiséad 2025. Lena chois sin, méadaíonn an Buiséad an maoiniú atá ag teastáil don infheistíocht bhonneagair sa Chontae a bhfuil cur síos déanta air sa Phlean Caipitil agus ag an am céanna déantar iarracht a chinntiú go bhfuil cúrsaí airgeadais sa Chomhairle inbhuanaithe.

**RÁTAÍ TRÁCHTÁLA**
Is í príomhfhoinse mhaoinithe na Comhairle na rátaí tráchtála atá cothrom le 43% den ioncam foriomlán i gcomhair 2025 agus is príomhghné atá mar bhonn le maoiniú buiséad i ndiaidh a chéile í buacacht rátaí. Ní athrófar an ráta reatha ARV de 0.1796 agus ní mhéadófar rátaí in 2025.

## Bandaí Rátaí

| Ráta ó € | Banda go € | Líon na gCuntas | % of gCuntas | Carnach Cuntais | % | Reatha € | Rátaí % | Carnach Rátaí € | Carnach % |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 0 | 1,000 | 573 | 9.11% | 573 | 9.11% | 356,890 | 0.21% | 356,890 | 0.21% |
| 1,001 | 5,000 | 3095 | 49.21% | 3668 | 58.32% | 8,308,415 | 4.95% | 8,665,305 | 5.17% |
| 5,001 | 10,000 | 1018 | 16.19% | 4686 | 74.51% | 7,041,317 | 4.20% | 15,706,622 | 9.36% |
| 10,001 | 50,000 | 1177 | 18.72% | 5863 | 93.23% | 26,403,142 | 15.74% | 42,109,764 | 25.10% |
| 50,001 | 100,000 | 231 | 3.67% | 6094 | 96.90% | 15,782,341 | 9.41% | 57,892,105 | 34.51% |
| 100,001 | 500,000 | 162 | 2.58% | 6256 | 99.48% | 32,807,968 | 19.56% | 90,700,073 | 54.07% |
| >500,001 | | 33 | 0.52% | 6289 | 100.00% | 77,051,435 | 45.93% | 167,751,508 | 100.00% |
| | | 6289 | 100% | | | 167,751,508 | 100% | | |

Tá an timpeallacht rátaí tráchtála i bhFine Gall tacúil ó thaobh cúrsaí gnó de le blianta fada anuas. I dtéarmaí dáiríre, tá níos mó ná deich mbliana caite ó méadaíodh na rátaí agus tá breis is 75% d'íocóirí rátaí ag baint tairbhe as laghdú ar rátaí i ndiaidh na hathluachála ar réadmhaoin tráchtála atá éifeachtach ó 2020. Le linn na mbliana ó 2020 tugadh méadú

suntasach faoi deara ar bhoilsciú agus i rith na tréimhse trí chéile bhí CPI cothrom le beagnach 20%. Le linn na tréimhse sin, níor athraigh an ARV i bhFine Gall.

Tugadh an méadú ar rátaí faoi deara ó 2020 mar gheall ar rátaí buacachta. Ainneoin go bhfuiltear ag fáiltiú roimhe seo, ní féidir leis an gComhairle glacadh leis gur foinse inbhuanaithe d'fhás ioncaim a bheidh ann amach anseo. I mbuiséid amach anseo, beidh ar Bhaill a machnamh a dhéanamh ar rátaí a mhéadú chun leanúint le hinfheistíocht i seirbhísí agus chun an infheistíocht sin a fheabhsú, chun saoráidí pobail nua a chur ar fáil agus chun an maoiniú a theastaíonn chun Plean Caipitil na Comhairle a sheachadadh a mhéadú.

Lena chois sin, táthar ag leanúint ar aghaidh le foráil a dhéanamh chun cead a thabhairt don Chomhairle éifeachtaí na rátaí laghdaithe ioncaim a d'fhéadfadh a bheith i gceist mar gheall ar achomhairc luachála a mhaolú, éifeachtaí atá fós ag eascairt as athluacháil ar fud na tíre atá á déanamh ó 2020.

**Rátaí ar Réadmhaoin Fholamh**
Foráiltear in Alt 9 d'Acht um Rátaí Rialtais Áitiúil agus Nithe Eile, 2019, go sonrach gur féidir le baill thofa d'Údarás Áitiúil scéim a bhunú ina bhforáiltear do laghdú rátaí i ndáil le réadmhaoin fholamh, agus go mbeidh a leithéid de scéim á ceadú ag cruinniú Buiséid Údaráis Áitiúil, a bhaineann leis an mbliain airgeadais áitiúil lena mbainfidh an scéim. Léirítear sa Bhuiséad an laghdú ar an bhfaoiseamh folúntais ón leibhéal reatha de 30% go dtí 0%. Mar a cheanglaítear faoi na rialacháin ábhartha, tá tuarascáil ar leithligh eisithe leis an mBuiséad ina bhfuil tuilleadh sonraí maidir leis seo le fáil.

**CÁIN MHAOINE ÁITIÚIL**
Ag Cruinniú na Comhairle a reáchtáladh i mí Dheireadh Fómhair 2024, vótáil na Baill chun an ráta Cánach Maoine Áitiúla a fhágáil ag lúide 7.5% i gcomhair 2025. De bhrí go bhfuil an t-athrúchán LPT ag fanacht mar an gcéanna ní bheidh íocóirí LPT ag déileáil le haon mhéadú in 2025.

| Comhairle Contae Fhine Gall – Leithdháileadh CMÁ 2024 | | | |
|---|---|---|---|
| | **2025** | **2024** | ***Difríocht*** |
| CMÁ coimeádta go haitiúil (100%) | 45,836,328 | *43,609,512* | *2,226,816* |
| Lúide laghdú 7.5% | 3,437,725 | *3,270,713* | *167,011* |
| Leithdháileadh CMÁ Athbhreithnithe 2024 cinneadh déanta ina dhiaidh sin chun an ráta a athrú) | 42,398,603 | *40,338,799* | *2,059,805* |
| LE LEITHDHÁILEADH MAR SEO A LEANAS: | | | |
| CUNTAIS IONCAM | | | |
| Tithíocht Reatha (Ioncam) | 11,783,827 | *10,058,044* | *1,725,783* |
| Bóithre | 3,914,446 | *3,914,446* | *0* |
| CMÁ Lánroghnach | 12,700,331 | *12,366,309* | *334,022* |
| CMÁ IOMLÁN I gCUNTAS IONCAIM 2024 | 28,398,604 | *26,338,799* | *2,059,805* |
| Leithdháileadh CMÁ ar Thionscadail Chaipitil Tithíochta | 14,000,000 | *14,000,000* | *0* |
| **LEITHDHAILEADH IOMLÁN CMÁ Comeádta go hÁitiúil (100%)** | ***42,398,604*** | ***37,493,500*** | ***2,059,805*** |


## COSTAIS PHÁROLLA, PHINSIN AGUS SCOIR

Tá an buiséad párolla ag freastal ar gach post laistigh de phlean fhoireann oibre na Comhairle. Táimid ag leanúint ar aghaidh le hiarracht a dhéanamh gach ról a líonadh de bhrí go bhfuil siad ríthábhachtach chomh fada is a bhaineann lenár gcumas ár seirbhísí a sholáthar agus an Plean Caipitil a chur i bhfeidhm.

| € M | Buiséad 2024 | Toradh 2024 | Buiséad 2025 |
|---|---|---|---|
| Pánna | 28.5 | 27.2 | 28.4 |
| Tuarastail* | 59.3 | 61.9 | 63.9 |
| **Iomlán** | **87.8** | **89** | **92.3** |
| Costais Phinsin & Scoir | 21.3 | 20.9 | 22.2 |

***Níl Íocaíocht Ionadaíoch do Chomhairleoirí san áireamh**

Mar atá mínithe sa ghraf thíos tá na costais phinsin agus scoir méadaithe ó €15.9m in 2020 go dtí figiúr measta atá cothrom le €22.2m in 2025.




## UISCE ÉIREANN

Ullmhaítear Buiséad 2025 ar an mbonn go leanfar le haisghabháil agus le ranníocaíocht chostais dhíreach don mhuirear bainistíochta lárnaí a aisghabháil ag leibhéil chomhaontaithe ó Uisce Éireann agus ó DHLGH faoi seach.

## SEIRBHÍS DÓITEÁIN

De réir comhaontaithe, tá an tSeirbhís Dóiteáin do cheithre Údarás Áitiúla Bhaile Átha Cliath á cur ar fáil ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Tá glanchostas na seirbhíse á roinnt idir na hÚdaráis, agus cuirtear san áireamh daonra Fhine Gall mar chéatadán de cheithre Údarás Bhaile Átha Cliath, líon na dteaghlach i ngach ceantar riaracháin agus an luacháil inrátáilte stairiúil. Meastar go bhfuil sciar Fhine Gall de chostas na seirbhíse in 2025 cothrom le €25.8m agus is fianaise é an sciar sin ar mhéadú de €536k i gcomparáid le Buiséad 2024. Tá eolas le fáil thíos faoi chionroinnt chostais na Seirbhísí Dóiteáin idir na ceithre Údarás i mBaile Átha Cliath:

| Údarás Áitiúil | Buiséad 2024 Glanchostas | Buiséad 2024 % Cionroinnte | Athbhreithnithe 2024 Glanchostas | Athbhreithnithe 2024 % Cionroinnte | Buiséad 2025 Glanchostas | Buiséad 2025 % Cionroinnte |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath** | **61,012,169** | **47.4%** | **62,631,260** | **47.4%** | **62,305,349** | **47.4%** |
| **Comhairle Contae Fhine Gall** | **25,315,760** | **19.7%** | **25,987,570** | **19.7%** | **25,852,339** | **19.7%** |
| **Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas** | **23,660,873** | **18.4%** | **24,288,766** | **18.4%** | **24,162,376** | **18.4%** |
| **Dún-Laoighaire - Ráth an Dúin** | **18,732,176** | **14.6%** | **19,229,276** | **14.6%** | **19,129,213** | **14.6%** |
| **Iomlán** | **128,720,978** | **100.0%** | **132,136,872** | **100.0%** | **131,449,277** | **100.0%** |

## AN CLÁR CAIPITIL

Cuireadh Clár Caipitil 2025–2027 faoi bhráid na mBall ag Cruinniú Dheireadh Fómhair na Comhairle. Sainaithnítear ann breis is 331 tionscadal aonair a bhfuil caiteachas measta de €1.568 billiún thar thréimhse 3 bliana luaite leo. Tá fianaise le fáil sa Bhuiséad Ioncaim ar leithdháileadh caipitil leantach agus feabhsaithe do thionscadail atá le maoiniú ón gcuntas ioncaim cosúil le leabharlanna, ionaid phobail agus réadmhaoin oidhreachta ar fud an Chontae.

## COSTAIS TACAÍOCHTA SEIRBHÍSE

I ngach rannóg cuimsítear cionroinnt costas riaracháin agus forchostas ginearálta nach bhfuil inmhuirearaithe go díreach do rannóg shonrach. Grúpáiltear na costais sin mar 'costais tacaíochta seirbhíse' agus cuimsítear iontu costais chóiríochta oifige, tuarastail nach bhfuil inmhuirearaithe go díreach do rannóg áirithe, pinsin, aiscí scoir, seirbhísí ríomhaireachta, costais dlí, postas, teileafón, priontáil, stáiseanóireacht agus fógraíocht. Tá na forchostais sin leithdháilte ar Rannóga agus ar Sheirbhísí bunaithe ar spreagthaí costais náisiúnta.

Tá eolas maidir leis na costais leagtha amach in Aguisín 1 agus cothrom le €59.1m i gcomhair 2025. Is ionann é sin agus méadú de thart ar €3m i gcomparáid le Buiséad 2024. Tá an méadú seo bunaithe ar chostais phárolla, pinsin agus costais scoir mar aon le caiteachas TF.

Tá anailís ar an gcaiteachas i ngach réimse le fáil thíos:

| | | **Conas a dhéantar an Muirear Bainistíochta Lárnach a leithdháileadh** |
|---|---|---|
| **Forchostas Gnóthaí Corparáideacha** | **7,106,900** | Leithdháilte bunaithe ar líon na foirne ar thuarastal i Rannáin A go H. |
| Tá tuarastail na Seirbhísí Corparáideacha, Seirbhísí Dlí agus Seirbhísí Iniúchta, lena n-áirítear an Coiste Iniúchta san áireamh faoin gceannteideal seo. Gach costas a bhaineann le Cumarsáid agus imeachtaí agus féilte ar fud an chontae. Tá na costais a bhaineann le riaradh polasaithe árachais na Comhairle faoin gceannteideal seo. | | |
| **Forchostas Foirgnimh Chorparáidigh** | **11,151,000** | Leithdháileadh bunaithe ar $M^2$ ar dtús, ansin de réir líon na foirne ar thuarastal i Rannáin A go H. |
| Costais a bhaineann le soláthar agus cothabháil Oifigí Corparáideacha (Halla an Chontae, Baile Bhlainséir agus Baile Brigín). Costais phárolla d'Ailtirí agus do Phóirtéirí. Aisíocaíochtaí iasachta le haghaidh oifigí Bhaile Bhlainséir agus costais an Cheaintín. Tá soláthar san áireamh anseo freisin do mhaoiniú na n- | | |

| | | |
|---|---|---|
| iarmhéideanna dochair a bhaineann leis na costais a bhaineann le cóiríocht oifige a thógáil lena n-áirítear Oifigí Bhaile Brigín. | | |
| **Forchostas Fheidhm Airgeadais** | **3,483,700** | Costais bunaithe ar líon na n-idirbheart airgeadais ginte i Rannáin A go H. |
| Tá costais phárolla na Roinne Airgeadais faoin gceannteideal seo lena n-áirítear Árachas, Cuntais Iníoctha, Bainistíocht agus Rialú Airgeadais, Costais FMS agus Soláthar. | | |
| **Feidhm Acmhainní Daonna** | **4,662,100** | Leithdháilte bunaithe ar líon iomlán na foirne i Rannáin A go H. |
| Tá costais phárolla don Roinn Acmhainní Daonna agus don Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta faoin gceannteideal seo. Costais oifige de phárolla don fhoireann & do phinsinéirí a riar | | |
| **Seirbhísí Digiteacha** | **10,491,300** | Costais bunaithe ar líon na ríomhairí pearsanta & úsáid na bhfeidhmchlár i Rannáin A go H. |
| Costais foirne na seirbhísí digiteacha, bonneagar líonra, freastalaithe, ríomhairí pearsanta, ríomhairí glúine agus crua-earraí cumarsáide. Tá córais TF a thacaíonn le riachtanais ghnó gach Roinne agus a eisíonn Ceadúnais Feidhmchláir PC faoin gceannteideal seo. | | |
| **Costais Scoir** | **22,242,800** | Costais bunaithe ar % de chostais tuarastail i Rannáin A go H. |
| Gach Pinsean agus costais scoir mar aon le costais tuarastail don fhoireann sa Roinn Acmhainní Daonna a riarann párolla do phinsinéirí. | | |


**Comhairle Contae Fhine Gall**

Fingal County Council

# ANAILÍS AIRGEADAIS – GRAIF


# Caiteachas de réir an Líon Daonra (LD)

| | Caiteachas | % den Bhuiséad | Caiteachas de réir an LD |
|---|---|---|---|
| Seirbhísí Uisce | €18,914,800 | 4.9% | €57.45 |
| Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre | €44,021,700 | 11.3% | €133.72 |
| Áineas agus Conláistí | €73,719,900 | 19.0% | €223.92 |
| Seirbhísí Ilghnéitheacha | €23,591,500 | 6.1% | €71.66 |
| Tithíocht agus Foirgneamh | €135,762,200 | 34.9% | €412.38 |
| Seirbhísí Timpeallachta | €54,781,800 | 14.1% | €166.40 |
| Bainistíocht Forbartha | €36,202,300 | 9.3% | €109.96 |
| Talmhaíocht, Bia & Mara | €1,881,700 | 0.5% | €5.72 |
| | **€388,875,900** | **100.00%** | **€1,181.21** |





** Daonra 329,218 - Daonáireamh 2022*

# An Buiséad Ioncaim Bliain ar Bhliain 2019 - 2025





# Foinsí an Chaiteachais




# Anailís ar Chaiteachas

| | Buiséad 2024 € | Buiséad Athbhreithnithe 2024 € | Buiséad 2025 € |
|---|---|---|---|
| **Párolla** | | | |
| Tuarastail & Pánna | 87,833,400 | 89,042,000 | 92,330,500 |
| Costais Phárolla Eile | 2,270,100 | 2,257,600 | 2,313,500 |
| Pinsin & Aiscí | 21,280,000 | 20,945,400 | 22,229,800 |
| **Costais Oibriúcháin** | | | |
| Ceannach Talún & Trealaimh | 2,693,700 | 2,514,000 | 2,771,900 |
| Deisiú & Cothabháil Íocaíochtaí | 936,400 | 853,100 | 822,100 |
| Conartha | 34,796,300 | 36,838,200 | 36,826,000 |
| Seirbhísí | 74,204,300 | 75,549,400 | 89,483,900 |
| Gníomhaireachta | 4,342,400 | 4,354,900 | 4,217,900 |
| Gléasra ar Cíos | 4,267,600 | 4,169,200 | 4,170,100 |
| Ceisteanna a bhaineann le | 5,531,100 | 5,401,200 | 6,553,700 |
| hÁbhair & Stórtha Deontais | 5,058,500 | 24,469,300 | 6,536,700 |
| Tithíochta | 462,500 | 727,200 | 451,000 |
| Íocaíochtaí | 9,564,000 | 10,879,400 | 9,206,900 |
| Deontas/Fóirdheontas Costais | 7,258,200 | 5,388,400 | 5,400,600 |
| Ball | 19,384,600 | 18,697,000 | 23,547,000 |
| Táillí Comhairleoireachta & Gairmiúla | 11,001,500 | 8,897,000 | 10,444,700 |
| Fuinneamh | | | |
| Costais RAS | | | |
| Costais Oibriúcháin Eile | | | |
| **Costais Riaracháin & Bhunaithe** | | | |
| Cumarsáid | 1,357,300 | 1,376,000 | 1,314,300 |
| Oiliúint & Earcaíocht | 1,446,000 | 1,353,200 | 1,394,900 |
| Priontáil & Stáiseanóireacht | 785,300 | 672,400 | 689,000 |
| Ranníocaíochtaí le Comhlachtaí Eile | 2,953,400 | 2,668,300 | 2,763,000 |
| Costais Riaracháin Eile | 7,633,200 | 8,122,200 | 8,471,200 |
| Cíosanna & Rátaí | 1,956,700 | 1,952,900 | 1,996,200 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | 450,000 | 455,000 | 465,000 |
| Costais Bhunaithe Eile | 987,500 | 1,007,300 | 960,500 |
| Costais Airgeadais (lena n-áirítear Iasachtaí & Léasanna) | 11,974,300 | 12,405,500 | 12,851,800 |
| Aistrithe chuig Caipiteal | 36,884,400 | 40,791,200 | 37,039,300 |
| Ilghnéitheach | 4,584,600 | 3,861,300 | 3,624,500 |
| | **361,897,200** | **385,648,600** | **388,875,900** |




# Anailís ar Ioncam

| | Buiséad 2024 € | Buiséad Athbhreithnithe 2024 € | Buiséad 2025 € |
|---|---|---|---|
| Rátaí Tráchtála | 159,144,100 | 161,442,100 | 167,751,500 |
| Deontais (lena n-áirítear féinmhaoiniú LPT) | 105,450,400 | 130,669,400 | 134,726,700 |
| Asbhaintí Aoisliúntais & Pinsin | 2,165,000 | 2,165,000 | 2,165,000 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil (Lánroghnach) | 12,366,300 | 12,366,300 | 12,700,300 |
| Cíos Tithíochta | 22,000,300 | 24,085,100 | 24,580,200 |
| Cíos Tithíochta Eile | 4,783,300 | 4,910,000 | 5,050,000 |
| Iasachtaí, Ús & Muirir Thithíochta | 4,016,900 | 4,147,300 | 4,114,500 |
| Uisce Éireann | 15,586,300 | 8,723,100 | 8,776,900 |
| Ioncam ó Ionaid Athchúrsála & Líonta Talún | 1,256,000 | 1,156,000 | 1,456,000 |
| Táillí Pleanála | 1,790,300 | 2,430,300 | 1,880,500 |
| Táillí/Muirir Pháirceála | 2,000,000 | 2,144,700 | 2,000,000 |
| Gníomhaíochtaí Áineasa & Conláistí | 706,200 | 608,800 | 666,200 |
| Seirbhísí Gníomhaireachta & Aisghabháil ÚÁ eile | 6,404,300 | 4,118,000 | 3,298,300 |
| Cíos Réadmhaoine & Léasú Talún | 1,546,400 | 1,564,900 | 1,551,900 |
| Muirir Dóiteáin | 1,000,000 | 1,500,000 | 1,500,000 |
| NPPR | 400,000 | 300,000 | 50,000 |
| Táillí & Fíneálacha Eile | 3,730,000 | 3,679,900 | 3,549,300 |
| Ioncam Ilghnéitheach | 17,551,400 | 19,638,300 | 13,058,500 |
| | **361,897,200** | **385,648,600** | **388,875,90** |



# Dáileadh na Rátaí Tráchtála Buiséadaithe

# Ioncam 2025 - €167.75m




**San áireamh sa "Luacháil Dhomhanda" tá luachálacha ar fhóntais phoiblí cosúil le cuideachtaí uisce, fuinnimh & cumarsáide.**

Comhairle Contae Fhine Gall

Fingal County Council

# Buiséad Reachtúil

## TÁBLAÍ A-E

Ba cheart a thabhairt faoi deara, go bhféadfadh sé go mbeadh fadhbanna slánaithe ann i roinnt de na táblaí de bharr an leibhéil sonraí a bhíonn i gceist agus Costais Tacaíochta Seirbhíse á gcionroinnt. Níl aon éifeacht ábhartha acu seo agus ní imríonn iad tionchar ar na figiúirí a bhaineann leis an mbuiséad foriomlán.

| TÁBLA A - RÍOMH AN RÁTA BLIANTÚIL AR LUACHÁIL DON BHLIAIN AIRGEADAIS | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Achoimre de réir na Rannóige Seirbhíse** | **Caiteachas €** | **Ioncam €** | **Glanchaiteachas Buiséid 2025 €** | **%** | **Toradh Glanchaiteachais Measta 2024 €** | **%** |
| **Ollchaiteachas Ioncaim & Ioncam** | | | | | | |
| A Tithíocht agus Foirgneamh | 135,762,200 | 127,434,300 | 8,327,900 | 4.6% | 6,025,800 | 3.5% |
| B Iompar & Sábháilteacht ar Bhóithre | 44,021,700 | 9,648,900 | 34,372,800 | 19.0% | 33,708,200 | 19.4% |
| C Seirbhísí Uisce | 18,914,800 | 15,633,400 | 3,281,400 | 1.8% | 2,828,700 | 1.6% |
| D Bainistíocht Forbartha | 36,202,300 | 10,800,000 | 25,402,300 | 14.1% | 24,467,400 | 14.1% |
| E Seirbhísí Timpeallachta | 54,781,800 | 9,271,900 | 45,509,900 | 25.2% | 45,352,200 | 26.1% |
| F Áineas agus Conláistí | 73,719,900 | 5,504,500 | 68,215,400 | 37.8% | 66,652,600 | 38.3% |
| G Talmhaíocht, Bia & Cúrsaí Mara | 1,881,700 | 436,700 | 1,445,000 | 0.8% | 1,995,100 | 1.1% |
| H Seirbhísí Ilghnéitheacha | 23,591,300 | 29,694,100 | (6,102,800) | (3.4%) | (7,221,300) | (4.2%) |
| | **388,875,700** | **208,423,800** | **180,451,900** | 100.0% | **173,808,700** | 100.0% |
| Foráil d'Iarmhéid Dochair | - | | - | | | |
| **OLLCHAITEACHAS AGUS OLLIONCAM COIGEARTAITHE** (A) | **388,875,700** | **208,423,800** | **180,451,900** | | **173,808,700** | |
| **Arna maoiniú ag Iarmhéideanna Ioncaim/Creidmheasa Eile** | | | | | | |
| Foráil d'Iarmhéid Sochair | | - | - | | | |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | | 12,700,300 | 12,700,300 | | | |
| FO-IOMLÁN **(B)** | | | **12,700,300** | | | |
| **MÉID NA RÁTAÍ LE TOIBHIÚ** C=(A-B) | | | **167,751,600** | | | |
| Glanluacháil Éifeachtach **(E)** | | | 934,028,400 | | | |
| **RÁTA BLIANTÚIL GINEARÁLTA AR LUACHÁIL** (C/E) | | | **0.1796** | | | |

| TÁBLA B: Caiteachas agus Ioncam i gcomhair 2025 agus Toradh Measta i gcomhair 2024 | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2025 | | | | 2024 | | | |
| | Caiteachas | | Ioncam | | Caiteachas | | Ioncam | |
| Rannóg & Seirbhísí | Arna ghlacadh ag an gComhairle € | Measta ag an bPríomhfheidhmeannach /Méara € | Arna ghlacadh ag an gComhairle € | Measta ag an bPríomhfheidhmeannach /Méara € | Arna ghlacadh ag an gComhairle € | Toradh Measta € | Arna ghlacadh ag an gComhairle € | Toradh Measta € |
| **A Tithíocht agus Foirgneamh** | | | | | | | | |
| A01 Cothabháil & Feabhsú Aonaid Tithíochta an Údaráis Áitiúil | 15,535,800 | 15,535,800 | 24,967,900 | 24,967,900 | 15,064,800 | 14,263,200 | 22,481,200 | 24,458,400 |
| A02 Measúnú, Leithdháileadh agus Aistriú Tithíochta | 2,759,800 | 2,759,800 | 66,800 | 66,800 | 2,281,800 | 2,400,400 | 52,600 | 55,600 |
| A03 Riar Cíosanna Tithíochta agus Ceannaigh ag Tionóntaí | 2,618,000 | 2,618,000 | 62,600 | 62,600 | 2,337,400 | 2,432,900 | 57,900 | 62,100 |
| A04 Tacaíocht d'Fhorbairt Tithíochta Pobail | 2,106,500 | 2,106,500 | 53,600 | 53,600 | 2,470,300 | 2,368,100 | 59,700 | 63,200 |
| A05 Riar Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean | 5,290,800 | 5,290,800 | 604,400 | 604,400 | 3,622,300 | 5,098,000 | 429,500 | 591,200 |
| A06 Tacaíocht don Chlár Caipitil Tithíochta | 11,873,900 | 11,873,900 | 8,159,600 | 8,159,600 | 11,033,900 | 11,480,000 | 7,206,400 | 8,117,700 |
| A07 RAS & Clár Léasaithe | 79,528,900 | 79,528,900 | 81,902,200 | 81,902,200 | 63,598,800 | 63,199,400 | 65,474,300 | 65,602,300 |
| A08 Iasachtaí Tithíochta | 5,906,400 | 5,906,400 | 4,904,000 | 4,904,000 | 5,875,700 | 5,756,200 | 4,837,700 | 4,972,200 |
| A09 Deontais Tithíochta | 6,832,300 | 6,832,300 | 5,293,200 | 5,293,200 | 5,850,100 | 5,744,300 | 4,476,100 | 4,417,300 |
| A11 Seirbhísí Gníomhaireachta & Forchúitithe | 2,401,300 | 2,401,300 | 856,100 | 856,100 | 4,307,300 | 2,542,600 | 3,120,500 | 1,185,600 |
| A12 Clár HAP | 908,500 | 908,500 | 563,900 | 563,900 | 756,100 | 809,600 | 587,000 | 543,300 |
| **Rannóg A Iomlán** | **135,762,200** | **135,762,200** | **127,434,300** | **127,434,300** | **117,198,500** | **116,094,700** | **108,782,900** | **110,068,900** |

| TÁBLA B: Caiteachas agus Ioncam i gcomhair 2025 agus Toradh Measta i gcomhair 2024 | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2025 | | | | 2024 | | | |
| | Caiteachas | | Ioncam | | Caiteachas | | Ioncam | |
| Rannóg & Seirbhísí | Arna ghlacadh ag an gComhairle € | Measta ag an bPríomhfheidhmeannach /Méara € | Arna ghlacadh ag an gComhairle € | Measta ag an bPríomhfheidhmeannach /Méara € | Arna ghlacadh ag an gComhairle € | Toradh Measta € | Arna ghlacadh ag an gComhairle € | Toradh Measta € |
| **B Iompar & Sábháilteacht ar Bhóithre** | | | | | | | | |
| B01 NP Bóthar - Cothabháil agus Feabhsú | - | - | - | - | - | - | - | - |
| B02 NS Bóthar - Cothabháil agus Feabhsú | - | - | - | - | - | - | - | - |
| B03 Bóthar Réigiúnach - Cothabháil agus Feabhsú | 12,972,100 | 12,972,100 | 3,335,300 | 3,335,300 | 12,275,200 | 10,898,500 | 3,199,600 | 3,252,300 |
| B04 Áitiúil Bóthar - Cothabháil agus Feabhsú | 13,568,400 | 13,568,400 | 2,084,800 | 2,084,800 | 13,180,700 | 14,920,500 | 2,090,400 | 2,098,000 |
| B05 Soilsiú Poiblí | 4,976,900 | 4,976,900 | 765,200 | 765,200 | 5,066,500 | 4,644,500 | 876,300 | 772,500 |
| B06 Feabhsú Bainistíochta Tráchta | 4,985,300 | 4,985,300 | 95,500 | 95,500 | 5,126,100 | 5,251,200 | 93,500 | 95,100 |
| B07 Feabhsú Innealtóireachta Sábháilteacht ar Bhóithre | - | - | - | - | - | - | - | - |
| B08 Cur Chun Cinn & Oideachas Sábháilteachta ar Bhóithre | 3,447,900 | 3,447,900 | 119,900 | 119,900 | 3,687,900 | 3,583,000 | 108,000 | 118,000 |
| B09 Spásanna Páirceála do Charranna | 995,900 | 995,900 | 2,000,600 | 2,000,600 | 993,100 | 1,021,800 | 2,000,200 | 2,144,900 |
| B10 Tacaíocht don Chlár Caipitil Bóithre | 2,361,600 | 2,361,600 | 53,100 | 53,100 | 2,124,100 | 2,422,000 | 51,200 | 54,100 |
| B11 Seirbhísí Gníomhaireachta & Forchúitithe | 713,600 | 713,600 | 1,194,500 | 1,194,500 | 696,100 | 747,800 | 1,194,700 | 1,246,200 |
| **Rannóg B Iomlán** | **44,021,700** | **44,021,700** | **9,648,900** | **9,648,900** | **43,149,700** | **43,489,300** | **9,613,900** | **9,781,100** |

| TÁBLA B: Caiteachas agus Ioncam i gcomhair 2025 agus Toradh Measta i gcomhair 2024 | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2025 | | | | 2024 | | | |
| | Caiteachas | | Ioncam | | Caiteachas | | Ioncam | |
| **Rannóg & Seirbhísí** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomhfheidhmeannach /Méara €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomhfheidhmeannach /Méara €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| **C Seirbhísí Uisce** | | | | | | | | |
| C01 Soláthar Uisce | 9,427,000 | 9,427,000 | 6,841,000 | 6,841,000 | 10,688,700 | 9,710,400 | 10,838,100 | 6,752,400 |
| C02 Cóireáil Fuíolluisce | 5,635,300 | 5,635,300 | 8,562,400 | 8,562,400 | 6,196,900 | 5,637,300 | 6,294,700 | 9,030,500 |
| C03 Bailiú Muirear Uisce agus Fuíolluisce | - | - | - | - | - | - | - | - |
| C04 Leithris Phoiblí | 1,463,000 | 1,463,000 | 6,200 | 6,200 | 1,027,200 | 1,219,600 | 9,900 | 10,500 |
| C05 Aidhm Suiteálacha Grúpa agus Príobháideacha | 15,100 | 15,100 | 15,000 | 15,000 | 15,200 | 15,300 | 15,000 | 15,000 |
| C06 Tacaíocht don Chlár Caipitil Uisce | 260,900 | 260,900 | 91,500 | 91,500 | 353,700 | 317,800 | 364,400 | 98,300 |
| C07 Seirbhísí Gníomhaireachta & Forchúitithe | - | - | - | - | - | - | - | - |
| C08 Seirbhísí Uisce agus Sláintíochta Údaráis Áitiúil | 2,113,500 | 2,113,500 | 117,300 | 117,300 | 2,086,200 | 1,928,100 | 122,800 | 93,100 |
| **Rannóg C Iomlán** | **18,914,800** | **18,914,800** | **15,633,400** | **15,633,400** | **20,367,900** | **18,828,500** | **17,644,900** | **15,999,800** |

| TÁBLA B: Caiteachas agus Ioncam i gcomhair 2025 agus Toradh Measta i gcomhair 2024 | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2025 | | | | 2024 | | | |
| | Caiteachas | | Ioncam | | Caiteachas | | Ioncam | |
| Rannóg & Seirbhísí | Arna ghlacadh ag an gComhairle € | Measta ag an bPríomhfheidh meannach /Méara € | Arna ghlacadh ag an gComhairle € | Measta ag an bPríomhfheidh meannach /Méara € | Arna ghlacadh ag an gComhairle € | Toradh Measta € | Arna ghlacadh ag an gComhairle € | Toradh Measta € |
| **D Bainistíocht Forbartha** | | | | | | | | |
| D01 Pleanáil Chun Cinn | 2,738,900 | 2,738,900 | 62,400 | 62,400 | 3,172,300 | 3,134,200 | 67,400 | 71,300 |
| D02 Bainistíocht Forbartha | 10,517,200 | 10,517,200 | 1,926,600 | 1,926,600 | 9,668,200 | 11,083,600 | 1,887,200 | 1,933,700 |
| D03 Forfheidhmiú | 1,817,400 | 1,817,400 | 53,200 | 53,200 | 1,088,600 | 1,435,400 | 57,500 | 84,100 |
| D04 Áiseanna Tionsclaíocha agus Tráchtála | 1,482,400 | 1,482,400 | 28,900 | 28,900 | 1,176,700 | 1,219,700 | 27,700 | 28,900 |
| D05 Forbairt agus Cur Chun Cinn na Turasóireachta | 1,170,700 | 1,170,700 | 12,900 | 12,900 | 984,000 | 854,900 | 10,800 | 25,900 |
| D06 Feidhm Pobail agus Fiontair | 5,287,300 | 5,287,300 | 3,383,600 | 3,383,600 | 2,181,500 | 2,050,400 | 424,200 | 366,900 |
| D07 Eastáit Tithíochta Neamhchríochnaithe | - | - | - | - | - | - | - | - |
| D08 Rialú Foirgnimh | 2,086,700 | 2,086,700 | 347,000 | 347,000 | 2,139,100 | 2,176,000 | 287,000 | 899,700 |
| D09 Forbairt agus Cur Chun Cinn Geilleagrach | 7,606,000 | 7,606,000 | 3,384,200 | 3,384,200 | 6,955,500 | 25,421,100 | 2,795,200 | 21,420,300 |
| D10 Bainistíocht Réadmhaoine | 2,166,200 | 2,166,200 | 759,500 | 759,500 | 1,936,600 | 2,110,100 | 763,500 | 778,900 |
| D11 Seirbhísí Oidhreachta agus Caomhantais | 1,329,500 | 1,329,500 | 841,700 | 841,700 | 1,332,700 | 1,411,200 | 822,700 | 819,500 |
| D12 Seirbhísí Gníomhaireachta & Forchúitithe | - | - | - | - | - | - | - | - |
| **Rannóg D Iomlán** | **36,202,300** | **36,202,300** | **10,800,000** | **10,800,000** | **30,635,200** | **50,896,600** | **7,143,200** | **26,429,200** |

| TÁBLA B: Caiteachas agus Ioncam i gcomhair 2025 agus Toradh Measta i gcomhair 2024 | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2025 | | | | 2024 | | | |
| | Caiteachas | | Ioncam | | Caiteachas | | Ioncam | |
| Rannóg & Seirbhísí | Arna ghlacadh ag an gComhairle € | Measta ag an bPríomhfheidhmeannach /Méara € | Arna ghlacadh ag an gComhairle € | Measta ag an bPríomhfheidhmeannach /Méara € | Arna ghlacadh ag an gComhairle € | Toradh Measta € | Arna ghlacadh ag an gComhairle € | Toradh Measta € |
| **E Seirbhísí Timpeallachta** | | | | | | | | |
| E01 Oibriú agus Iarchúram Líonta Talún | 2,579,400 | 2,579,400 | 33,300 | 33,300 | 3,070,800 | 3,093,300 | 34,100 | 36,100 |
| E02 Oibríochtaí Saoráidí Aisghabhála & Athchúrsála | 4,577,300 | 4,577,300 | 2,176,700 | 2,176,700 | 3,919,200 | 4,449,300 | 1,929,000 | 1,869,300 |
| E03 Oibríochtaí Saoráidí Dramhaíl go Fuinneamh | 871,600 | 871,600 | 1,657,800 | 1,657,800 | 904,100 | 904,200 | 4,750,000 | 2,438,700 |
| E04 Soláthar Seirbhísí Bailithe Dramhaíola | - | - | - | - | - | - | - | - |
| E05 Bainistíocht Bruscair | 1,578,000 | 1,578,000 | 104,900 | 104,900 | 1,799,000 | 1,643,100 | 126,800 | 109,100 |
| E06 Glanadh Sráideanna | 9,243,500 | 9,243,500 | 212,500 | 212,500 | 8,867,500 | 8,865,900 | 212,500 | 224,800 |
| E07 Rialacháin, Faireachán agus Forfheidhmiú Dramhaíola | 1,563,000 | 1,563,000 | 398,800 | 398,800 | 1,572,000 | 1,635,700 | 395,500 | 481,200 |
| E08 Plean Bainistíochta Dramhaíola | 299,400 | 299,400 | 94,000 | 94,000 | 346,100 | 269,000 | 114,000 | 51,700 |
| E09 Cothabháil Ionaid Adhlactha | 2,648,700 | 2,648,700 | 1,257,000 | 1,257,000 | 2,866,300 | 2,704,000 | 1,254,100 | 1,257,200 |
| E10 Sábháilteacht Déanmhas agus Áiteanna | 1,216,000 | 1,216,000 | 26,500 | 26,500 | 1,322,400 | 1,225,900 | 27,400 | 48,900 |
| E11 Oibriú na Seirbhíse Dóiteán | 25,854,200 | 25,854,200 | - | - | 25,347,600 | 25,989,500 | - | - |
| E12 Cosc Dóiteáin | 265,100 | 265,100 | 1,505,000 | 1,505,000 | 325,200 | 269,000 | 1,005,000 | 1,505,300 |
| E13 Cáilíocht an Uisce, Truailliú Aeir agus Torainn | 2,809,800 | 2,809,800 | 1,491,100 | 1,491,100 | 2,700,000 | 2,890,100 | 1,583,800 | 1,563,700 |
| E14 Seirbhísí Gníomhaireachta & Forchúitithe | - | - | - | - | - | - | - | - |
| E15 Athrú Aeráide & Tuilte | 1,275,800 | 1,275,800 | 314,300 | 314,300 | 1,083,400 | 2,192,800 | 17,600 | 1,193,600 |
| **Rannóg E Iomlán** | **54,781,800** | **54,781,800** | **9,271,900** | **9,271,900** | **54,123,600** | **56,131,800** | **11,449,800** | **10,779,600** |

| TÁBLA B: Caiteachas agus Ioncam i gcomhair 2025 agus Toradh Measta i gcomhair 2024 | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2025 | | | | 2024 | | | |
| | Caiteachas | | Ioncam | | Caiteachas | | Ioncam | |
| **Rannóg & Seirbhísí** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomhfheidh meannach /Méara €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomhfheidh meannach /Méara €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| **F Áineas agus Conláistí** | | | | | | | | |
| F01 Oibríochtaí Áiseanna Fóillíochta | 602,600 | 602,600 | 215,100 | 215,100 | 773,500 | 563,700 | 363,100 | 228,300 |
| F02 Oibriú na Seirbhíse Leabharlainne agus Cartlainne | 19,691,100 | 19,691,100 | 505,900 | 505,900 | 18,256,600 | 18,699,500 | 733,600 | 539,200 |
| F03 Oibríochtaí Limistéir Fóillíochta Lasmuigh | 28,122,200 | 28,122,200 | 2,039,600 | 2,039,600 | 27,794,500 | 27,855,800 | 1,483,700 | 1,811,000 |
| F04 Forbairt Pobail, Spóirt agus Fóillíochta | 11,889,400 | 11,889,400 | 1,796,500 | 1,796,500 | 10,919,400 | 11,416,900 | 2,366,300 | 2,016,100 |
| F05 Oibriú an Chláir Ealaíon | 13,414,600 | 13,414,600 | 947,400 | 947,400 | 12,516,900 | 13,648,200 | 1,005,800 | 936,900 |
| F06 Seirbhísí Gníomhaireachta & Forchúitithe | - | - | - | - | - | - | - | - |
| **Rannóg F Iomlán** | **73,719,900** | **73,719,900** | **5,504,500** | **5,504,500** | **70,260,900** | **72,184,100** | **5,952,500** | **5,531,500** |

| TÁBLA B: Caiteachas agus Ioncam i gcomhair 2025 agus Toradh Measta i gcomhair 2024 | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2025 | | | | 2024 | | | |
| | Caiteachas | | Ioncam | | Caiteachas | | Ioncam | |
| **Rannóg & Seirbhísí** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomhfheidhmeannach /Méara €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomhfheidhmeannach /Méara €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| **G Talmhaíocht, Bia & Cúrsaí Mara** | | | | | | | | |
| G01 Costais Draenála Talún | - | - | - | - | - | - | - | - |
| G02 Oibriú agus Cothabháil Céanna agus Calafort | 636,800 | 636,800 | 37,400 | 37,400 | 585,200 | 1,246,700 | 32,000 | 17,100 |
| G03 Cosaint an Chósta | - | - | - | - | - | - | - | - |
| G04 Seirbhís Tréidliachta | 1,132,900 | 1,132,900 | 356,100 | 356,100 | 1,034,500 | 1,057,800 | 342,700 | 356,100 |
| G05 Seirbhísí Tacaíochta Oideachais | 112,000 | 112,000 | 43,200 | 43,200 | 116,500 | 106,800 | 43,000 | 43,000 |
| G06 Seirbhísí Gníomhaireachta & Forchúitithe | - | - | - | - | - | - | - | - |
| **Rannóg G Iomlán** | **1,881,700** | **1,881,700** | **436,700** | **436,700** | **1,736,200** | **2,411,300** | **417,700** | **416,200** |

| TÁBLA B: Caiteachas agus Ioncam i gcomhair 2025 agus Toradh Measta i gcomhair 2024 | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2025 | | | | 2024 | | | |
| | Caiteachas | | Ioncam | | Caiteachas | | Ioncam | |
| **Rannóg & Seirbhísí** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomhfheidhmeannach /Méara €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomhfheidhmeannach /Méara €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| **H Seirbhísí Ilghnéitheacha** | | | | | | | | |
| H01 Cuntas Brabúis & Caillteanais Innealra | - | - | - | - | - | - | - | - |
| H02 Cuntas Brabúis & Caillteanais Stóras | 304,800 | 304,800 | - | - | 415,900 | 416,000 | - | - |
| H03 Riar Rátaí | 18,811,500 | 18,811,500 | 2,820,100 | 2,820,100 | 19,371,000 | 19,601,400 | 4,043,900 | 2,577,000 |
| H04 Costais Saincheadúnais | 513,600 | 513,600 | 48,600 | 48,600 | 888,100 | 1,527,100 | 101,100 | 56,300 |
| H05 Costais Oibrithe Marbhlainne agus Cróinéara | - | - | - | - | - | - | - | - |
| H06 Droichid Mheáite | 20,200 | 20,200 | - | - | 26,400 | 18,900 | - | - |
| H07 Oibriú Margaí agus Corrthrádáil | 1,200 | 1,200 | 70,500 | 70,500 | 1,100 | 1,100 | 70,500 | 80,500 |
| H08 Damáiste Mailíseach | - | - | - | - | - | - | - | - |
| H09 Ionadaíocht Áitiúil & Ceannaireacht Chathartha | 3,372,000 | 3,372,000 | 410,100 | 410,100 | 3,070,400 | 3,419,400 | 407,200 | 417,200 |
| H10 Mótarcháin | - | - | - | - | - | - | - | - |
| H11 Seirbhísí Gníomhaireachta & Forchúitithe | 568,000 | 568,000 | 26,344,800 | 26,344,800 | 652,300 | 628,400 | 24,759,200 | 29,702,600 |
| **Rannóg H Iomlán** | **23,591,300** | **23,591,300** | **29,694,100** | **29,694,100** | **24,425,200** | **25,612,300** | **29,381,900** | **32,833,600** |
| **IOMLÁN FORIOMLÁN** | **388,875,700** | **388,875,700** | **208,423,800** | **208,423,800** | **361,897,200** | **385,648,600** | **190,386,800** | **211,839,900** |

| TÁBLA C - RÍOMH AN CHOIGEARTAITHE BHONNBHLIANA | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | |
| | (i) | (ii) | (iii) | (iv) | (v) |
| An tÚdarás Rátaíochta | An Ráta Bliantúil ar Luacháil 2025 € | ARV Éifeachtach (Gan BYA san áireamh) 2025 € | Coigeartú Bonnbhliana 2025 € | Glanluacháil Éifeachtach € | Luach an Choigeartaithe Bhonnbhliana € |
| <u>Comhairle Contae Fhine Gall</u> | -<br>- | - | - | - | - |
| IOMLÁN | | | | - | - |

| Tábla D | | |
|---|---|---|
| **ANAILÍS AR IONCAM BUISÉID 2025 Ó EARRAÍ AGUS SEIRBHÍSÍ** | | |
| **Foinse Ioncaim** | **2025**<br>**€** | **2024**<br>**€** |
| Cíosanna ó Thithe | 29,630,200 | 26,783,600 |
| Ús & Muirir ar Iasachtaí Tithíochta | 4,114,500 | 4,016,900 |
| Fíneálacha & Muirir Pháirceála | 2,000,000 | 2,000,000 |
| Uisce Éireann | 8,776,900 | 15,586,300 |
| Táillí Pleanála | 1,880,500 | 1,790,300 |
| Táillí Dramhaíola Tí | 1,456,000 | 1,256,000 |
| Táillí Dramhaíola Tráchtála | - | - |
| Muirir Líonta Talún | - | - |
| Muirir Dóiteáin | 1,500,000 | 1,000,000 |
| Áineas/Conláistí/Cultúr | 666,200 | 706,200 |
| Seirbhísí Gníomhaireachta & Oibreacha Inaisíoctha | - | - |
| Ranníocaíochtaí Údaráis Áitiúil | 2,433,300 | 5,374,800 |
| Aoisliúntas | 2,165,100 | 2,164,500 |
| NPPR | 50,000 | 400,000 |
| Ioncam eile | 19,144,400 | 23,940,900 |
| **Earraí & Seirbhísí Iomlána** | **73,817,100** | **85,019,500** |

| Tábla E | | |
|---|---|---|
| **ANAILÍS AR IONCAM BUISÉID 2025 Ó DHEONTAIS & FÓIRDHEONTAIS** | | |
| | **2025**<br>**€** | **2024**<br>**€** |
| **An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta** | | |
| Tithíocht agus Foirgneamh | 91,477,800 | 74,374,100 |
| Iompar & Sábháilteacht ar Bhóithre | 3,914,400 | 3,914,400 |
| Seirbhísí Uisce | 6,274,600 | 1,431,000 |
| Bainistíocht Forbartha | 907,000 | 870,000 |
| Seirbhísí Timpeallachta | - | - |
| Áineas agus Conláistí | 75,000 | 75,000 |
| Talmhaíocht, Bia & Cúrsaí Mara | - | - |
| Seirbhísí Ilghnéitheacha | 20,878,800 | 14,407,100 |
| **Fo-iomlán** | **123,527,600** | **95,071,600** |
| **Ranna agus Comhlachtaí Eile** | | |
| TII Bonneagar Iompair Éireann | 750,000 | 855,000 |
| Na Meáin, Turasóireacht, Ealaín, Cultúr, Spórt & An Ghaeltacht | - | - |
| An tÚdarás Náisiúnta Iompair | 1,130,900 | 1,025,500 |
| Coimirce Shóisialach | - | - |
| Cosaint | - | - |
| Oideachas | - | - |
| Comhairle na Leabharlainne | - | - |
| An Chomhairle Ealaíon | 100,000 | 50,000 |
| Iompar | - | - |
| Dlí agus Cirt | - | - |
| Talmhaíocht, Bia & Cúrsaí Mara | 20,000 | 20,000 |
| Fiontar, Trádáil & Fostaíocht | 2,477,400 | 1,557,400 |
| Forbairt Tuaithe & Pobail | 3,861,300 | 956,100 |
| Comhshaol, Aeráid & Cumarsáid | 576,200 | 471,900 |
| Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann | - | - |
| Eile | 2,163,300 | 5,359,800 |
| **Fo-iomlán** | **11,079,100** | **10,295,700** |
| **Deontais & Fóirdheontais Iomlána** | **134,606,700** | **105,367,300** |

**Comhairle Contae Fhine Gall**

Fingal County Council

# Buiséad Reachtúil

## TÁBLAÍ F
## CAITEACHAS AGUS IONCAM

**RANNÓGA A-H**

# Rannóg A
# TITHÍOCHT & FOIRGNEAMH

Cuireann an Roinn Tithíochta Beartas Tithíochta Náisiúnta an Rialtais chun feidhme, lena n-áirítear *'Tithíocht do Chách - Plean Tithíochta Nua d'Éirinn'* ina sainaithnítear cosán chun na cuspóirí uileghabhálacha atá sonraithe sa Phlean a chomhlíonadh. Tacaíonn Buiséad Ioncaim 2025 le seirbhísí Tithíochta a chur ar fáil faoi na ceithre chosán sin:

- Tacú le húinéireacht tí agus inacmhainneacht a mhéadú
- Deireadh a chur le heaspa dídine, níos mó tithíochta sóisialta a chur ar fáil agus tacú le hionchuimsiú sóisialta
- Soláthar tithe nua a mhéadú
- Déileáil le folúntas agus úsáid éifeachtúil an stoic reatha

Cinntíonn an Roinn Tithíochta go bhfuil tithíocht ar fáil d'fhormhór na ndaoine leochaileacha sa tsochaí trí thacaíocht tithíochta sóisialta a chur ar fáil dóibh siúd nach bhfuil in ann cóiríocht a chur ar fáil dóibh féin óna gcuid acmhainní féin agus soláthraíonn sí seirbhísí agus tacaíochtaí do thionóntaí na Comhairle, dóibh siúd a bhfuil riachtanas tithíochta acu agus do shealbhóirí tí príobháideacha agus feidhmíonn sí go réamhghníomhach freisin chun tithe Inacmhainne le Ceannach a chur ar fáil. Le cois na dtacaíochtaí a thairgtear, spreagann foireann na Comhairle úinéireacht tí trí Iasachtaí Tí a chur ar fáil dóibh siúd atá incháilithe mar aon le tacú le daoine chun filleadh ar thithe folmha/tréigthe trí thairbhe a bhaint as deontais atá á gcur ar fáil tríd an Scéim Croí Cónaithe.

**BAINISTIÚ AGUS COTHABHÁIL TITHE ÚDARÁIS ÁITIÚIL**

Tá stoc tithíochta na Comhairle ag méadú go bliantúil de bhrí go bhfuil níos mó réadmhaoine á gcur ar fáil tríd an bpíblíne seachadta Tithíochta. Mar aon le tithe atá á dtógáil go díreach ag Comhairle Contae Fhine Gall, tá réadmhaoin á fáil trí éadálacha aonuaire agus soláthar Chuid V i bhforbairtí príobháideacha. Dá réir sin, tá ról ríthábhachtach ag bainistiú, ag cothabháil agus ag infhaighteacht seirbhísí bainistíochta eastáit freagracha chun a chinntiú go mbeidh pobail inbhuanaithe á bhforbairt.

Beidh breis is 6,800 teach á mbainistiú agus á gcothabháil ag Comhairle Contae Fhine Gall in 2025 agus táthar ag súil go mbeifear ag déileáil le 15,000 iarratas cothabhála. Chomh maith leis sin, beidh seirbhís bhliantúil á cur ar fáil do thart ar 5,000 suiteáil téimh baile, lena n-áirítear coirí gáis agus ola agus córais téimh in-athnuaite laistigh den stoc nua.

Tá tús áite á thabhairt do dheisiú agus d'athligean tithe gan chónaí agus meastar, ar an meán, go mbeidh thart ar 98% de thithe na Comhairle áitithe ag aon am ar leith i rith 2025.

Tá sé beartaithe ag an gComhairle obair chothabhála choisctheach a dhéanamh, lena n-áirítear péinteáil agus roinnt oibreacha siúinéireachta, i suas le 1,000 teach i rith 2025. Cuirfear coirí nua ar fáil ar bhonn éigeandála freisin. Leanfar leis na hoibreacha chun a chinntiú go mbeidh caighdeáin tithíochta á gcomhlíonadh. Lena chois sin, tá an Clár Iarfheistithe Éifeachtúlachta Fuinnimh (EERP) dírithe ar a chinntiú go bhfuil creatlach an

tí á huasghrádú agus cuimsítear sna hoibreacha insliú áiléir/cuasbhalla agus insliú sa bhalla seachtrach, fuinneoga agus doirse nua a chur ar fáil, teaschaidéal a shuiteáil agus oibreacha coimhdeacha.

Tá foráil ioncaim shuntasach de €2.75m curtha ar fáil in 2025 chun an Clár Oibreacha Caipitil a bhaineann lenár Stoc Tithíochta a mhaoiniú.

**BAINISTÍOCHT EASTÁIT**

Reáchtáil an Rannóg Bainistíochta Eastáit seacht gCúrsa Ionduchtúcháin do Thionóntaí in 2024 ar fhreastail tionóntaí nua uile na Comhairle orthu agus leanfar ar aghaidh leis na cúrsaí sin a chur ar fáil in 2025. Oibríonn an Rannóg Bainistíochta Eastáit le gach tionónta nua de chuid na Comhairle chun tionóntaí a spreagadh chun ról gníomhach a bheith acu i gcothabháil agus i gcuma a n-eastát & chun a bpobail a fhorbairt. Oibríonn foireann na Comhairle i ndlúthpháirt le gníomhaireachtaí agus le páirtithe leasmhara seachtracha chun iompar frithshóisialta a chosc, a laghdú agus a dhíothú ó na heastáit agus chun na torthaí is fearr agus is féidir a bhaint amach do na cónaitheoirí agus dá bpobail. I measc na n-oibreacha feabhsaithe eastáit d'fhéadfadh oibreacha cosúil le crainn a chur, cóiriú teorann agus graifití a bhaint a bheith san áireamh.

**CÓIRÍOCHT DO PHOBAL AN LUCHT SIÚIL**

Deimhníodh i gComhaireamh Bliantúil 2023 de Theaghlaigh den Lucht Siúil go bhfuil cónaí ar 587 Teaghlach den Lucht Siúil i bhFine Gall. Glacann an Chomhairle le Pobal an Lucht Siúil mar ghrúpa mionlaigh agus déanann sí iarracht cóiríocht atá oiriúnach dá chultúr a chur ar fáil, agus freastal ar riachtanais shóisialta shonracha Phobal an Lucht Siúil.

Cuirfear Dréachtchlár Cóiríochta an Lucht Siúil 2025 – 2029 faoi bhráid na mBall Tofa chun críche glacadh leis ag Cruinniú Mhí na Samhna 2024 na Comhairle. Trí chur chun feidhme Dhréachtchlár Cóiríochta an Lucht Siúil 2025 – 2029, déanfaidh Comhairle Contae Fhine Gall iarracht freastal ar riachtanais chóiríochta Phobal an Lucht Siúil ar de bhunadh an Chontae iad.

Le cois an mhaoinithe Chaipitil, tá foráil déanta do shuim de €2.6m do bhainistiú agus do chothabháil ár stoic shonraigh do Phobal an Lucht Siúil.

**SEIRBHÍSÍ DO DHAOINE GAN DÍDEAN**

Is seirbhís chomhroinnte é Feidhmeannas Réigiúnach Daoine gan Dídean Bhaile Átha Cliath atá á stiúradh ag Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath, an príomhúdarás reachtúil i Réigiún Bhaile Átha Cliath, chun an fhreagairt réigiúnach don easpa dídine a chomhordú. Leanfaidh Comhairle Contae Fhine Gall, trí bheith ag obair le hÚdaráis Áitiúla eile Bhaile Átha Cliath agus le Feidhmeannas Réigiúnach Daoine gan Dídean Bhaile Átha Cliath, le beartas reatha a chur chun feidhme agus le hobair a dhéanamh chun cuspóirí easpa dídine a chur chun feidhme agus chun easpa dídine a laghdú. Tá caiteachas €4.1m ar an tseirbhís seo curtha san áireamh sa bhuiséad in 2025.

Leanadh ar aghaidh le dul chun cinn suntasach a dhéanamh i rith 2024, agus leanfar ar aghaidh leis an obair sin in 2025, chun cabhrú le teaghlaigh agus le daoine aonair i bhFine Gall, atá gan dídean nó i mbaol a bheith gan dídean, chun teach a fháil. Meastar go maolófar imthosca easpa dídine thart ar 500 teaghlach trí chineálacha éagsúla tacaíochta

tithíochta sóisialta, lena n-áirítear scéim HAP Easpa Dídine Réigiún Bhaile Átha Cliath agus Tionónta in Situ.

Leanfar ar aghaidh le Seirbhísí Tacaíochta a chur ar fáil d'iarrthóirí easpa dídine nuair a ghlacann siad le tionóntacht trí sheirbhísí tacaíochta tionóntachta éagsúla lena n-áirítear Tacaíocht le haghaidh Maireachtáil Neamhspleách (SLÍ), a bhfuil Clann Shíomóin Bhaile Átha Cliath freagrach aisti, Cothabháil Tionóntachta Focus Ireland, HAIL (Cumann Tithíochta le haghaidh Maireachtáil Chomhtháite) agus Tithíocht ar dTús. Chomh maith leis sin, leithdháiltear tionóntachtaí eile ar iarrthóirí easpa dídine agus leochaileacha i gcomhar le Cumann Tithíochta Sophia, Iontaobhas Peter McVerry, Novas, Respond agus Anew.

Oibríonn Threshold chun tionóntachtaí a chosaint agus a chothabháil trí fhaisnéis a chur ar fáil dóibh siúd atá i mbaol a dteach a chailleadh i mBaile Átha Cliath. Is féidir teagmháil a dhéanamh le seirbhísí Threshold trí ghlaoch ar an uimhir SHAORGHLAO (1800 454 454).

Tá Feidhmeannas Réigiúnach Daoine gan Dídean Bhaile Átha Cliath ag leanúint ar aghaidh leis an gComhaireamh Débhliantúil ar Dhaoine a Chodlaíonn Amuigh a dhéanamh i dteannta leis na Foirne For-Rochtana agus le Comhairle Contae Fhine Gall.

**ÍOCAÍOCHT CÚNAIMH TITHÍOCHTA**

Tá tús áite á thabhairt ag an Rialtas do chur chun feidhme na hÍocaíochta Cúnaimh Tithíochta (HAP). Ó bunaíodh an scéim ar an 1 Márta 2017, tá 6,628 tionóntacht lena n-áirítear HAP do Dhaoine gan Dídean bunaithe go dtí deireadh Mheán Fómhair 2024.

Leanfaidh foireann HAP ar aghaidh ag cabhrú le hiarrthóirí chun socruithe tionóntachta HAP a bhunú i rith 2025.

**CÍOSANNA DIFREÁLACHA**

Faoi Scéim Cíosanna Difreálacha na Comhairle, ríomhtar cíosanna do thithe na Comhairle mar chéatadán (12%) den ghlanioncam inmheasúnaithe. Ó tharla go bhfuil an stoc tithíochta méadaithe, tá an Chomhairle ag súil le hioncam de €24.3m ó thithe atá ligthe ar cíos ag an údarás áitiúil in 2025.

**COMHLACHTAÍ CEADAITHE TITHÍOCHTA**

Tá Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (AHBanna) ag leanúint ar aghaidh le ról tábhachtach a bheith acu i soláthar tithíochta sóisialta agus tá an Chomhairle ag leanúint ar aghaidh ag obair i gcomhpháirt lena comhpháirtithe AHB chun soláthar a mhéadú tríd an tSaoráid Réamhléasaithe Caipitil, Morgáiste go Cíos agus Cúnamh Caipitil.

Tá ról lárnach ag tógáil agus ag léasú tithe nua, trí úsáid a bhaint as maoiniú príobháideach agus as Comhaontuithe Íocaíochta agus Infhaighteachta, chomh fada is a bhaineann le soláthar tithíochta sóisialta le hagaidh AHBanna a mhéadú. Foráladh do €51.5m in 2025. Lena chois sin, más cuí, oibreoidh an Chomhairle i gcomhpháirt le AHBanna chun soláthar teaghaisí nuathógtha faoi Chuid V a éascú.

Tá an Chomhairle ag leanúint ar aghaidh le tithe inacmhainne neamhdhíolta a léasú chuig AHBanna mar a fhoráiltear in Imlitir AHS/1/2009. Bhunaigh DHLGH meitheal inmheánach

chun machnamh a dhéanamh ar straitéis fhadtéarmach i gcomhair na dtithe inacmhainne neamhdhíolta sin.

**CIGIREACHTAÍ AR CHÓIRÍOCHT PHRÍOBHÁIDEACH AR CÍOS**

Tá feidhm reachtúil ag an gComhairle chun cigireachtaí a dhéanamh ar Chóiríocht Phríobháideach ar Cíos ina ceantar riaracháin agus rinneadh foráil de €1,092,700 in 2025 don chlár cigireachtaí pleanáilte.

**DEONTAS ATHCHÓIRITHE DO THITHE FOLMHA**

Táthar ag leanúint ar aghaidh ag tacú le Deontas Athchóirithe Croí Cónaithe (Tithe Folmha) agus é mar aidhm cabhrú le daoine filleadh ar réadmhaoin fholamh agus/nó thréigthe. Bhí an obair sin, i dteannta le leathnú na gcritéar incháilitheachta don scéim in 2023, mar bhonn le méadú ar iarratais agus ar cheadanna deontais. Tá 166 iarratas faighte agus 108 deontas ceadaithe suas go dtí deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2024. Tá foráil de €1.88m déanta i mBuiséad 2025.

**DEONTAIS OIRIÚNAITHE TITHE DO DHAOINE BREACAOSTA AGUS DAOINE FAOI MHÍCHUMAS**

Tá trí Scéim Deontais Oiriúnaithe Tithe ar fáil do Dhaoine Scothaosta agus do Dhaoine faoi Mhíchumas atá ina gcónaí i dteaghais phríobháideach. Tá na scéimeanna deontais sin i bhfeidhm ó mhí na Samhna 2007 agus leasaíodh iad le rialacháin a tháinig i bhfeidhm i mí Feabhra 2014.

Tá na scéimeanna faoi réir tástála acmhainne agus tá leibhéil deontais bunaithe ar bhandaí ioncaim. Bhí 348 iarratas ceadaithe ag deireadh Mheán Fómhair 2024. Tá foráil déanta do €4.4m do Dheontais Oiriúnaithe Tithe i mBuiséad Ioncaim 2025.

**IASACHTAÍ TÍ**

Riarann an Rannóg Iasachtaí Tithíochta iasachtaí ceannaigh tí agus bainistíonn sí sa bhreis ar 1,700 cuntas morgáiste gníomhach agus tá a luach iasachtaí de réir na leabhar cothrom le €136.5m faoi láthair. Sa Bhuiséad meastar go mbeidh €4.8m á bhailiú in ús & muirir iasachta i rith 2025.

Tá an-tóir fós ar an Iasacht Tithíochta Údaráis Áitiúil (LAHL), an iasacht tithíochta rialtais atá ar fáil faoi láthair d'iarrthóirí incháilithe. Ó bunaíodh an scéim i mí Eanáir 2022, tá 721 iarratas LAHL faighte agus tá Cead Iasachta i bPrionsabla eisithe ag an gComhairle lena mbaineann luach €51.5m. Is féidir le hiarrthóirí an Iasacht Tithíochta Údaráis Áitiúil a úsáid chun teach dara láimhe a cheannach nó chun teach nua a thógáil, lena n-áirítear an réadmhaoin Cheannaigh Inacmhainne atá fógartha mar réadmhaoin atá le díol ag an gComhairle i láthair na huaire.

**CÁIN MHAOINE ÁITIÚIL & CÁIN NA dTITHE FOLMHA**

Tá Comhairle Contae Fhine Gall faoi dhliteanas chun Cáin Mhaoine Áitiúil a íoc ar gach réadmhaoin tithíochta sóisialta. Tá réadmhaoin uile na Comhairle aicmithe i mBanda Luachála 1 €0 - €200,000.

Chomh maith leis sin, tá Comhairle Contae Fhine Gall faoi dhliteanas chun Cáin na dTithe Folmha a íoc ar réadmhaoin tithíochta sóisialta a úsáideadh mar theaghais i gcomhair níos lú ná 30 lá sa tréimhse idir an 1 Samhain 2023 agus an 31 Deireadh Fómhair 2024.

Tá figiúr de €465,000 curtha ar fáil chun an Cháin Mhaoine Áitiúil & Cáin na dTithe Folmha a íoc in 2025.

**COSTAIS TACAÍOCHTA SEIRBHÍSE**


I ngach rannóg cuimsítear cionroinnt costas riaracháin agus forchostas ginearálta nach bhfuil inmhuirearaithe go díreach do rannóg shonrach. Grúpáiltear na costais sin mar 'costais tacaíochta seirbhíse' agus cuimsítear iontu costais chóiríochta oifige, tuarastail nach bhfuil inmhuirearaithe go díreach do rannóg áirithe, pinsin, aiscí scoir, seirbhísí ríomhaireachta, costais dlí, postas, teileafón, priontáil, stáiseanóireacht agus fógraíocht.

Tá na forchostais sin leithdháilte ar Rannóga agus ar Sheirbhísí bunaithe ar spreagthaí costais náisiúnta.

# A – Tithíocht & Foirgneamh


## Caiteachas

| | | |
|---|---|---|
| A01 | Cothabháil & Feabhsú Aonaid Tithíochta an Údaráis Áitiúil | €15,535,800 |
| A02 | Measúnú, Leithdháileadh agus Aistriú Tithíochta | €2,759,800 |
| A03 | Riar Cíosanna Tithíochta agus Ceannaigh ag Tionóntaí | €2,618,000 |
| A04 | Tacaíocht d'Fhorbairt Tithíochta Pobail | €2,106,500 |
| A05 | Riar Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean | €5,290,800 |
| A06 | Tacaíocht don Chlár Caipitil Tithíochta | €11,873,900 |
| A07 | RAS & Clár Léasaithe | €79,528,900 |
| A08 | Iasachtaí Tithíochta | €5,906,400 |
| A09 | Deontais Tithíochta | €6,832,300 |
| A11 | Seirbhísí Gníomhaireachta & Forchúitithe | €2,401,300 |
| A12 | Clár HAP | €908,500 |
| | | **€135,762,200** |




## Ioncam

| | |
|---|---|
| Deontais DHLGH (Lena n-áirítear Deontais & Fóirdheontais Eile) | €91,479,800 |
| Cíos ó Thithe | €29,630,200 |
| Iasachtaí, Ús & Muirir Thithíochta | €4,114,500 |
| Ioncam Eile | €1,335,700 |
| Ranníocaíochtaí Údaráis Áitiúil | €570,000 |
| Aoisliúntas | €304,100 |
| | **€127,434,300** |



| Tábla F - Caiteachas | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Rannóg A - Tithíocht agus Foirgneamh** | | | | |
| | **2025** | | **2024** | |
| **Caiteachas de réir na Seirbhíse agus na Fosheirbhíse** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomhfheidhmeannach /Méara €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| A0101 Cothabháil Aonad Tithíochta ÚÁ | 10,108,400 | 10,108,400 | 9,798,000 | 9,279,600 |
| A0102 Cothabháil Aonad Cóiríochta don Lucht Siúil | 1,665,800 | 1,665,800 | 1,869,100 | 1,584,400 |
| A0103 Bainistíocht Cóiríochta don Lucht Siúil | 1,670,800 | 1,670,800 | 1,476,200 | 1,421,100 |
| A0104 Cothabháil Eastáit | - | - | - | - |
| A0199 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 2,090,800 | 2,090,800 | 1,921,500 | 1,978,100 |
| **A01 Cothabháil & Feabhsú Aonad Tithíochta ÚÁ** | **15,535,800** | **15,535,800** | **15,064,800** | **14,263,200** |
| A0201 Measúnú ar Riachtanais Tithíochta, Leithdháiltí & Iompar | 1,481,500 | 1,481,500 | 1,310,600 | 1,406,600 |
| A0299 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 1,278,300 | 1,278,300 | 971,200 | 993,800 |
| **A02 Measúnú, Leithdháileadh agus Aistriú Tithíochta** | **2,759,800** | **2,759,800** | **2,281,800** | **2,400,400** |
| A0301 Bainistiú Fiach & Measúnú Cíosa | 1,362,400 | 1,362,400 | 1,141,700 | 1,209,000 |
| A0399 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 1,255,600 | 1,255,600 | 1,195,700 | 1,223,900 |
| **A03 Riar Cíosanna Tithíochta agus Ceannaigh ag Tionóntaí** | **2,618,000** | **2,618,000** | **2,337,400** | **2,432,900** |
| A0401 Bainistíocht Eastáit Tithíochta | 633,800 | 633,800 | 625,300 | 605,100 |
| A0402 Bainistíocht Tionóntachta | 563,700 | 563,700 | 639,600 | 518,100 |
| A0403 Seirbhís Tithíochta Sóisialta agus Pobail | - | - | - | - |
| A0499 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 909,000 | 909,000 | 1,205,400 | 1,244,900 |
| **A04 Tacaíocht d'Fhorbairt Tithíochta Pobail** | **2,106,500** | **2,106,500** | **2,470,300** | **2,368,100** |
| A0501 Deontais do Dhaoine gan Dídean Comhlachtaí Eile | 4,785,100 | 4,785,100 | 3,140,100 | 4,604,700 |
| A0502 Seirbhís do Dhaoine gan Dídean | - | - | - | - |
| A0599 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 505,700 | 505,700 | 482,200 | 493,300 |
| **A05 Riar na Seirbhíse do Dhaoine gan Dídean** | **5,290,800** | **5,290,800** | **3,622,300** | **5,098,000** |
| A0601 Tacaíocht Theicniúil agus Riaracháin | 3,733,200 | 3,733,200 | 3,412,900 | 3,621,000 |
| A0602 Muirir Iasachta | 5,642,800 | 5,642,800 | 5,568,300 | 5,756,900 |
| A0699 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 2,497,900 | 2,497,900 | 2,052,700 | 2,102,100 |
| **A06 Tacaíocht don Chlár Caipitil Tithíochta** | **11,873,900** | **11,873,900** | **11,033,900** | **11,480,000** |
| A0701 Oibríochtaí RAS | 6,192,800 | 6,192,800 | 6,779,200 | 6,035,900 |
| A0702 Léasú Fadtéarmach | 17,785,200 | 17,785,200 | 13,018,100 | 13,079,700 |
| A0703 Íocaíocht & Infhaighteacht | 51,548,200 | 51,548,200 | 39,653,600 | 39,777,900 |
| A0704 Léasanna Inacmhainne | 2,070,800 | 2,070,800 | 2,089,700 | 2,163,300 |
| A0799 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 1,931,900 | 1,931,900 | 2,058,200 | 2,142,600 |
| **A07 Clár RAS & Léasaithe** | **79,528,900** | **79,528,900** | **63,598,800** | **63,199,400** |
| A0801 Ús Iasachta agus Muirir Eile | 4,706,000 | 4,706,000 | 4,736,800 | 4,663,000 |
| A0802 Bainistiú Fiach Iasachtaí Tithíochta | 153,500 | 153,500 | 119,000 | 112,500 |
| A0899 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 1,046,900 | 1,046,900 | 1,019,900 | 980,700 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **A08 Iasachtaí Tithíochta** | **5,906,400** | **5,906,400** | **5,875,700** | **5,756,200** |

**Tábla F - Caiteachas**

**Rannóg A - Tithíocht agus Foirgneamh**

| **Caiteachas de réir na Seirbhíse agus na Fosheirbhíse** | **2025** | | **2024** | |
|---|---|---|---|---|
| | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomhfheidhmeannach /Méara €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| A0901 Scéim Deontais Oiriúnaithe Tithe | 3,222,800 | 3,222,800 | 3,047,600 | 2,553,000 |
| A0902 Muirir Iasachta DPG/ERG | - | - | - | - |
| A0903 Deontais Deisiúchán Riachtanach | 1,238,600 | 1,238,600 | 556,300 | 966,100 |
| A0904 Íocaíochtaí Deontas Tithíochta Eile | 1,878,000 | 1,878,000 | 1,699,800 | 1,767,200 |
| A0905 Deontais Tithíochta na nÁiseanna Soghluaisteachta | 128,500 | 128,500 | 175,200 | 100,000 |
| A0999 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 364,400 | 364,400 | 371,200 | 358,000 |
| **A09 Deontais Tithíochta** | **6,832,300** | **6,832,300** | **5,850,100** | **5,744,300** |
| A1101 Seirbhís Gníomhaireachta & Forchúitithe | 2,128,000 | 2,128,000 | 4,066,800 | 2,294,600 |
| A1199 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 273,300 | 273,300 | 240,500 | 248,000 |
| **A11 Seirbhísí Gníomhaireachta & Forchúitithe** | **2,401,300** | **2,401,300** | **4,307,300** | **2,542,600** |
| A1201 Costais Oibriúcháin HAP | - | - | - | - |
| A1202 Seirbhísí Gníomhaireachta HAP | - | - | - | - |
| A1299 Costais Tacaíochta Seirbhíse HAP | 908,500 | 908,500 | 756,100 | 809,600 |
| **A12 Clár HAP** | **908,500** | **908,500** | **756,100** | **809,600** |
| **Rannóg A Iomlán** | **135,762,200** | **135,762,200** | **117,198,500** | **116,094,700** |

| Tábla F - Ioncam | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Rannóg A - Tithíocht agus Foirgneamh** | | | | |
| | **2025** | | **2024** | |
| **Ioncam de réir Foinse** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomhfheidhmeannach €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| **Deontais & Fóirdheontais Rialtais** | | | | |
| Tithíocht, Rialtas Áitiúil & Oidhreacht | 91,477,800 | 91,477,800 | 74,374,100 | 74,294,100 |
| Eile | 2,000 | 2,000 | 2,124,200 | 346,700 |
| **Deontais & Fóirdheontais Rialtais Iomlána** | **91,479,800** | **91,479,800** | **76,498,300** | **74,640,800** |
| **Earraí & Seirbhísí** | | | | |
| Cíosanna ó Thithe | 29,630,200 | 29,630,200 | 26,783,600 | 28,995,100 |
| Ús & Muirir ar Iasachtaí Tithíochta | 4,114,500 | 4,114,500 | 4,016,900 | 4,147,300 |
| Aoisliúntas | 304,100 | 304,100 | 280,500 | 280,500 |
| Seirbhísí Gníomhaireachta & Oibreacha Inaisíoctha | - | - | - | - |
| Ranníocaíochtaí Údaráis Áitiúil | 570,000 | 570,000 | 400,000 | 560,000 |
| Ioncam eile | 1,335,700 | 1,335,700 | 803,600 | 1,445,200 |
| **Earraí & Seirbhísí Iomlána** | **35,954,500** | **35,954,500** | **32,284,600** | **35,428,100** |
| **Rannóg A Iomlán** | **127,434,300** | **127,434,300** | **108,782,900** | **110,068,900** |

# Rannóg B
# IOMPAR & SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

**COTHABHÁIL BÓITHRE RÉIGIÚNACHA AGUS ÁITIÚLA**

Tá foráil déanta don chlár inbhuanaitheachta leantach de chothabháil agus d'fheabhsú ginearálta an 1,480km de bhóithre réigiúnacha agus áitiúla sa Chontae. San áireamh ansin tá cothabháil agus uasghrádú leantach ár mbóithre agus ár gcosán poiblí chun an t-aistriú córa iompair chuig siúl agus rothaíocht a spreagadh. Tá foráil déanta do chothabháil droichid, deisiú sclaigeanna, glanadh silteán, cothabháil agus athsholáthar comharthaí bóthair agus ainmchlár, gearradh féir, bearradh ciumhaise agus athnuachan marcanna agus rianóirí bóthair.

**CLÁR ATHCHÓIRITHE DO BHÓITHRE RÉIGIÚNACHA AGUS ÁITIÚLA**

Táthar ag leanúint ar aghaidh le hathléimneacht ár mbóithre réigiúnacha agus áitiúla de réir na Straitéise um Oiriúnú don Athrú Aeráide agus tá suim €3.9M á cur ar fáil sa bhuiséid do Leithdháileadh na Cáine Maoine Áitiúla chun clár d'oibreacha atógála bóthair a mhaoiniú, mar aon le hoibreacha athchóirithe dromchla agus cóiriú dromchla. Cuimseofar an Feabhsú Athchóirithe oibreacha sa Chlár Oibre atá le ceadú ag gach Coiste Ceantair.

**TRÁCHT / SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE**

Tá Comhairle Contae Fhine Gall tiomanta do shábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú ar fud an Chontae. Déantar é sin trí oideachas, measúnú, meastóireacht agus suiteáil beart moillithe tráchta innealtóireachta éagsúil cosúil le rampaí, síntí cosáin, comharthaíocht, teannadh acomhail agus mullaird etc. Táthar ag leanúint ar aghaidh ag obair ar chothabháil agus ar uasghrádú an líonra comharthaíochta tráchta ar fud an Chontae. De réir Ordaithe ón Aire tá obair á déanamh ar chur chun feidhme na luasteorann réamhshocraithe Náisiúnta laghdaithe ó 80km/u go dtí 60km/u ar Bhóithre Tuaithe Áitiúla.

**SOILSIÚ POIBLÍ**

In 2025 tá sé beartaithe €4.6M a chaitheamh ar shoilsiú poiblí - €3.9M chun breis is 35,500 solas poiblí sa Chontae a chothabháil lena n-áirítear foráil fuinnimh i gcomhair 2,400 solas agus soilse bealaí tráchta ar an M1, an M2 agus ar phríomhbhóithre náisiúnta an N3. Tá Soilse LED suiteáilte in ionad 100% dár soilse poiblí rud a chiallaíonn go bhfuil an tseirbhís níos inbhuanaithe agus níos tíosaí ar fhuinneamh. Táthar ag leanúint ar aghaidh le 3,500 solas poiblí a athsholáthar atá á n-athrú go soilse gorma agus tá an obair seo á déanamh ar fud an Chontae. Go dtí seo, tá 1,800 solas nua curtha ar fáil agus tá thart ar 1,700 solas fós le hathrú ar fud an Chontae.

Tá foráil bhreise curtha san áireamh don chlár athsholáthair colún/uasghrádaithe cáblaí. Leanfar ar aghaidh le hathsholáthar soilsithe i bPáirceanna Uile-Aimsire le LED agus le hathsholáthar soilsithe i spásanna oscailte poiblí más cuí agus cuireadh €115,000 breise ar fáil. Tá €366,000 curtha ar fáil do shoilsiú poiblí sa Chlár Oibreacha Ceantair i gcomhair 2025.

## SPÁSANNA PÁIRCEÁLA DO CHARRANNA – SCÉIMEANNA ÍOC AGUS TAISPEÁIN

Tá glanioncam de €1.08M curtha san áireamh sa bhuiséad ag an gComhairle ó scéimeanna Íoc agus Taispeáin a bhfuil an Chomhairle freagrach astu in 2025. I gceantair ina bhfuil neart spásanna páirceála do charranna, leithdháilfear spásanna íoc agus taispeáin atá ann faoi láthair do spásanna páirceála do rothair.

## CLÁR OIBREACHA CEANTAIR 2025

Tá an Clár Oibreacha Oibríochtaí d'Oibreacha Speisialta, Trácht agus Soilsiú Poiblí i gcomhair 2025 cosúil leis an bhforáil a rinneadh in 2024 - €2,874,000 - agus tá fianaise ar an méid sin le fáil i mBóithre Réigiúnacha agus Áitiúla, Trácht agus Soilsiú Poiblí. Dírítear san fhoráil ar bhóithre, cosáin, bearta tráchta agus soilsiú poiblí. Cuirfear an clár oibreacha ceantair iomlán faoi bhráid gach Coiste Ceantair le ceadú ag na Baill Cheantair i mí Eanáir 2025.

## GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE

Tá roinnt gníomhartha sainaitheanta i bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024-2029 agus foráiltear sa bhuiséad ioncaim d'fheabhsú agus do leithdháileadh bóithre agus spáis sráide a thacaíonn le taisteal gníomhach agus a fheabhsaíonn an spás poiblí atá le húsáid ag cách.

## TAISTEAL GNÍOMHACH

Tá an tAonad Taistil Ghníomhaigh ag forbairt saoráidí siúil agus rothaíochta ar ardchaighdeán chun daoine a spreagadh chun athrú chuig taisteal gníomhach agus cuirfidh sé sin le maolú riachtanach an athraithe aeráide. Tá maoiniú agus acmhainní tiomanta san áireamh i bPlean Feidhmithe 5 Bliana NTA 2021-2025. Tá foráil déanta do mhaoiniú an bhonneagair nua sa chlár Caipitil a cuireadh faoi bhráid na mball i mí Dheireadh Fómhair. Tá breis is 40 Tionscadal Taistil Ghníomhaigh san áireamh sa chlár. Tá maoiniú le haghaidh na dtionscnamh cur chun cinn agus athraithe iompraíochta éagsúil san áireamh sa Bhuiséad Ioncaim.

### Sábháilteacht ar Bhóithre

### Maoir Scoile

I láthair na huaire, tá 98 maor scoile fostaithe ag Comhairle Contae Fhine Gall, agus tá 14 maor taca san áireamh san fhigiúr sin. Líonfar folúntais reatha ó phainéil atá bunaithe do mhaoir scoile cheana féin.

Faoi láthair, tá scoil amháin i gceantar Fhine Gall páirteach i **Scéim na Maor Scoile Sóisearach**. Ghlac thart ar 40 dalta as rang a sé i Scoil Náisiúnta an Rois páirt sa Scéim don bhliain acadúil 2023/24.

Tá sé beartaithe níos mó scoileanna a spreagadh chun páirt a ghlacadh sa scéim sna blianta amach romhainn.

### Soghluaisteacht & Athrú Iompraíochta

Tá ár mbeirt Oifigeach Rothaíochta agus Siúil a ceapadh in 2022 ag tacú ar bhonn gníomhach le soghluaisteacht agus le hathrú iompraíochta trí roinnt tionscnamh.

### Rothaíocht do Gach Aois

Tá an tionscnamh seo anois ar siúl i bPáirc San Caitríona, Baile Dúill, Seantrabh agus na Sceirí agus tá an-tóir air.

**Cúrsa chun Cabhrú le Daoine Faoi Mhíchumas Foghlaim Conas Rothaíocht**
Reáchtáiltear ár gCúrsa chun Cabhrú le Daoine Faoi Mhíchumas Foghlaim Conas Rothaíocht i rith na bliana agus eagraítear cúrsaí in áiteanna éagsúla i nDomhnach Bat, Gleann na hAbhann, Coill na nÚll, Baile an Phléimeannaigh, Port Mearnóg, Cois Bá-Cill Fhionntain agus in áiteanna éagsúla i mBaile Átha Cliath 15.

**Tá foireann an Aonaid Taistil Ghníomhaigh ag obair ar bhonn réamhghníomhach chun baill den phobal a spreagadh chun a bheith níos gníomhaí agus i measc na rudaí atá eagraithe acu tá:**

- Ceachtanna Rothaíochta d'Aosaigh
- Imeachtaí Rothaíochta don Phobal
- Grúpaí Siúil & Cainte
- Busanna Siúil & Rothaíochta
- Tolg go Rothar
- Cúrsaí Oiliúna faoin Rothar Cothromaíochta
- Ceardlanna STEM agus Rothaíochta
- Cúrsaí Scileanna Cothabhála Rothair do Chailíní i Rang na hIdirbhliana
- Leabharlann Rothar Ongar
- Laethanta Sráide Scoile
- Aoine Amuigh faoin Aer
- Ullamh don Gheimhreadh Seiceálacha ABC Rothar
- Rothair r-Lastais do Ghrúpaí Pobail
- Laethanta 'Bain Triail as Rothar'
- Cúrsaí do Phíolótaí Rothaíochta Tandaim

**Chomh maith leis sin, tá an Fhoireann Taistil Ghníomhaigh páirteach i roinnt imeachtaí náisiúnta agus áitiúla a reáchtáiltear i rith na bliana mar seo a leanas:**


- Seachtain na Rothar
- An tSeachtain Eorpach um Shoghluaisteacht
- EDWARD
- An Lá Domhanda Saor ó Charranna
- Blasanna Fhine Gall
- An tSeachtain um Ghníomhú ar son na hAeráide
- Seachtain na hOidhreachta
- Imeachtaí Spraoi do Theaghlaigh i.e., Dioscó Rothaíochta, Imeacht Rothaíochta Dhaidí na Nollag, Lá Sráide Scoile

**Roinnt Rothar**
Chuir an Chomhairle críoch le tairiscint do scéim roinnte rothar don Chontae le déanaí. Ciallaíonn an fhoráil sa Bhuiséad gur féidir leanúint ar aghaidh leis an tseirbhís in 2025.

# B – Iompar & Sábháilteacht ar Bhóithre


## Caiteachas

| | | |
|---|---|---|
| B03 | Bóthar Réigiúnach - Cothabháil agus Feabhsú | €12,972,100 |
| B04 | Bóthar Áitiúil - Cothabháil agus Feabhsú | €13,568,400 |
| B05 | Soilsiú Poiblí | €4,976,900 |
| B06 | Feabhsú Bainistíochta Tráchta | €4,985,300 |
| B08 | Cur Chun Cinn & Oideachas Sábháilteachta ar Bhóithre | €3,447,900 |
| B09 | Carrchlós | €995,900 |
| B10 | Tacaíocht don Chlár Caipitil Bóithre | €2,361,600 |
| B11 | Seirbhísí Gníomhaireachta & Forchúitithe | €713,600 |
| | | **€44,021,700** |




## Ioncam

| | |
|---|---|
| DHLGH | €3,914,400 |
| Deontais TII & NTA | €1,880,900 |
| Fíneálacha & Muirir Pháirceála | €2,000,000 |
| Ioncam Eile | €1,542,600 |
| Aoisliúntas | €311,000 |
| | **€9,648,900** |



| Tábla F - Caiteachas | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Rannóg B - Iompar & Sábháilteacht ar Bhóithre** | | | | |
| | **2025** | | **2024** | |
| **Caiteachas de réir na Seirbhíse agus na Fosheirbhíse** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomhfheidhmeannach /Méara €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| B0101 NP - Cóiriú Dromchla | - | - | - | - |
| B0102 NP - Forleagan/Atógáil Cosáin | - | - | - | - |
| B0103 NP - Oibreacha Cothabhála Geimhridh | - | - | - | - |
| B0104 NP - Oibreacha Cothabhála Droichid (Eirspan) | - | - | - | - |
| B0105 NP - Cothabháil Ghinearálta | - | - | - | - |
| B0106 NP - Oibreacha Feabhsúcháin Ginearálta | - | - | - | - |
| B0199 Costais Tacaíochta Seirbhíse | - | - | - | - |
| **B01 NP Cothabháil agus Feabhsú Bóithre** | **-** | **-** | **-** | **-** |
| B0201 NS - Cóiriú Dromchla | - | - | - | - |
| B0202 NS - Forleagan/Atógáil | - | - | - | - |
| B0203 NS - Forleagan/Atógáil – Uirbeach | - | - | - | - |
| B0204 NS - Oibreacha Cothabhála Geimhridh | - | - | - | - |
| B0205 NS - Oibreacha Cothabhála Droichid (Eirspan) | - | - | - | - |
| B0206 NS - Cothabháil Ghinearálta | - | - | - | - |
| B0207 NS - Oibreacha Feabhsúcháin Ginearálta | - | - | - | - |
| B0299 Costais Tacaíochta Seirbhíse | - | - | - | - |
| **B02 NS Cothabháil agus Feabhsú Bóithre** | **-** | **-** | **-** | **-** |
| B0301 Cóiriú Dromchla Bóithre Réigiúnacha | 19,300 | 19,300 | 28,700 | 17,800 |
| B0302 Athchóiriú Dromchla Bóithre Rialta/Atógáil/Forleagan Bóithre | 1,916,200 | 1,916,200 | 1,916,200 | 670,200 |
| B0303 Bóthar Réigiúnach Cothabháil an Gheimhridh | 315,200 | 315,200 | 370,300 | 303,500 |
| B0304 Bóthar Réigiúnach Cothabháil Droichid | 75,000 | 75,000 | 75,000 | 77,400 |
| B0305 Bóthar Réigiúnach Oibreacha Cothabhála Ginearálta | 5,924,900 | 5,924,900 | 5,668,000 | 5,853,900 |
| B0306 Bóthar Réigiúnach Oibreacha Feabhsúcháin Ginearálta | - | - | - | - |
| B0399 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 4,721,500 | 4,721,500 | 4,217,000 | 3,975,700 |
| **B03 Bóthar Réigiúnach - Cothabháil agus Feabhsú** | **12,972,100** | **12,972,100** | **12,275,200** | **10,898,500** |
| B0401 Cóiriú Dromchla Bóithre Áitiúla | 277,000 | 277,000 | 277,000 | 252,200 |
| B0402 Athchóiriú Dromchla Bóithre Áitiúla/Atógáil/Forleagan Bóithre | 2,160,800 | 2,160,800 | 1,983,800 | 3,168,000 |
| B0403 Bóithre Áitiúla Cothabháil an Gheimhridh | 320,400 | 320,400 | 356,400 | 317,100 |
| B0404 Bóithre Áitiúla Cothabháil Droichid | 120,800 | 120,800 | 104,300 | 107,300 |
| B0405 Bóithre Áitiúla Oibreacha Cothabhála Ginearálta | 8,137,000 | 8,137,000 | 8,164,800 | 7,936,700 |
| B0406 Bóithre Áitiúla Oibreacha Feabhsúcháin Ginearálta | 185,000 | 185,000 | 15,300 | 875,000 |
| B0499 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 2,367,400 | 2,367,400 | 2,279,100 | 2,264,200 |
| **B04 Bóthar Áitiúil - Cothabháil agus Feabhsú** | **13,568,400** | **13,568,400** | **13,180,700** | **14,920,500** |
| B0501 Soilsiú Poiblí Costais Oibriúcháin | 3,206,500 | 3,206,500 | 3,713,500 | 3,288,500 |
| B0502 Feabhsú an tSoilsithe Phoiblí | 1,464,300 | 1,464,300 | 1,016,500 | 1,012,500 |
| B0599 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 306,100 | 306,100 | 336,500 | 343,500 |

| B05 Soilsiú Poiblí | 4,976,900 | 4,976,900 | 5,066,500 | 4,644,500 |
|---|---|---|---|---|

**Tábla F - Caiteachas**

**Rannóg B - Iompar & Sábháilteacht ar Bhóithre**

| Caiteachas de réir na Seirbhíse agus na Fosheirbhíse | 2025 | | 2024 | |
|---|---|---|---|---|
| | Arna ghlacadh ag an gComhairle € | Measta ag an bPríomhfheidhmeannach /Méara € | Arna ghlacadh ag an gComhairle € | Toradh Measta € |
| B0601 Bainistíocht Tráchta | - | - | - | - |
| B0602 Cothabháil Tráchta | 3,719,600 | 3,719,600 | 3,730,800 | 3,808,200 |
| B0603 Bearta Feabhsaithe Tráchta | 187,000 | 187,000 | 180,000 | 184,200 |
| B0699 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 1,078,700 | 1,078,700 | 1,215,300 | 1,258,800 |
| **B06 Feabhsú Bainistíochta Tráchta** | **4,985,300** | **4,985,300** | **5,126,100** | **5,251,200** |
| B0701 Bearta Leasúcháin Ísealchostais | - | - | - | - |
| B0702 Feabhsuithe Innealtóireachta Eile | - | - | - | - |
| B0799 Costais Tacaíochta Seirbhíse | - | - | - | - |
| **B07 Feabhsú Innealtóireachta Sábháilteacht ar Bhóithre** | **-** | **-** | **-** | **-** |
| B0801 Maoir Scoile | 1,091,700 | 1,091,700 | 1,055,100 | 1,073,000 |
| B0802 Poiblíocht agus Cur Chun Cinn Sábháilteacht ar Bhóithre | 708,400 | 708,400 | 691,200 | 554,900 |
| B0899 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 1,647,800 | 1,647,800 | 1,941,600 | 1,955,100 |
| **B08 Cur Chun Cinn & Oideachas Sábháilteachta ar Bhóithre** | **3,447,900** | **3,447,900** | **3,687,900** | **3,583,000** |
| B0901 Cothabháil agus Bainistiú Carrchlós | - | - | - | - |
| B0902 Oibriú Páirceáil Sráide | 914,100 | 914,100 | 912,700 | 937,900 |
| B0903 Forfheidhmiú Páirceála | - | - | - | - |
| B0999 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 81,800 | 81,800 | 80,400 | 83,900 |
| **B09 Spásanna Páirceála do Charranna** | **995,900** | **995,900** | **993,100** | **1,021,800** |
| B1001 Riar an Chláir Chaipitil Bóithre | 1,349,500 | 1,349,500 | 1,044,300 | 1,304,600 |
| B1099 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 1,012,100 | 1,012,100 | 1,079,800 | 1,117,400 |
| **B10 Tacaíocht don Chlár Caipitil Bóithre** | **2,361,600** | **2,361,600** | **2,124,100** | **2,422,000** |
| B1101 Seirbhís Gníomhaireachta & Forchúitithe | 426,300 | 426,300 | 400,300 | 316,000 |
| B1199 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 287,300 | 287,300 | 295,800 | 431,800 |
| **B11 Seirbhísí Gníomhaireachta & Forchúitithe** | **713,600** | **713,600** | **696,100** | **747,800** |
| **Rannóg B Iomlán** | **44,021,700** | **44,021,700** | **43,149,700** | **43,489,300** |

| Tábla F - Ioncam | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Rannóg B - Iompar & Sábháilteacht ar Bhóithre** | | | | |
| | **2025** | | **2024** | |
| **Ioncam de réir Foinse** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomhfheidh meannach €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| **Deontais & Fóirdheontais Rialtais** | | | | |
| Tithíocht, Rialtas Áitiúil & Oidhreacht | 3,914,400 | 3,914,400 | 3,914,400 | 3,914,400 |
| TII Bonneagar Iompair Éireann | 750,000 | 750,000 | 855,000 | 750,000 |
| Na Meáin, Turasóireacht, Ealaín, Cultúr, Spórt & An Ghaeltacht | - | - | - | - |
| An tÚdarás Náisiúnta Iompair | 1,130,900 | 1,130,900 | 1,025,500 | 1,064,700 |
| Iompar | - | - | - | - |
| Forbairt Tuaithe & Pobail | - | - | - | - |
| Eile | 7,600 | 7,600 | 400 | 5,200 |
| **Deontais & Fóirdheontais Rialtais Iomlána** | **5,802,900** | **5,802,900** | **5,795,300** | **5,734,300** |
| **Earraí & Seirbhísí** | | | | |
| Fíneálacha & Muirir Pháirceála | 2,000,000 | 2,000,000 | 2,000,000 | 2,144,700 |
| Aoisliúntas | 311,000 | 311,000 | 304,100 | 304,100 |
| Seirbhísí Gníomhaireachta & Oibreacha Inaisíoctha | - | - | - | - |
| Ranníocaíochtaí Údaráis Áitiúil | - | - | - | - |
| Ioncam eile | 1,535,000 | 1,535,000 | 1,514,500 | 1,598,000 |
| **Earraí & Seirbhísí Iomlána** | **3,846,000** | **3,846,000** | **3,818,600** | **4,046,800** |
| **Rannóg B Iomlán** | **9,648,900** | **9,648,900** | **9,613,900** | **9,781,100** |

# Rannóg C
# SEIRBHÍSÍ UISCE

**SEIRBHÍSÍ SOLÁTHAIR UISCE & FUÍOLLUISCE**

Tá na seirbhísí uisce phoiblí, cóireála agus soláthair uisce agus soláthar seirbhísí fuíolluisce (séarach bréan) ar fad á gcur ar fáil ag Uisce Éireann.

**COSTAIS SEIRBHÍSE TACAÍOCHTA UISCE ÉIREANN AGUS FHINE GALL**

De réir an Mháistir-chomhaontaithe Comhoibrithe, a síníodh ar an 5 Bealtaine 2023 idir an Chomhairle agus Uisce Éireann, tá an Comhaontú Seirbhíse Tacaíochta (CST) riachtanach idir an dá pháirtí curtha i gcrích. Sa CST clúdaítear réimsí tacaíochta don bheirt pháirtí i rith an aistrithe idir an t-am i láthair agus deireadh 2026 agus foráiltear ann do na costais tabhaithe ag an gComhairle thar ceann Uisce Éireann, lena n-áirítear:

- Párolla & Taisteal agus Cothú d['fhoireann uile seirbhísí uisce an údaráis áitiúil
- Seirbhísí Airgeadais
- Seirbhísí Tacaíochta TF agus Teileachumarsáid
- Úsáid Oifigí agus Iostaí
- Stórais agus áiseanna
- Seirbhísí Flít
- Sláinte agus Sábháilteacht
- Folláine

Tá foireann na Comhairle á haistriú faoi láthair agus tá an rogha ag an bhfoireann fanacht ag obair don Chomhairle nó a bheith ag obair do Uisce Éireann. Faoi gComhaontú Seirbhíse Tacaíochta (CST) idir an Chomhairle agus Uisce Éireann, leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh le costais Phárolla a íoc d'fhoireann seirbhísí uisce uile Fhine Gall go dtí deireadh 2026.

Tá foráil déanta i Rannóg C le haghaidh na gcostas sin a bheidh á bhforchúiteamh ó Uisce Éireann.

**SEIRBHÍSÍ UISCE STOIRME**

Beidh an Chomhairle fós freagrach as an gcostas a bhaineann le bainistiú agus le cothabháil an líonra uisce stoirme. Tá buiséad de €980,900 á chur ar fáil chun tacú le hoibriú agus le cothabháil leanúnach an líonra uisce stoirme. Déileálfaidh an clár seo le hoibriú agus le cothabháil 5 stáisiún caidéalúcháin uisce stoirme, líonraí uisce stoirme (píopaí agus dúnphoill) agus píobáin sceite agus scáileáin uisce stoirme.

**LEITHRIS PHOIBLÍ**


Tá suim mhéadaithe de €1.4m curtha san áireamh do ghlanadh agus do chothabháil na leithreas poiblí nua agus na leithreas atá ar fáil cheana féin i gCeantar Fhine Gall lena n-áirítear an tseirbhís ghlantacháin do gach seomra gléasta agus leithreas poiblí i bpáirceanna poiblí agus i spásanna oscailte. Foráiltear sa chóras glantacháin nua do níos

mó glantacháin i rith mhíonna an tsamhraidh, níos mó glantacháin ar bhonn laethúil, domhainghlanadh míosúil, na tomhaltáin uile a chur ar fáil agus cothabháil an bhonneagair uile lena n-áirítear deisiú, athsholáthar agus cothabháil choisctheach.

# C – Seirbhísí Uisce


## Caiteachas

| | | |
|---|---|---|
| C01 | Soláthar Uisce | €9,427,000 |
| C02 | Cóireáil Fuíolluisce | €5,635,300 |
| C04 | Leithris Phoiblí | €1,463,000 |
| C05 | Riar Suiteálacha Grúpa & Príobháideacha | €15,100 |
| C06 | Tacaíocht don Chlár Caipitil Uisce | €260,900 |
| C08 | Seirbhísí Uisce agus Sláintíochta Údaráis Áitiúil | €2,113,500 |
| | | **€18,914,800** |




## Ioncam

| | |
|---|---|
| Deontais DHLGH | €6,274,600 |
| Uisce Éireann | €8,776,900 |
| Aoisliúntas | €299,400 |
| Ioncam Eile | €282,100 |
| | **€15,633,000** |



| Tábla F - Caiteachas | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Rannóg C - Seirbhísí Uisce** | | | | |
| **Caiteachas de réir na Seirbhíse agus na Fosheirbhíse** | **2025** | | **2024** | |
| | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomhfheidhmeannach /Méara €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| C0101 Ionaid & Líonraí Uisce | 6,529,600 | 6,529,600 | 7,421,700 | 6,405,000 |
| C0199 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 2,897,400 | 2,897,400 | 3,267,000 | 3,305,400 |
| **C01 Soláthar Uisce** | **9,427,000** | **9,427,000** | **10,688,700** | **9,710,400** |
| C0201 Ionaid agus Líonraí Dramhaíola | 3,543,700 | 3,543,700 | 4,228,300 | 3,648,300 |
| C0299 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 2,091,600 | 2,091,600 | 1,968,600 | 1,989,000 |
| **C02 Cóireáil Fuíolluisce** | **5,635,300** | **5,635,300** | **6,196,900** | **5,637,300** |
| C0301 Bainistiú Fiach Uisce agus Fuíolluisce | - | - | - | - |
| C0399 Costais Tacaíochta Seirbhíse | - | - | - | - |
| **C03 Bailiú Muirear Uisce agus Fuíolluisce** | **-** | **-** | **-** | **-** |
| C0401 Oibriú agus Cothabháil Leithreas Poiblí | 1,399,200 | 1,399,200 | 936,400 | 1,127,500 |
| C0499 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 63,800 | 63,800 | 90,800 | 92,100 |
| **C04 Leithris Phoiblí** | **1,463,000** | **1,463,000** | **1,027,200** | **1,219,600** |
| C0501 Deontais do Shuiteálacha Aonair | 15,000 | 15,000 | 15,000 | 15,000 |
| C0502 Deontais do Ghrúpscéimeanna Uisce | - | - | - | - |
| C0503 Deontais do Ghrúpscéimeanna Fuíolluisce | - | - | - | - |
| C0504 Fóirdheontais Grúpscéimeanna Uisce | - | - | - | - |
| C0599 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 100 | 100 | 200 | 300 |
| **C05 Riar Suiteálacha Grúpa agus Príobháideacha** | **15,100** | **15,100** | **15,200** | **15,300** |
| C0601 Dearadh agus Maoirseacht Theicniúil | 76,100 | 76,100 | 113,100 | 73,300 |
| C0699 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 184,800 | 184,800 | 240,600 | 244,500 |
| **C06 Tacaíocht don Chlár Caipitil Uisce** | **260,900** | **260,900** | **353,700** | **317,800** |
| C0701 Seirbhís Gníomhaireachta & Forchúitithe | - | - | - | - |
| C0799 Costais Tacaíochta Seirbhíse | - | - | - | - |
| **C07 Seirbhísí Gníomhaireachta & Forchúitithe** | **-** | **-** | **-** | **-** |
| C0801 Seirbhísí Uisce Údaráis Áitiúil | 104,000 | 104,000 | 179,200 | 72,000 |
| C0802 Seirbhísí Sláintíochta Údaráis Áitiúil | 1,565,800 | 1,565,800 | 1,476,000 | 1,417,000 |
| C0899 Costais Tacaíochta Seirbhíse Údaráis Áitiúil | 443,700 | 443,700 | 431,000 | 439,100 |
| **C08 Seirbhísí Uisce agus Sláintíochta Údaráis Áitiúil** | **2,113,500** | **2,113,500** | **2,086,200** | **1,928,100** |
| **Rannóg C Iomlán** | **18,914,800** | **18,914,800** | **20,367,900** | **18,828,500** |

| Tábla F - Ioncam | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Rannóg C - Seirbhísí Uisce | | | | |
| | 2025 | | 2024 | |
| **Ioncam de réir Foinse** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomhfheidhmeannach €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| **Deontais & Fóirdheontais Rialtais** | | | | |
| Tithíocht, Rialtas Áitiúil & Oidhreacht | 6,274,600 | 6,274,600 | 1,431,000 | 6,612,800 |
| Eile | - | - | - | - |
| **Deontais & Fóirdheontais Rialtais Iomlána** | **6,274,600** | **6,274,600** | **1,431,000** | **6,612,800** |
| **Earraí & Seirbhísí** | | | | |
| Uisce Éireann | 8,776,900 | 8,776,900 | 15,586,300 | 8,723,100 |
| Aoisliúntas | 299,400 | 299,400 | 330,100 | 330,100 |
| Seirbhísí Gníomhaireachta & Oibreacha Inaisíoctha | - | - | - | - |
| Ranníocaíochtaí Údaráis Áitiúil | - | - | - | - |
| Ioncam eile | 282,500 | 282,500 | 297,500 | 333,800 |
| **Earraí & Seirbhísí Iomlána** | **9,358,800** | **9,358,800** | **16,213,900** | **9,387,000** |
| **Rannóg C Iomlán** | **15,633,400** | **15,633,400** | **17,644,900** | **15,999,800** |

# Rannán D
# BAINISTÍOCHT FORBARTHA

**PLEANÁIL STRAITÉISEACH**

Go dtí deireadh Mheán Fómhair 2024, bhí 1,277 iarratas pleanála ar fad faighte ag an Údarás Áitiúil. Tá 10 n-iarratas ar Fhorbairt Mhórscála Chónaithe (LRD) faighte agus tá 15 chinneadh eisithe. As measc na 15 chinneadh sin, tugadh cead do 10 gcinn, tá 3 chinneadh déanta cead a dhiúltú agus tá 2 iarratas ar thuilleadh faisnéise déanta. Ar an iomlán, ceadaíodh 1,817 aonad trí iarratais LRD.

Tá 4 chinneadh déanta ag An Bord Pleanála maidir le hiarratais ar Fhorbairt Tithíochta Straitéiseach go dtí seo in 2024. Ina measc tá 2 iarratas aistarraingthe, 1 chinneadh cead a thabhairt agus cead a dhiúltú agus ceadaíodh 87 aonad ar fad agus diúltaíodh d'iarratas amháin. Tá 3 chinneadh fós le déanamh ag An Bord Pleanála maidir le hiarratais SHD.

Glacadh le Scéim Ranníocaíochtaí Forbartha 2021-2025 na Comhairle ar an 14 Nollaig 2020. Tá cuntas déanta ar gach tobhach curtha i bhfeidhm agus bailithe agus tá siad caite ar bhonn an Chontae uile ar bhonneagar agus ar shaoráidí poiblí a théann chun tairbhe na forbartha i gceantar iomlán an Chontae. Tá an Scéim i bhfeidhm ón 1 Eanáir, 2021.

**RÍOMHPHLEANÁIL**

Tá Ríomhphleanáil a bhfuiltear ag tacú léi tríd an Tairseach Phleanála Náisiúnta beo i gComhairle Contae Fhine Gall ó Mhárta 2024. Anois is féidir le hiarrthóirí agus le gníomhairí iarratais phleanála a thaisceadh go leictreonach le haon Údarás Áitiúil sa tír trí úsáid a bhaint as an uirlis ar líne chéanna. Tá an LGMA ag tacú leis an gcomhtháthú sin inár gcóras pleanála. Díreofar tuilleadh ar chur chun feidhme na Ríomhphleanála in 2025.

**PLEAN FORBARTHA FHINE GALL 2023 – 2029**

Cuireadh Plean Forbartha Fhine Gall 2023 – 2029 i láthair ar an 22 Feabhra 2023 agus tá sé i bhfeidhm ón 5 Aibreán 2023.

Is doiciméad straitéiseach é an Plean ina samhlaítear Fine Gall mar líonra comhtháite de lonnaíochtaí agus pobail a mbeidh rath sóisialta agus geilleagrach orthu, criosanna glasa straitéiseacha agus Ceantar Tuaithe oscailte a thacaíonn le agus a chuireann le forbairt gheilleagrach an Chontae agus réigiún Chathair Bhaile Átha Cliath trí chéile.

**PLEANÁIL CHUN CINN**

Sainaithníodh i bPlean Forbartha Fhine Gall 2023-2029, roinnt Pleananna Ceantair Áitiúla, Máistirphleananna, Creatphleananna agus staidéar eile atá le hullmhú ar fud an Chontae.

Is próiseas casta agus dian ar am é a leithéid sin de phleananna a ullmhú, próiseas a éilíonn comhordú roinnt ionchur agus measúnuithe timpeallachta doimhne, lena n-

áirítear Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (SEA), Measúnacht Oiriúnach (AA) agus Measúnú Straitéiseach ar Riosca i gcás Tuilte (SFRA). Tá críoch curtha le creataí chun seirbhísí comhairleoireachta a chur ar fáil chun cabhrú leis an Údarás Áitiúil chun Pleananna Ceantair Áitiúla, Máistirphleananna agus Creatphleananna a sainaithníodh sa Phlean Forbartha a chur i dtoll i chéile, agus tá seirbhísí comhairleoireachta curtha ar fáil.

I measc na dtionscadal a bhfuiltear ag obair orthu go leanúnach tá Plean Ceantair Áitiúil do Bhaile an Phléimeannaigh, Creatphlean do Chluain Saileach, máistirphlean don Seanteach Scoile, plean reachtúil do Dhún Sinche agus obair ullmhúcháin a bheidh mar bhonn le plean ceantair áitiúil do Shord.

I measc na dtionscadal eile a bhfuiltear ag díriú orthu sa chlár oibreacha tá comhordú leanúnach fhilleadh cheithre Thascfhórsa Tithíochta Bhaile Átha Cliath Údaráis Áitiúla Bhaile Átha Cliath, mar aon le hobair a bhaineann le Cáin Talamh Criosaithe Chónaithe (RZLT).

Tá an Rannán um Pleanáil Chun Cinn ag leanúint ar aghaidh ag tacú le tionscadail náisiúnta eile, lena n-áirítear tionscadail a bhaineann le mórscéimeanna bonneagair iompair lena n-áirítear MetroLink, BusConnects agus an clár DART +.

**PLEAN OIDHREACHTA**
Leanfaidh an Oifig Oidhreachta ar aghaidh ag tacú le agus ag soláthar foilseachán priontáilte, taispeántas, físeán, mapaí digiteacha agus turas fíorúil ina scrúdaítear téamaí oidhreachta idir scileanna traidisiúnta agus scéalta faoi dhaoine agus faoin áit. In 2025 leagfar béim ar chur chun feidhme Phlean Oidhreachta Fhine Gall 2024-2030 trí thionscadail phobalbhunaithe. Beidh na tionscadail sin ailínithe leis na moltaí a rinneadh i bpleananna agus in iniúchtaí eile lena n-áirítear Iniúchadh Oidhreachta Pobail Bhinn Éadair a rinneadh in 2024.

Oibreoidh an Oifig Oidhreachta leis an Oifig Caomhantais chun tionscadal a fhorbairt a bhfuil sé mar aidhm leis gnéithe stairiúla den ríocht phoiblí a thaifeadadh cosúil le caidéil agus colbhaí. Is cuspóir é sin atá luaite i bPlean Forbartha Fhine Gall agus i bPlean Oidhreachta Fhine Gall 2024-2030.

Leanfaidh an Oifig Oidhreachta ar aghaidh le tionscadail cheannródaíocha cosúil le 'Tochailt Dhroim Meánach', an tochailt taighde phobalbhunaithe ag Dún Cinn Tíre Dhroim Meánach áit a bhfuil fianaise ar theagmháil leis an domhan Rómhánach, nach bhfuil a leithéid tugtha faoi deara in áit ar bith eile in Éirinn, á tabhairt chun solais. Leanfar ar aghaidh le scaipeadh torthaí ag leibhéal áitiúil, náisiúnta agus Eorpach, agus ní hamháin go gcabhróidh na torthaí agus an anailís le léirmhíniú agus le bainistiú an láithreáin féin, cuirfidh siad ar bhealach suntasach lenár dtuiscint ar an tréimhse sin in Éirinn.

Leanfar ar aghaidh ag tacú le rannpháirtíocht sa phobal trí thionscadail cosúil le hIniúchadh Taifeadta na hOidhreachta Béil a cuireadh i gcrích in 2024. Ag cur leis na torthaí agus leis na moltaí a rinneadh san iniúchadh seo, tacófar agus cuirfear oiliúint ar ghrúpaí pobail ar mian leo a n-oidhreacht bhéil a thaifeadadh agus a chartlannú.

Táthar ag leanúint ar aghaidh le Blas: Oidhreacht Bhia Fhine Gall, tionscadal ina scrúdaítear taifid, ina roinntear traidisiúin, tuairimí, creidiúintí agus cleachtais. Ag ailíniú le Straitéis Bia Fhine Gall etc. soláthraíonn an tionscadal seo creat chun modhanna agus eolas traidisiúnta a thaifeadadh agus is bealach atá ann chun feasacht a mhúscailt faoi shéasúracht, inbhuanaitheacht agus bithéagsúlacht.

Leanfaidh an Oifig Oidhreachta ar aghaidh le forbairt a dhéanamh ar an tionscadal eolaíochta saoránach ar a dtugtar Oidhreacht X Aeráid Fhine Gall mar bhealach chun meicníochtaí comhordaithe, comhoibritheacha, fianaisebhunaithe a fhorbairt ar mhaithe le hathléimneacht a fhorbairt, dul in oiriúint do nó tionchar an athraithe aeráide ar oidhreacht seandálaíochta agus thógtha an Chontae a mhaolú. Tá sé beartaithe freastal ar éileamh an phobail ar dhoiciméid oideachais agus treorach cosúil le Garraíodóireacht ar mhaithe le Bithéagsúlacht agus Fiadhúlra i bhFoirgnimh.

Táthar i ndiaidh cúig thionscadal a riar tríd an Oifig Oidhreachta trí Chiste na Séadchomharthaí Pobail 2024 ina gcuimsítear oibreacha caomhantais ag Túrtheach Bhaile an Ridire, Caisleán Bhaile an Lóndaigh agus Túir Shoird agus pleananna bainistíochta caomhantais do Shéipéal & Reilig Fhiontain, Cill Fhionntain agus Séipéal agus Toibreacha Naomh Dúiligh, chun a n-athléimneacht don athrú aeráide a chinntiú trí mhaoiniú a fháil ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Leanfar ar aghaidh le rannpháirtíocht ghníomhach i gClár Éire Ildánach Fhine Gall agus ag tacú le hobair na rann eile laistigh de Chomhairle Contae Fhine Gall, le cois tacú leis an tSeachtain Oidhreachta agus le grúpaí oidhreachta áitiúla trí Líonra Oidhreachta Fhine Gall agus a chinntiú go bhfuil rochtain ag gach duine ar oidhreacht Fhine Gall.

**FORFHEIDHMIÚ PLEANÁLA**

Déanann an Rannóg Forfheidhmithe Pleanála iniúchtaí ar chásanna d'Fhorbairt Neamhúdaraithe. Páirteach sa phróiseas forfheidhmithe tá Litreacha rabhaidh a eisiúint, iniúchtaí a dhéanamh, measúnuithe mionsonraithe agus Fógraí Forfheidhmithe a eisiúint nuair is gá. Is féidir imeachtaí dlí a thionscnamh mura bhfuil Fógraí Forfheidhmithe á gcomhlíonadh. Le fáil sa Chlár Forfheidhmithe Pleanála tá sonraí maidir le gach Litir rabhaidh agus Fógra Forfheidhmithe eisithe nó aistarraingthe.

**AN tÚDARÁS RIALAITHE TÓGÁLA**

Tá sé mar aidhm ag an Údarás Rialaithe Tógála (BCA) a chinntiú go bhfuil Cuid 1 - Cuid M de na Rialacháin Foirgníochta á gcomhlíonadh ionas go bhfuil teaghaisí agus foirgnimh nach bhfuil daoine ina gcónaí iontu sábháilte do na saoránaigh. Próiseálann agus déanann BCA measúnú ar 'Fógraí Tosaithe' agus 'Deimhnithe um Chomhlíonadh tráth Críochnaithe' i gcomhair gach foirgneamh. Chomh maith leis sin, déanann BCA measúnú air agus próiseálann sé Deimhnithe um Shábháilteacht ó Dhóiteán agus Teastais Rochtana do Dhaoine atá faoi Mhíchumas i gcomhair gach foirgneamh seachas teaghaisí ina bhfuil aonad singil.

Tá BCA freagrach as faireachas margaidh agus as forfheidhmiú Rialacháin na dTáirgí Tógála a bhfuil sé mar aidhm leo a chinntiú go bhfuil gach táirge tógála ag teacht leis na Caighdeáin Chomhchuibhithe. Ar deireadh, is é BCA an comhlacht údaraithe atá

freagrach as a chinntiú go bhfuil na Rialacháin maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgnimh a chomhlíonadh.

**AN FHEIDHM TÓGÁIL I gCÚRAM**
Bainistíonn Rialú Tógála an próiseas Tógáil i gCúram (TIC) agus cinntíonn sé go bhfuil caighdeáin TIC á gcomhlíonadh ag gach forbairt sula bhfógraítear gur bonneagar poiblí é gach forbairt. Lena chois sin, tá Clár Oibreacha Tógáil i gCúram bunaithe chun cistí a úsáid ó fhoinsí éagsúla (cistí bannaí, cistí deontais, cistí IBRC, etc) chun oibreacha a dhéanamh ar fhorbairtí neamh-TIC i bhFine Gall chun a chinntiú go bhfuil siad ag an gcaighdeán 'tógáil i gcúram' ionas gur féidir iad a thógáil i gcúram go foirmiúil.

**STRUCHTÚIR AGUS ÁITEANNA DAINSÉARACHA**
Tugann an tAcht Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta), 1964, cumhachtaí don Údarás Áitiúil i ndáil le déileáil le haon ábhar imní sábháilteachta a d'fhéadfadh a bheith ann i ndáil le struchtúir nó le háiteanna.

**FORBAIRT GHEILLEAGRACH, FIONTRAÍOCHTA & TURASÓIREACHTA**

**An Straitéis um Fhorbairt Gheilleagrach**
Tacaíonn an Roinn um Fhorbairt Gheilleagrach, Fiontair, Turasóireachta & Chultúrtha (EETCD) le forbairt gheilleagrach chomhordaithe Fhine Gall trí phleanáil, trí thionscnamh agus trí bhainistiú tionscadal a chuireann ar bhealach dearfach le forbairt gheilleagrach leanúnach an Chontae.

In 2024, ghlac Baill na Comhairle le Straitéis um Fhorbairt Gheilleagrach Thodhchaíoch Fhine Gall a threoróidh forbairt gheilleagrach an Chontae go fadtéarmach. Cabhróidh an Fóram Geilleagrach a thug comhairle maidir le forbairt na Straitéise le maoirseacht ar chur chun feidhme na Straitéise, obair atá ar siúl faoi láthair. Leanfar ar aghaidh ag obair ar thionscnaimh a chothaíonn cultúr fiontraíochta agus timpeallacht ghnó sa Chontae atá inbhuanaithe agus athléimneach.

**Tionscnamh Fhine Gall Inbhuanaithe**
Ailínithe le cuspóirí Straitéis um Fhorbairt Gheilleagrach Thodhchaíoch Fhine Gall, Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide Fhine Gall agus gealltanas na Comhairle do Dhearbhú na gCathracha Ciorclacha, leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag tacú le agus ag forbairt beart gnó, gnó ghlais agus an gheilleagair chiorclaigh in 2025. Forbrófar Straitéis Fhine Gall Inbhuanaithe nua in 2025, ag cur leis na dea-chleachtais a forbraíodh mar chuid den Tionscadal Urbact EcoCore, atá dírithe ar conas is féidir dlús a chur le forbairt thionsclaíoch ghlas. Tá sé beartaithe Haiceatón a reáchtáil i mí na Samhna 2024 mar chuid de thionscadal Urbact EcoCore a bheidh dírithe ar an ngeilleagar ciorclach. Tá an Chomhairle ag súil le tacú le tuilleadh forbairt a dhéanamh ar smaointe don gheilleagar ciorclach a bheidh mar thoradh ar an Haiceatón. agus

**Straitéis Scileanna Fhine Gall**

Forbraíodh Straitéis Scileanna Fhine Gall nua in 2024, atá bunaithe ar dhea-chleachtais Eorpacha agus ar rannpháirtíocht na Comhairle i dTionscadal SKYLA Interreg, agus ar cheachtanna a foghlaimíodh ó chur chun feidhme na Straitéise bunaidh. Tá an Straitéis ag leanúint ar aghaidh ag díriú ar shaincheisteanna earnálacha nua agus ar thacú le comhoibriú idir na hearnálacha oideachais agus tionsclaíocha agus gníomhaireachtaí stáit chun díriú ar bhearnaí scileanna sa Chontae a sainaithníodh trí shamhail réamhaisnéise na Straitéise. Bhí rath ar Thaispeántas Xplore Straitéis Scileanna Fhine Gall arís in 2024 agus mhéadaigh líon na mac léinn as Fhine Gall a d'fhreastail ar an Taispeántas. Tá pleananna á ndéanamh do Thaispeántas Xplore 2025 i láthair na huaire.

**Cláir agus Tionscadail AE**
Beidh críoch á chur ag an gComhairle le dhá Thionscadal CERV Eorpacha in 2024 ach leanfaidh sí ar aghaidh le páirt a ghlacadh i dtionscadal Interreg SKYLA agus Urbact EcoCore in 2025 fad is atá iarracht ghníomhach á déanamh deiseanna nua a lorg chun eolas a bhailiú agus chun líonra comhoibritheach a bhunú chun dlús a chur le cuspóirí corparáideacha.

**Comhairle Gheilleagrach & Tacaíocht Ghnó**
Leanfaidh Aonad um Fhorbairt Gheilleagrach na Comhairle ar aghaidh ag feidhmiú mar chéad phointe teagmhála, agus é mar aidhm aige feidhmiú mar "Ionad ilfhreastail" chun tacú le gnó sa Chontae agus oibriú le gníomhaireachtaí agus le comhpháirtithe áitiúla chun geilleagar Fhine Gall a fhorbairt agus a chur chun cinn.

Leanfar ar aghaidh le tacaíochtaí agus le hanailís beartais a chur ar fáil ar fud na Comhairle i ndáil le forbairt cásanna gnó, anailís ar thionchar geilleagrach agus tagarmharcáil. Beidh an obair sin mar bhonn le próiseas cinnteoireachta Chomhairle Contae Fhine Gall i réimsí beartais éagsúla lena n-áirítear comhfhorbairt áite, Cathracha Cliste, an t-aistriú glas agus digiteach, agus forbairt an gheilleagair tuaithe.

**Margaíocht & Infheistíocht a Mhealladh**
Tá straitéis margaíochta á forbairt ag an gComhairle don Chontae, lena n-áirítear a tailte tionsclaíocha féin. Is é atá mar aidhm leis an straitéis seo, atá ailínithe le straitéisí náisiúnta agus réigiúnacha, tacú le Fine Gall ag leibhéal Contae mar áit atá oiriúnach le hinfheistiú inti agus a thacóidh le réimsí agus le criosanna sonracha sa Chontae. Tacóidh cur chun feidhme na Straitéise in 2025 leis an DEZ, Baile Stiofáin agus le ceantair eile mar phríomhcheantair d'infheistíocht ghnó. Go háirithe, tá Treoir Infheistíochta forbartha ag an Tionscadal Urbact EcoCore chun tacú le forbairt thionsclaíoch ghlas ar thailte faoi úinéireacht na Comhairle i mBaile Stiofáin, Baile Brigín in 2025.

Leanfar ar aghaidh leis an gcaidreamh atá ag an gComhairle le Gníomhaireachtaí cosúil le IDA, Fiontraíocht Éireann, Cumainn áitiúla agus náisiúnta, Fáilte Éireann agus Turasóireacht Éireann a fhás agus a fhorbairt.

**Conair Eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath - Bhéal Feirste**
Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh le hinfheistíocht a dhéanamh ina rannpháirtíocht le Tionscadal Chonair Eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath - Bhéal Feirste (DBEC), tionscnamh comhoibritheach le seacht nÚdarás Áitiúla eile feadh Chonair Bhaile Átha Cliath - Bhéal

Feirste. Tá sé mar aidhm ag DBEC tacú le cruthú fostaíochta agus le forbairt gheilleagrach feadh na conaire agus tá foráil déanta chun leanúint ar aghaidh ag obair ar an gcomhfhiontar réigiúnach le comhpháirtithe in DBEC, tairbhe a bhaint as deiseanna chun tacú le hinfheistíocht sa chonair gheilleagrach agus iarracht a dhéanamh infheistíocht ghnó a mhealladh don Chonair in 2025.

**Forbairt & Feabhsú Láithreán & Criosanna Geilleagracha**
In 2024 bhí foireann an Aonaid um Fhorbairt Gheilleagrach - foireann innealtóireachta, pleanála, comhshaoil agus comhairligh seirbhísí gairmiúla eile, a ceapadh chun na láithreáin agus na criosanna sa Chontae a fhorbairt agus a fheabhsú, ag cabhrú le forbairt Dhréacht-phleancreata Bhaile Stiofáin (FP 4.A) agus Bhaile an Phúcaigh Beag (FP 4.B) atá beartaithe a chur faoi bhráid na mBall Tofa chun glacadh leis ag deireadh 2024.

**Clár Feabhsaithe na Láithreán Tionsclaíoch**
Chomh maith leis sin, tá baint ag an bhfoireann comhairleach thuasluaite le forbairt clár Oibreacha Feabhsaithe ag láithreáin gheilleagracha agus i bpáirceanna tionsclaíocha atá bunaithe cheana féin, comhaontaithe i gcomhairle le gnóthaí áitiúla, clár oibreacha a chuirfear i gcrích in 2025. San áireamh sa chlár tá uasghráduithe agus feabhsuithe ar eastáit ghnó/thionsclaíocha atá bunaithe cheana féin agus measúnú agus athbhreithniú ar chórais chothabhála i gceantair ar fud an Chontae.

**Crios Fiontraíochta Bhaile Átha Cliath**
Cuirfear infheistíocht ar fáil do thionscnaimh i gCrios Fiontraíochta Bhaile Átha Cliath (DEZ), ina n-áirítear Baile Dama, Baile Cúlann agus Cherryhound, chun an bonneagar sa cheantar a fheabhsú agus a uasghrádú agus chun an ceantar a bhainistiú ar bhealach níos éifeachtaí. Díreofar go háirithe sa straitéis margaíochta ar an DEZ mar shuíomh tosaíochta. Eagraíodh feachtas margaíochta faoi thailte na Comhairle in Cherryhound i Ráithe 3 2024. Tá an Chomhairle i mbun plé le páirtithe leasmhara maidir lena dtograí don fhorbairt ag Cherryhound agus meastar go gcuirfear diúscairtí faoi bhráid na mBall Tofa lena gceadú in 2025 nuair a bheidh an plé leis na páirtithe curtha i gcrích.

**Forbairt Chrios Geilleagrach Bhaile Brigín (BEZ)**
Leanfar ar aghaidh le tús áite a thabhairt d'fhorbairt agus do chur chun cinn infheistíochta i gceantar bhaile Stiofáin, ar a dtugtar Crios Geilleagrach Bhaile Brigín (BEZ), chun crios suntasach infheistíochta agus fostaíochta a bhunú. Tá sé beartaithe Dréacht-chreatphlean Bhaile Stiofáin (FP 4.A) agus Bhaile an Phúcaigh Beag (FP 4.B) a chur faoi bhráid na mBall Tofa agus é mar aidhm glacadh leis ag deireadh 2024 agus leanfar le pleanáil don bhonneagar bóithre agus seirbhísí riachtanacha chun tacú le forbairt na dtailte in 2025.

Tá Tionscadal Urbact EcoCore na Comhairle dírithe ar thailte na Comhairle i mBaile Stiofáin agus é mar aidhm cur chuige inbhuanaithe maidir le forbairt na talún a fhorbairt. Chomh maith leis sin, tá sé mar aidhm leis an tionscadal tacú le dea-chleachtas i ndáil le margaíocht agus cur chun cinn na talún, agus an ceantar a chur chun cinn mar chrios tionsclaíoch glas. San áireamh ansin bhí Treoir Infheistíochta a fhorbairt don BEZ chun forbairt thionsclaíoch ghlas a spreagadh agus chun infheistíocht ghlas a mhealladh. Ina theannta sin, díreofar i straitéis margaíochta na Comhairle ar an BEZ mar shuíomh tosaíochta go háirithe.

**Ionaid Fiontraíochta**
In 2024, athstruchtúraíodh trí ionad fiontraíochta na Comhairle mar eintiteas singil, 'Fine Gall Nuálach', chun comhoibriú straitéiseach a mhéadú agus chun dlús a chur le héifeachtúlacht oibríochtúil agus chun timpeallacht thacúil láidir a fhorbairt do ghnólachtaí nuathionscanta. In 2025, tá sé beartaithe bainisteoir a earcú do 'Fine Gall Nuálach', duine a bheidh freagrach as na trí ionad fiontraíochta a bhainistiú:

- Ionad Fiontraíochta BASE, Mullach Eadrad (bunaithe 1996) - 30 aonad
- Ionad Fiontraíochta BEAT, Baile Brigín (bunaithe 1999) - 20 aonad
- Ionad Fiontraíochta Dhraighneáin, Sord (bunaithe 2010) - 35 aonad

Tá na rátaí áitíochta i dtrí ionad fiontraíochta na Comhairle ard agus tá na meánrátaí áitíochta ag Draighneán, BASE agus BEAT cothrom le breis is 90%, agus i láthair na huaire tá siad ag tacú le 65 gnó agus le 320 post. I dteannta a chéile, tá na trí ionad fiontraíochta beagnach lán agus tá éileamh leanúnach ar spás fiontraíochta do ghnólachtaí nuathionscanta, spás gorlainne agus spás cianoibre solúbtha.

Leanfaidh Ionaid Fiontraíochta Fhine Gall ar aghaidh le páirt ghlacadh in ConnectedHubs.ie in 2025, ionad ilfhreastail do mhoil chianoibre ar fud na hÉireann.

**Coiste Forbartha Pobail Áitiúil**
Tá Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (LCDC) Fhine Gall freagrach as maoirseacht agus as cur chun feidhme LECP Fhine Gall, ar ghlac an Chomhairle leis i mí Eanáir 2024. San áireamh sa LECP tá gníomhaíochtaí atá le cur ar fáil go díreach ag Comhairle Contae Fhine Gall, agus gníomhaíochtaí atá á stiúradh ag nó á bhforbairt i gcomhpháirt le páirtithe leasmhara forbartha áitiúla eile.

Is é LCDC Fhine Gall an t-údarás conarthach do Chlár Gníomhachtúcháin Pobail um Ionchuimsiú Sóisialta (SICAP) Fhine Gall. Ceapadh Forfheidhmitheoir Chlár SICAP i mí na Nollag 2023 don tréimhse idir 2024-2028. Leanfaidh LCDC Fhine Gall ar aghaidh le monatóireacht agus le maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme SICAP agus ag cabhrú le Géarchéim na nDídeanaithe Úcránacha in 2025.

Leanfaidh LCDC Fhine Gall ar aghaidh lena ról forfheidhmithe a chomhlíonadh, i dteannta le Comhpháirtíocht LEADER Fhine Gall (FLP), agus ag feidhmiú mar Ghrúpa Gníomhaíochta Áitiúil Tuaithe Bhaile Átha Cliath (LAG) do chur chun feidhme chlár LEADER 2023 - 2027 in 2025.

Chomh maith leis sin, tá LCDC Fhine Gall i mbun an Chláir Feabhsaithe Áitiúil agus an Chiste Aitheantais Pobail a riar thar ceann na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail agus gníomhaíochtaí faoi Chlár Éire na Sláinte i bhFine Gall.

**Scéim an Bhonneagair Áineasa Amuigh faoin Aer**
Bhunaigh an Chomhairle Coiste Maoirseachta, a bhfuil príomhpháirtithe leasmhara páirteach ann, chun an Plean Caithimh Aimsire Lasmuigh don Chontae (CORP) a ullmhú

faoi thionscnamh arna mhaoiniú ag an Roinn Forbartha Tuaithe & Pobail. Cuirfear an Plean i gcrích i Ráithe 1 2025 agus beidh sé mar bhonn le hiarratais a dhéanfar amach anseo faoi Scéim an Bhonneagair Áineasa Amuigh faoin Aer (ORIS).

## ATHGHINIÚINT UIRBEACH & TUAITHE

### An Oifig Athnuachana Baile

Bunaíodh an Oifig Athnuachana Baile in 2023 chun dlús a chur le tionscadail athnuachana ar fud an Chontae i mBailte agus i Sráidbhailte Fhine Gall. Tá prionsabail 'Tús Áite do Lár Bailte' á gcur chun feidhme i ndáil le forbairt Pleananna Bailte nua do Bhailte agus do Shráidbhailte Fhine Gall amach anseo agus críochnaíodh an chéad phlean, do Lusca, in 2024. Cuirfear Plean nua Tús Áite do Lár Bailte do An Ros i gcrích in 2025. Beidh foireann na hoifige freagrach as dul chun cinn a dhéanamh i ndáil le deiseanna athnuachana faoi URDF, RRDF, Scéimeanna Athnuachana Bailte & Sráidbhailte, Scéimeanna an Bhonneagair Áineasa Amuigh faoin Aer, Bearta Forbartha Tionscadail 'Tús Áite do Lár Bailte', maoiniú Leader agus deiseanna maoinithe eile a d'fhéadfadh a bheith ann. Chomh maith leis sin, dearfaidh foireann na hOifige tionscnaimh nua a rachaidh chun tairbhe Bhaile agus Shráidbhailte Fhine Gall lena n-áirítear Scéimeanna Feabhsúcháin Sráid-dreacha agus Seiceálacha Sláinte Baile do shráidbhailte roghnaithe. Tá foráil déanta chun cead a thabhairt tionscnaimh a mhaoiniú nó a pháirtmhaoiniú.

### Ár mBaile Brigín

Tríd an Oifig Athnuachana Baile, tá an Chomhairle ag leanúint ar aghaidh le ceannaireacht a thabhairt agus le hobair a bhaineann leis na gealltanais agus leis na cuspóirí a bhfuil cur síos déanta orthu i bPlean Athnuachana Ár mBaile Brigín le tacaíocht ón nGrúpa Ceannaireachta agus ón gcúig ghrúpa de cholúin théamacha. Déantar foráil i mBuiséad 2025 do chur chun feidhme thionscadail Ríochta Poiblí an Phlean agus déantar foráil ar leith freisin chun tacú le gníomhaíochtaí comhfhorbartha áite, Baile Brigín a chur chun cinn, agus imeachtaí éagsúla sa bhaile agus tacú le tionscnaimh cosúil le Baile Brigín Chliste, Baile Brigín Chruthaitheach, agus eolas maidir leis an dul chun cinn atá á dhéanamh i ndáil le tionscadail ríochta poiblí agus cuspóirí eile. Tá dul chun cinn suntasach déanta i ndáil le Clár Athnuachana Ár mBaile Brigín a sholáthar in 2024 agus táthar anois ag obair ar thionscadal ríochta poiblí Shráid na Cé, a Purláin agus Calafort, agus ar Thionscadal an Tí Bháid agus an Tí Folctha ag an Túr Martello. Cuireadh dlús suntasach le soláthar Chlár Athnuachana Ár mBaile Brigín in 2024, tráth ar díríodh ar thionscadail bhreise cosúil leis an Mol Cruthaitheach nua ag 2-4 Sráid Bhaile Átha Cliath a bhfuil sé beartaithe tús a chur leis na hoibreacha a bhaineann leis in 2025.

### Tús Áite do Lár Bailte - Lusca

Is é Lusca an chéad bhaile atá ainmnithe i bhFine Gall don tionscadal 'Tús Áite do Lár Bailte' agus ba é an t-aon bhaile a roghnaíodh i mBaile Átha Cliath mar Bhaile Píolótach do 'Tús Áite do Lár Bailte'. Tá Foireann Baile bunaithe i Lusca agus tá Plean 'Tús Áite do Lár Bailte' foilsithe. Cuirfidh an plean baile seo ar chumas Lusca tairbhe a bhaint as deiseanna maoinithe a bheidh spriocdhírithe ar bhailte 'Tús Áite do Lár Bailte' sna blianta amach romhainn.

### Tús Áite do Lár Bailte - An Ros

Roghnaíodh An Ros mar an dara Baile 'Tús Áite do Lár Bailte' i bhFine Gall in 2024. Tá Foireann Baile nua á bunú in An Ros agus foilseofar Plean nua 'Tús Áite do Lár Bailte' in 2025.

**An Scéim Athnuachana Bailte & Sráidbhailte**

Tá an Oifig Athnuachana Bailte freagrach as na Scéimeanna Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte agus as an Scéim Feabhsúcháin Sráid-dreacha a riar i bhFine Gall thar ceann na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail chomh maith le Scéim an Bhonneagair Áineasa Amuigh faoin Aer (ORIS).

**Láithreáin Thréigthe**

Tá an Oifig Athnuachana Baile i mbun fheidhm Láithreán Tréigthe na Comhairle a riar faoi Acht um Láithreáin Thréigthe, 1990, arna leasú. Tá 199 fógra reachtúil eisithe d'úinéirí réadmhaoin thréigthe go dtí deireadh Mheán Fómhair 2024. Is fianaise é sin ar mhéadú suntasach ar líon na bhfógraí eisithe ag an gComhairle i gcomparáid le 28 fógra ag an bpointe sin in 2023.

I mí Dheireadh Fómhair 2024, bhí 12 láithreán ainmnithe ar Chlár na Láithreán Tréigthe i gcomparáid le 6 láithreán ag an am céanna in 2023. Aistríodh na láithreáin sin ó láithreáin thréigthe in 2024 agus baineadh de Chlár na Láithreán Tréigthe iad. Leanfar le béim shuntasach a leagan ar láithreáin thréigthe in 2025.

Fuair an Oifig Athnuachana Baile maoiniú deontais luach €10 milliún do chiste éadálacha foirgnimh imrothlach chun cead a thabhairt foirgnimh i Lár Bailte a úsáid arís, foirgnimh a d'fhéadfadh a bheith folamh agus/nó tréigthe. Tríd an gciste sin a úsáid beifear in ann réadmhaoin a chur ar fáil ar an margaidh in 2025 agus ina dhiaidh sin.

**OIFIG FIONTAIR ÁITIÚIL**

Glactar le hOifig Fiontair Áitiúil (OFÁ) Fhine Gall mar cheann de 31 OFÁ ar fud na tíre. Is ‘Ionad Ilfhreastail’ é OFÁ Fhine Gall do thacaíochtaí fiontair sa Chontae. Feidhmíonn an OFÁ faoi chomhaontú ar leibhéal seirbhíse atá bunaithe idir Comhairle Contae Fhine Gall agus Fiontraíocht Éireann (EI). Sa Phlean Forbartha Fiontair Áitiúil (2021-24), leagtar amach cuspóirí straitéiseacha an OFÁ, agus tacar de ghníomhaíochtaí pleanáilte don tréimhse ceithre bliana sin. Comhaontaítear spriocanna agus PTF le Fiontraíocht Éireann agus tuairiscítear maidir leo ar bhonn Ráithiúil agus Bliantúil.

I rith 2024, d'oibrigh OFÁ Fhine Gall le gníomhaireachtaí agus le comhpháirtithe stáit eile chun cúnamh agus dreasachtaí spriocdhírithe a chur ar fáil don phobal gnó agus d'fhiontraithe ionchasacha. Le cois tacaíochtaí forbartha airgeadais díreacha a chur ar fáil, dhírigh an OFÁ ar roinnt príomhréimsí lena n-áirítear cumas bainistíochta, nuálaíocht, digitiú, iomaíochas, táirgiúlacht, inbhuanaitheacht agus forbairt easpórtála i measc gnóthaí beaga a fheabhsú agus a chumasú (le suas le 50 fostaí).

Cuireann RI buiséad riaracháin ar fáil, mar aon le bunmhaoiniú chun seirbhísí comhaontaithe a chur chun feidhme. Tá tacaíochtaí do ghnóthaí eagraithe in dhá bheart anseo thíos:

**BEART A hAON AGUS SCÉIMEANNA DEONTAIS EILE (Idirghabháil Airgeadais Roghnach)**
Soláthraíonn OFÁ Fhine Gall raon tacaíochtaí airgeadais do ghnóthaí beaga cáilithe atá lonnaithe sa Chontae. Is é príomhaidhm na dtacaíochtaí sin fás a spreagadh agus fostaíocht a chruthú i ngnólachtaí nuathionscanta cáilithe agus i ngnóthaí beagán bunaithe ar féidir leo a léiriú go bhfuil ar a gcumas fás a dhéanamh ag leibhéal idirnáisiúnta.

I measc na gcineálacha maoinithe atá ar fáil tá Staidéar Féidearthachta/Cúnamh Deontais Nuálaíochta (uasmhéid €15,000), maoiniú Tosaithe Gnó (gnólachtaí nuathionscanta, suas le €80,000 de ghnáth) agus Cúnamh Deontais um Leathnú Gnó (do ghnólachtaí seanbhunaithe, suas le €80,000 de ghnáth). Lena chois sin, cuirtear deontas beag "Easpórtála", uasmhéid €2,500, ar fáil do ghnóthaí ar spéis leo a bheith ag obair ag leibhéal idirnáisiúnta ("Cúnamh Teicniúil do Mhricri-easpórtálaithe").

In 2024, tugadh éileamh leantach suntasach faoi deara ar thacaíochtaí maoinithe, ó ghnólachtaí nuathionscanta agus ó ghnólachtaí atá ag leathnú. Chomh maith leis sin, leanadh ar aghaidh leis an scéim deontais dar teideal an "Dearbhán Trádála Ar Líne" i rith 2024, agus léiríodh spéis leantach sa dreasacht a chuireann ar chumas gnóthaí beaga tairbhe a bhaint as deiseanna Ríomhthráchtála. Seoladh scéim feabhsaithe nua dar teideal "Forbairt Dhigiteach" i dtreo dheireadh na bliana, rud a mhéadaigh an luach deontais uasta go dtí €5,000 do gach iarratas, agus tháinig sé in ionad scéim an Dearbháin Trádála Ar Líne.

Seoladh scéim feabhsaithe "Deontas Éifeachtúlachta Fuinnimh" i rith na bliana. Soláthraíonn an scéim seo maoiniú chun cur ar chumas gnóthaí beaga trealamh agus próisis a aimsiú a chabhróidh leo a lorg carbóin a laghdú. Mhéadaigh an méid deontais uasta go dtí 75% de chostais agus bhí teorainn de €10,000 luaite leis an méadú.

**BEART A DÓ - GNÍOMHAÍOCHTAÍ (Bogthacaíochtaí)**
Soláthraíonn OFÁ Fhine Gall bogthacaíochtaí agus cuimsítear ina measc Oiliúint Forbartha Bainistíochta, tionscnaimh Táirgiúlachta lena n-áirítear LEAN, Glas do Ghnólachtaí, Seirbhísí Comhairleacha Gnó, Meantóireacht, Seirbhís Ionaid Ilfhreastail, Líonrú Gnó, Tionscnaimh earnálacha (e.g. Tacaíochtaí don earnáil bhia), Tionscnaimh trádála idirnáisiúnta agus tacar tionscnaimh fiontraíochta eile.

Lena chois sin, eagraíonn OFÁ Fhine Gall tionscnaimh chun cultúr fiontraíochta áitiúil a fheabhsú trí chláir cosúil le Clár Fiontair na Mac Léinn, tionscnamh foghlama fiontair náisiúnta a chuireann ar chumas mac léinn dara leibhéal gnó beag dá gcuid féin a bhunú.

Seoladh clár nua atá á mhaoiniú ag Fiontraíocht Éireann dar teideal "Bí ag Easpórtáil" i rith 2024, rud a d'fheabhsaigh clár Forbartha Easpórtála OFÁ agus a spriocdhírigh ar ghnóthaí beaga a raibh an poitéinseal acu leathnú i margaí idirnáisiúnta.

I measc na dtacaíochtaí forbartha eile a raibh go leor éilimh orthu in 2024 bhí an clár Meantóra, Clinicí Comhairle Gnó agus ardáin líonraithe gnó OFÁ (Líonra Gnó Fhine Gall agus Líonra Ban Fiontrach Fhine Gall). Chomh maith leis sin, d'eagraigh an OFÁ Lá Fiontraíochta Náisiúnta na mBan agus an tSeachtain Fiontair Áitiúil i rith na bliana.

I rith 2024, lean OFÁ Fhine Gall ar aghaidh le formhór a clár a chur ar fáil ar an láthair, mar aon le roghanna ar líne a thairiscint do roinnt clár d'úinéirí/do bhainisteoirí agus do ghnólachtaí nuathionscanta.

**TURASÓIREACHT A CHUR CHUN CINN**

Seoladh agus foilsíodh Straitéis Turasóireachta Fhine Gall 2024-2029 i mí Feabhra 2024, agus cuimsítear inti Creat Straitéiseach le fís, misean agus cur chuige soiléir do thurasóireacht sa Chontae, mar aon le ceithre phríomhchuspóir a bhfuil gníomhaíochtaí gaolmhara, PTFanna agus tuairisciú ag tacú leo. Tá conraitheoir ceaptha chun cabhrú leis an gcur chun feidhme agus leis na tosaíochtaí i gcomhair 2025 lena n-áirítear creat comhoibrithe foirmiúil a chruthú, ceann scríbe nuálach, breisluacha, dea-chleachtais, plean margaíochta do thurasóireacht bia & dí, iniúchadh Contae ar shócmhainní turasóireachta agus bia & dí, agus margaí bia agus dí a fhorbairt.

Leanfaidh Comhairle Contae Fhine Gall ar aghaidh ag obair i ndlúthpháirt le hÚdaráis Áitiúla Bhaile Átha Cliath, Gníomhaireachtaí Turasóireachta Náisiúnta agus leis an earnáil Turasóireachta chun Fine Gall a chur chun cinn mar cheann scríbe turasóireachta sa bhaile agus thar lear.

**BEARTAS BIA FHINE GALL**

Seoladh Beartas Bia Fhine Gall 2024-2029 i mí Meithimh 2024. San áireamh ann tá Creat Straitéiseach le Fís agus Misean soiléir, atá dírithe ar thrí shnáithe - Fás Geilleagrach, Forbairt na Turasóireachta Bia agus Rannpháirtíocht sa Phobal. Mar atá thuasluaite, ag cabhrú leis an gcur chun feidhme beidh conraitheoir a cheapadh, agus is saineolaí ón earnáil turasóireachta bia é an conraitheoir sin.

Beidh Líonra Bia Fhine Gall ag tacú le cur chun feidhme an bheartais de bhrí go bhfuil nasc bunaithe ag an Líonra le táirgeoirí bia, le soláthróirí bia agus leis an tseirbhís bia sa Chontae. Le tacaíocht ó Chomhairle Contae Fhine Gall, tá an líonra i mbun socruithe eagraíochtúla foirmiúla a dhéanamh sa dara cuid de 2024.

**CUIBHRINN**

Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag tacú le húsáid cuibhreann poiblí mar bhealach chun deis a thabhairt do phobail a gcuid bia féin a fhás, bia-aistir agus dramhbhia a laghdú. Tá suim de €74,300 curtha ar fáil do bhainistiú agus do chothabháil leantach thart ar 900 láthair chuibhrinn i mBaile Bhlainséir, Domhnach Bat, na Sceirí agus Baile Brigín. Tá carrchlós, soláthar uisce, córas draenála agus ithir mhaith le fáil ag gach cuibhreann de chuid na Comhairle.

Tá plotaí breise á gcruthú i gCuibhrinn Bhaile Brigín in 2025 agus beidh siad sin in úsáid faoi dheireadh 2025. Tá cuid den fhálú i dTuirbhe á athsholáthar agus tá sé beartaithe glais nua a shuiteáil in 2025. Leanfaidh foireann na Comhairle ar aghaidh ag obair leis na coistí ar na ceithre láthair chuibhrinn i ndáil le cothabháil laethúil agus uasghrádú ag na láithreacha sin.

**LÍONRA RANNPHÁIRTÍOCHTA POBAIL FHINE GALL**

Páirteach i LRP Fhine Gall tá breis is 700 grúpa/eagraíocht pobail. In 2025, forbróidh LRP Fhine Gall Plean Straitéiseach nua.  Tá foráil luach €77K curtha san áireamh i mbuiséad 2025 chun tacú leis an obair atá á déanamh ag LRP Fhine Gall.


**COMHAIRLE NA nÓG**

Is é Comhairle na nÓg an struchtúr trína bhfuil baint ag leanaí agus ag daoine óga le cur chun feidhme beartas rialtais láir cosúil le Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile agus an Creat Beartais Náisiúnta do Leanaí agus Daoine Óga (2023-2028). Ciallaíonn Comhairle na nÓg Fhine Gall go bhfuil deis ag daoine idir 12 agus 17 mbliana d'aois a chinntiú go bhfuil a nguth á gcur san áireamh i mbeartas rialtais áitiúil.  Tá foráil bhuiséid de €35K leithdháilte ar an Oifig Forbartha Pobail i mBuiséad 2025 chun tacú leis an obair sin.

# D - Bainistíocht Forbartha


## Caiteachas

| | | |
|---|---|---|
| D01 | Pleanáil Chun Cinn | €2,738,900 |
| D02 | Forbairt Bainistíochta | €10,517,200 |
| D03 | Forfheidhmiúchán | €1,817,400 |
| D04 | Áiseanna Tionsclaíocha agus Tráchtála | €1,482,400 |
| D05 | Forbairt agus Cur Chun Cinn na Turasóireachta | €1,170,700 |
| D06 | Feidhm Pobail agus Fiontair | €5,287,300 |
| D08 | Rialú Tógála | €2,086,700 |
| D09 | Forbairt agus Cur Chun Cinn Geilleagrach | €7,606,000 |
| D10 | Bainistiú Réadmhaoine | €2,166,200 |
| D11 | Seirbhísí Oidhreachta agus Caomhantais | €1,329,500 |
| | | **€36,202,300** |




## Ioncam

| | |
|---|---|
| Fiontar, Trádáil & Fostaíocht Deontais | €2,477,400 |
| agus fóirdheontais eile Táillí Pleanála | €4,907,100 |
| Ioncam Eile (Ranníocaíochtaí Údaráis Áitiúil san áireamh) | €1,880,500<br>€1,219,300 |
| Aoisliúntas | €315,700 |
| | **€10,800,000** |



| Tábla F - Caiteachas | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Rannóg D - Bainistíocht Forbartha** | | | | |
| | **2025** | | **2024** | |
| **Caiteachas de réir na Seirbhíse agus na Fosheirbhíse** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomhfheidhmeannach /Méara €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| D0101 Pleananna agus Beartas Reachtúil | 1,721,800 | 1,721,800 | 1,781,700 | 1,706,900 |
| D0199 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 1,017,100 | 1,017,100 | 1,390,600 | 1,427,300 |
| **D01 Pleanáil Chun Cinn** | **2,738,900** | **2,738,900** | **3,172,300** | **3,134,200** |
| D0201 Rialú Pleanála | 5,864,300 | 5,864,300 | 5,404,200 | 6,715,300 |
| D0299 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 4,652,900 | 4,652,900 | 4,264,000 | 4,368,300 |
| **D02 Bainistíocht Forbartha** | **10,517,200** | **10,517,200** | **9,668,200** | **11,083,600** |
| D0301 Costais Forfheidhmithe | 1,037,800 | 1,037,800 | 729,000 | 1,069,100 |
| D0399 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 779,600 | 779,600 | 359,600 | 366,300 |
| **D03 Forfheidhmiú** | **1,817,400** | **1,817,400** | **1,088,600** | **1,435,400** |
| D0401 Oibríochtaí Láithreacha Tionsclaíocha | 774,000 | 774,000 | 667,300 | 720,900 |
| D0403 Bainistiú & Ranníocaíochtaí le Táillí Tráchtála Eile | 148,600 | 148,600 | 186,000 | 168,200 |
| D0404 Forbairt Ghinearálta Obair Phoiblíochta | - | - | - | - |
| D0499 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 559,800 | 559,800 | 323,400 | 330,600 |
| **D04 Áiseanna Tionsclaíocha agus Tráchtála** | **1,482,400** | **1,482,400** | **1,176,700** | **1,219,700** |
| D0501 Cur Chun Cinn na Turasóireachta | 980,400 | 980,400 | 892,300 | 773,000 |
| D0502 Oibríochtaí Áiseanna do Thurasóirí | 35,400 | 35,400 | 36,400 | 24,700 |
| D0599 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 154,900 | 154,900 | 55,300 | 57,200 |
| **D05 Forbairt agus Cur Chun Cinn na Turasóireachta** | **1,170,700** | **1,170,700** | **984,000** | **854,900** |
| D0601 Costais Ghinearálta Pobail & Fiontair | 3,901,600 | 3,901,600 | 754,300 | 769,000 |
| D0602 Costais RAPID | - | - | - | - |
| D0603 Cuimsiú Sóisialta | 491,800 | 491,800 | 616,900 | 453,600 |
| D0699 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 893,900 | 893,900 | 810,300 | 827,800 |
| **D06 An Fheidhm Pobail agus Fiontair** | **5,287,300** | **5,287,300** | **2,181,500** | **2,050,400** |
| D0701 Eastáit Tithíochta Neamhchríochnaithe | - | - | - | - |
| D0799 Costais Tacaíochta Seirbhíse | - | - | - | - |
| **D07 Eastáit Tithíochta Neamhchríochnaithe** | **-** | **-** | **-** | **-** |
| D0801 Costais Chigireachta Rialaithe Tógála | 1,343,600 | 1,343,600 | 1,222,200 | 1,224,400 |
| D0802 Costais Forfheidhmithe Rialaithe Tógála | - | - | - | - |
| D0899 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 743,100 | 743,100 | 916,900 | 951,600 |
| **D08 Rialú Tógála** | **2,086,700** | **2,086,700** | **2,139,100** | **2,176,000** |

| Tábla F - Caiteachas | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Rannóg D - Bainistíocht Forbartha** | | | | |
| | **2025** | | **2024** | |
| **Caiteachas de réir na Seirbhíse agus na Fosheirbhíse** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomhfheidhmeannach /Méara €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| D0901 Athnuachan Uirbeach agus Sráidbhaile | 2,453,100 | 2,453,100 | 2,388,800 | 2,466,700 |
| D0902 Tionscadail AE | 120,000 | 120,000 | 591,000 | 185,500 |
| D0903 Nascadh Bailte | 10,500 | 10,500 | 8,000 | 7,000 |
| D0904 Oifig Eorpach | - | - | - | - |
| D0905 Forbairt agus Cur Chun Cinn Geilleagrach | 865,100 | 865,100 | 1,062,800 | 19,054,200 |
| D0906 Poist, Fiontar & Nuálaíocht | 2,794,000 | 2,794,000 | 1,812,200 | 2,584,600 |
| D0999 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 1,363,300 | 1,363,300 | 1,092,700 | 1,123,100 |
| **D09 Forbairt agus Cur Chun Cinn na Eacnamaíoch** | **7,606,000** | **7,606,000** | **6,955,500** | **25,421,100** |
| D1001 Costais Bhainistíochta Réadmhaoine | 1,474,400 | 1,474,400 | 1,409,000 | 1,570,300 |
| D1099 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 691,800 | 691,800 | 527,600 | 539,800 |
| **D10 Bainistíocht Réadmhaoine** | **2,166,200** | **2,166,200** | **1,936,600** | **2,110,100** |
| D1101 Seirbhísí Oidhreachta | 313,700 | 313,700 | 357,200 | 301,900 |
| D1102 Seirbhísí Caomhantais | 104,900 | 104,900 | 101,500 | 95,200 |
| D1103 Deontais Chaomhantais | 784,700 | 784,700 | 793,300 | 931,500 |
| D1199 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 126,200 | 126,200 | 80,700 | 82,600 |
| **D11 Seirbhísí Oidhreachta agus Caomhantais** | **1,329,500** | **1,329,500** | **1,332,700** | **1,411,200** |
| D1201 Seirbhís Gníomhaireachta & Forchúitithe | - | - | - | - |
| D1299 Costais Tacaíochta Seirbhíse | - | - | - | - |
| **D12 Seirbhísí Gníomhaireachta & Forchúitithe** | **-** | **-** | **-** | **-** |
| **Rannóg D Iomlán** | **36,202,300** | **36,202,300** | **30,635,200** | **50,896,600** |

| Tábla F - Ioncam | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Rannóg D - Bainistíocht Forbartha** | | | | |
| | **2025** | | **2024** | |
| **Ioncam de réir Foinse** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomhfheidh meannach €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| **Deontais & Fóirdheontais Rialtais** | | | | |
| Tithíocht, Rialtas Áitiúil & Oidhreacht | 907,000 | 907,000 | 870,000 | 916,000 |
| Na Meáin, Turasóireacht, Ealaín, Cultúr, Spórt & An Ghaeltacht | - | - | - | - |
| Fiontar, Trádáil & Fostaíocht | 2,477,400 | 2,477,400 | 1,557,400 | 20,338,500 |
| Forbairt Tuaithe & Pobail | 3,831,300 | 3,831,300 | 694,100 | 754,700 |
| Eile | 168,800 | 168,800 | 694,700 | 319,700 |
| **Deontais & Fóirdheontais Rialtais Iomlána** | **7,384,500** | **7,384,500** | **3,816,200** | **22,328,900** |
| **Earraí & Seirbhísí** | | | | |
| Táillí Pleanála | 1,880,500 | 1,880,500 | 1,790,300 | 2,430,300 |
| Aoisliúntas | 315,700 | 315,700 | 310,400 | 310,400 |
| Seirbhísí Gníomhaireachta & Oibreacha Inaisíoctha | - | - | - | - |
| Ranníocaíochtaí Údaráis Áitiúil | - | - | - | - |
| Ioncam eile | 1,219,300 | 1,219,300 | 1,226,300 | 1,359,600 |
| **Earraí & Seirbhísí Iomlána** | **3,415,500** | **3,415,500** | **3,327,000** | **4,100,300** |
| **Rannóg D Iomlán** | **10,800,000** | **10,800,000** | **7,143,200** | **26,429,200** |

# Rannóg E
# SEIRBHÍSÍ TIMPEALLACHTA

**OIBRIÚ, COTHABHÁIL AGUS IARCHÚRAM LÍONTA TALÚN**

Cuimsítear sa tseirbhís seo bainistíocht timpeallachta, athchóiriú agus iarchúram Ionad Líonta Talún Bhaile Amhlaoibh agus Dhún Sinche, imscrúdú agus ceanglas reachtúil chun ionaid líonta talún stairiúla a thabhairt chun rialtachta agus freisin chun muirir do thionscadal Líonta Talún Neimhead a mhaoiniú. I measc na hoibre leanúnaí atá á déanamh tá obair atá dírithe ar shlándáil láithreáin, bainistiú gáis líonta talún agus láisteáite agus oibreacha innealtóireachta gaolmhara, faireachán timpeallachta agus cothabháil tailte.

Leanfar ar aghaidh le hoibreacha cothabhála caipitil in 2025 agus san áireamh beidh oibreacha innealtóireachta atá riachtanach chun bainistíocht an bhonneagair gáis agus láisteáite a chothabháil/a uasghrádú. Tá na hoibreacha riachtanacha liostaithe sa Chlár Caipitil. Chomh maith leis sin, tá oibreacha caipitil riachtanach chun Líonadh Talún Bhaile Amhlaoibh a athrú go dtí Páirc Réigiúnach. Ina theannta sin, tá muirir ag baint le foráil a dhéanamh do dhliteanais timpeallachta d'Ionad Líonta Talún Bhaile Amhlaoibh agus Dhún Sinche.

**BAINISTÍOCHT CONARTHAÍ SAORÁIDÍ AISGHABHÁLA AGUS ATHCHÚRSÁLA**

Clúdaíonn an tseirbhís seo gach costas a bhaineann le hIonad Athchúrsála an Inbhir agus Chúil Mhín agus oibriú líonra Ionad Fág Anseo na Comhairle. Tá foráil de €3.27M déanta i gcomhair 2025 don chostas a bhaineann leis na seirbhísí sin a sholáthar. Cuireadh an sceideal táillí reatha do na hIonaid i bhfeidhm in 2012. I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar tháillí in Údaráis Áitiúla in aice láimhe agus ar na costais chaiteachais mhéadaithe, foráiltear d'fhoráil mhéadaithe de €1.46m ar ioncam i mBuiséad 2025 chun freastal ar chostais mhéadaithe le haghaidh tuarastal, conarthaí beaga agus slándáil atá riachtanach chun an tseirbhís ag Cúil Mhín a leathnú.

**SAORÁID DRAMHAÍL GO FUINNEAMH**

Cuireadh tús leis an obair thógála ar Shaoráid Dramhaíl go Fuinneamh Bhaile Átha Cliath ag An Poll Beag ag deireadh 2014 agus tá an tsaoráid ag feidhmiú ó 2017. Tá an tsaoráid ag feidhmiú ag acmhainn iomlán beagnach ó 2018.

**FORFHEIDHMIÚ BRUSCAIR**

Sa tseirbhís seo clúdaítear forfheidhmiú na nAchtanna um Thruailliú ó Bhruscar trí Sheirbhís Maor Bruscair na Comhairle lena n-áirítear patróil laethúla, imscrúduithe ar thruailliú ó bhruscar, ionchúisimh chúirte agus athbhunú CCTV ar fud an chontae chun athchiontóirí a dhíspreagadh agus/nó a shainaithint. Clúdaítear freisin feachtais eolais chun aird a tharraingt ar bhruscar i dteannta le scoileanna, le gnóthaí agus leis an bpobal trí chéile. Déantar foráil de €754,000 i gcomhair 2025 don chostas a bhaineann leis na seirbhísí sin a sholáthar.

**GLANADH SRÁIDEANNA**
Tá foráil de €7.6M déanta do ghlanadh sráideanna agus tá foráil leanúnach de €493,600 déanta chun boscaí bruscair gréine a léasú. Tá foráil de €20,000 i ngach ceantar chun níos mó gnáthbhoscaí bruscair sráide a shuiteáil in áiteanna ina mbíonn go leor custaiméirí. Cuimsítear san fhoráil leanúnach do ghlanadh sráideanna foráil do mhíonna gnóthacha an tsamhraidh inár spásanna oscailte poiblí agus tránna.

**PLEAN CIGIREACHTA TIMPEALLACHTA (RMCEI)**
Tá obair an Aonaid Dramhaíola, Cháilíocht an Uisce, Bruscair, agus Aeir & Torainn, á bainistiú faoi Phlean Cigireachta Timpeallachta bliantúil a chuirtear faoi bhráid an EPA gach bliain. Déanann an EPA measúnú ar fheidhmíocht an Údaráis Áitiúil chomh fada is a bhaineann leis an bplean agus le tosaíochtaí náisiúnta atá sonraithe ag an EPA a chur chun feidhme. Ullmhófar an plean i gcomhair 2025 ag tús 2025. Tuairiscítear líon na gcigireachtaí ar bhonn ráithiúil i dtuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh.

**RIALÚ, FAIREACHÁN AGUS FORFHEIDHMIÚ DRAMHAÍOLA**
Tá Aonad Forfheidhmithe Dramhaíola na Rannóige Timpeallachta ag leanúint ar aghaidh lena chinntiú go bhfuil na Rialacháin Bainistíochta Dramhaíola á gcomhlíonadh. Tá an obair seo curtha san áireamh sa Phlean Cigireachta Timpeallachta (Plean RMCEI) a bhfuil cur síos déanta air thuas. I measc na bpríomhréimsí ar díríodh orthu bhí:

- Ceadanna Saoráidí Dramhaíola
- Ceadanna Bailithe Dramhaíola
- Dumpáil Mhídhleathach
- Dramhaíl Tógála & Scartála
- Dramhbhia Teaghlaigh & Tráchtála
- Gearáin faoi Dhramhaíl
- Fodhlíthe um Chur i Láthair Dramhaíola
- Feithiclí a bhfuil a Ré Caite agus Inrianaitheacht Mhiotail
- Tionscnaimh Freagrachta Tomhaltóirí, dramhphacáistíocht, boinn, Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach (DTLL), ceallraí, dramhaíl ghuaiseach agus feithiclí iompórtáilte

**PLEANÁIL BAINISTÍOCHTA DRAMHAÍOLA**
Sa tseirbhís seo clúdaítear costais a bhaineann le pleanáil bainistíochta dramhaíola agus feidhmiú oifig Réigiúnach Réigiún an Oirthir-Lár na Tíre.

**COTHABHÁIL IONAID ADHLACTHA**
Tá €1.9M curtha ar fáil do na hoibreacha leanúnacha cothabhála agus forbartha ag ár n-ionaid adhlactha.

Bainistíonn an Chomhairle 36 ionad adhlactha a bheidh á gcothabháil ag caighdeán ard i rith na bliana amach anseo.

**OIBRIÚ NA SEIRBHÍSE DÓITEÁIN & COSC DÓITEÁIN**
Tá Seirbhís Dóiteáin Fhine Gall á cur ar fáil ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Tá seirbhísí iomlána Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath, lena n-áirítear an tSeirbhís

Otharcharranna, ar fáil chun déileáil le teagmhais agus le héigeandálaí i bhFine Gall más gá. Meastar go bhfuil sciar Fhine Gall den tseirbhís dóiteáin in 2025 cothrom le €25.8m.

## AN tAONAD TRUAILLITHE UISCE

Tá an tAonad Truaillithe Uisce freagrach as forfheidhmiú na nAchtanna Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce) agus as forfheidhmiú agus bainistiú na Rialachán Uisce Snámha agus as cosaint agus feabhsú uiscí mar atá mionsonraithe i bPlean Gníomhaíochta Uisce 2024.

Gach bliain, ceanglaíonn an EPA ar an aonad plean cuimsitheach de chigireachtaí timpeallachta a fhorbairt agus a chur chun feidhme ar a dtugtar (Plean RMCEI). Tá na tosaíochtaí sin dírithe ar dhéileáil le tionchair brúnna talmhaíochta, fhuíolluisce agus brúnna idirleata agus poncfhoinse eile ar cháilíocht an uisce inár n-aibhneacha, screamhuisce agus dobharlaigh chósta. Cuimsítear sa phlean:

- Imscrúdú a dhéanamh ar theagmhais truaillithe uisce
- Faireachán a dhéanamh ar cheadúnú doirte eisiltigh trádála in uisce
- Cáilíocht an uisce snámha a bhainistiú ag 10 láithreán sainaitheanta agus ag láithreán amháin eile a bhfuil faireachán á dhéanamh air
- Faireachán a dhéanamh ar cháilíocht an uisce sna haibhneacha
- Suirbhéanna feirme (faoi na Rialacháin maidir le Dea-chleachtas Talmhaíochta (GAP))
- Plean Cigireachta Náisiúnta EPA a chur chun feidhme ar chórais chóireála fuíolluisce baile

Oibríonn foireann an Aonaid i ndlúthpháirt le hOifig Pobal Uisce na nÚdarás Áitiúil (LAWCO), Oifig Chlár Uisce na nÚdarás Áitiúil (LAWPRO) agus leis an EPA chun an Plean a chur chun feidhme. Sa tseirbhís seo clúdaítear an costas a bhaineann le hacmhainní a chur ar fáil do na cigireachtaí thuasluaite, muirir don anailís saotharlainne a bheidh á déanamh ag an Lárshaotharlann agus taighde comhoibríoch le hinstitiúidí tríú leibhéal áitiúla.

## CÁILÍOCHT AN AEIR AGUS TRUAILLIÚ TORAINN

Cabhraíonn an Rannóg Timpeallachta leis na nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) trí mhonatóirí aerthruaillithe a shuiteáil ag Bóthar na hAbhann, Baile Bhlainséir agus Lána an Uisce, Sord. Is cuid de líonra náisiúnta EPA iad na stáisiúin faireacháin sin. Soláthraíonn siad sonraí neas-fhíorama maidir le $NO_2$, $PM_{10}$ agus $O_3$ (Ózón).

Déileálann baill foirne an Aonaid seo le gearáin faoi Aerthruailliú agus faoi Thruailliú Torainn agus ullmhaíonn siad pleananna gníomhaíochta torainn faoi thorann bóithre agus iarnród.

## ÚDARÁS INNIÚIL TORAINN AERÁRTHAÍ

Tá Comhairle Contae Fhine Gall ainmnithe mar Údarás Inniúil chun críche torainn aerárthaí ag Acht um Thorann Aerárthaí (Aerfort Bhaile Átha Cliath) a Rialáil, 2019. Ina cháil mar údarás inniúil, forchuirtear tobhach ar an údarás aerfoirt d'Aerfort Bhaile Átha Cliath, de réir Alt 5 d'Acht um Thorann Aerárthaí (Aerfort Bhaile Átha Cliath) a Rialáil,

2019, i ndáil leis na costais tabhaithe ag Comhairle Contae Fhine Gall ina cáil mar údarás inniúil sa chomhthéacs seo.

**FEASACHT COMHSHAOIL**
Tá foráil de €370,000 i gcomhair 2025 curtha ar fáil faoin gClár Feasachta Comhshaoil ina gcuimsítear gníomhaíochtaí faoi na ceannteidil seo a leanas:

**Feasacht Comhshaoil & Dramhaíl a Chosc**

- Cláir agus deontais do scoileanna agus Clár na Scoileanna Glasa, Clár Múirínithe na Scoileanna, Cairde Bailithe Bruscair agus ceardlanna maidir le téamaí timpeallachta cosúil le Bithéagsúlacht, Gníomhú ar son na hAeráide agus Mearfhaisean
- Pobail – deontais do thionscadail gharraíodóireachta agus bhithéagsúlachta, tionscnamh múirínithe pobail an mhúirín duillí
- Tionscadal Uirlisí Fhine Gall – Deisiú agus Athúsáid uirlisí ceoil
- Bailte Slachtmhara – ceardlanna faoi inbhuanaitheacht agus bithéagsúlacht
- An Saol Glas - dhírigh 30 Ionad Pobail ar ghníomhaíochtaí bunaithe ar an téama uisce agus ar dhramhaíl a scaradh de réir dea-chleachtais
- Fógraíocht pictiúrlainne maidir le Dramhaíl agus Bithéagsúlacht sna 5 phictiúrlann áitiúla i bhFine Gall
- Tacú le feachtais Náisiúnta agus Réigiúnacha agus le tionscnaimh Údarás Áitiúil Bhaile Átha Cliath
- Boscaí Dramhbhia a dháileadh i rith na Seachtaine Náisiúnta um Dhramhbhia a Chosc agus ag an bhFéile Blasanna
- Blasanna Fhine Gall-Ábhair phoiblíochta lena n-áirítear grafaic faisnéise, taispeáintí agus ábhar ar líne chun tacú le feachtais feasachta comhshaoil agus frithbhruscair

**Frithbhruscar Frithghraifítí**

- Dáiltear bailitheoirí bruscair agus dáileoirí madraí ar an 10 mol ionaid phoiblí agus cuirtear ar fáil don phobal iad ina dhiaidh sin. Chomh maith leis sin, cuirtear bailitheoirí bruscair ar fáil do scoileanna
- Comórtas bliantúil ALAG – thacaigh an maoiniú seo le 30 tionscadal in 2024
- Tá an clár salaithe ag madraí curtha san áireamh faoin mbuiséad seo

**GNÍOMHÚ AR SON NA hAERÁIDE**
Comhordaíonn an rannóg Gníomhaithe ar son na hAeráide gníomhaíochtaí a bhaineann le cur chun feidhme Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024-2029 (CAP) agus tuairiscíonn sí ar dhul chun cinn i ndáil le cur chun feidhme an Phlean. Tá gníomhartha faoin bPlean á mbuiséadú faoi rannóga roinne atá freagrach as gníomhaíochtaí. Clúdaíonn an leithdháileadh buiséid faoin rannóg seo costais a bhaineann leis an méid seo a leanas:

- Ranníocaíocht airgeadais de €140,000 i gcomhair 2025 do Ghníomhaireacht Bainistíochta Fuinnimh Chathair Bhaile Átha Cliath (Codema). Tá Codema á mhaoiniú ag na ceithre Údarás Áitiúil i mBaile Átha Cliath agus soláthraíonn sé cúnamh teicniúil a bhaineann le héifeachtúlachtaí fuinnimh agus le beartas fuinnimh, pleanáil agus tionscadail ag leibhéal áitiúil


- Roinnt gníomhartha a chur chun feidhm faoin Rannóg Timpeallachta
- Gníomhaíochtaí atá bunaithe cheana féin faoi CCAP a fheabhsú agus gníomhartha nua a fhorbairt agus a chur chun feidhme
- Gníomhaíochtaí agus ábhar poiblíochta a bhaineann le feasacht ar an ngníomhú ar son na haeráide
- Seirbhísí comhairleoireachta agus tacaíochtaí coimhdeacha, lena n-áirítear i ndáil le measúnú a dhéanamh ar an bpoitéinseal a bhaineann le Scéimeanna Téimh Ceantair sa Chontae agus le Crios Dícharbónaithe a fhorbairt sa Chontae
- An Ciste Gníomhaithe ar son na hAeráide a riar

Táthar ag leanúint ar aghaidh le gníomhartha a chur chun feidhme faoin CCAP / CAP 5 bliana agus tá éachtaí suntasacha bainte amach.

# E - Seirbhísí Timpeallachta


## Caiteachas

| | | |
|---|---|---|
| E01 | Oibriú agus Iarchúram Líonta Talún | €2,579,400 |
| E02 | Oibríochtaí Saoráidí Aisghabhála & Athchúrsála | €4,577,300 |
| E03 | Saoráidí Dramhaíl go Fuinneamh | €871,600 |
| E05 | Bainistíocht Bruscair | €1,578,000 |
| E06 | Glanadh Sráideanna | €9,243,500 |
| E07 | Rialacháin, Faireachán agus Forfheidhmiú Dramhaíola | €1,563,000 |
| E08 | Pleanáil Bainistíochta Dramhaíola | €299,400 |
| E09 | Cothabháil Ionaid Adhlactha | €2,648,700 |
| E10 | Sábháilteacht Déanmhas agus Áiteanna | €1,216,000 |
| E11 | Oibriú na Seirbhíse Dóiteáin | €25,854,200 |
| E12 | Cosc Dóiteáin | €265,100 |
| E13 | Cáilíocht an Uisce, Truailliú Aeir agus Torainn | €2,809,800 |
| E15 | Athrú Aeráide & Tuilte | €1,275,800 |
| | | **€54,781,800** |




## Ioncam

| | |
|---|---|
| Gníomhú ar son na hAeráide, Líonraí Cumarsáide | €576,200 |
| Deontais agus fóirdheontais eile | €100,000 |
| Ioncam Eile | €3,674,800 |
| Ranníocaíochtaí Údaráis Áitiúil | €1,693,300 |
| Táillí Dramhaíola Tí | €1,456,000 |
| Muirir Dóiteáin | €1,500,000 |
| Aoisliúntas | €271,600 |
| | **€9,271,900** |



| Tábla F - Caiteachas | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Rannóg E - Seirbhísí Timpeallachta** | | | | |
| | **2025** | | **2024** | |
| **Caiteachas de réir na Seirbhíse agus na Fosheirbhíse** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomhfheidhmeannach /Méara €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| E0101 Oibríochtaí Líonta Talún | 1,185,100 | 1,185,100 | 1,627,700 | 1,679,900 |
| E0102 Ranníocaíocht le ÚÁnna eile - Saoráidí Líonta Talún | - | - | - | - |
| E0103 Costais Iarchúraim Líonta Talún. | 822,000 | 822,000 | 858,900 | 815,400 |
| E0199 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 572,300 | 572,300 | 584,200 | 598,000 |
| **E01 Oibriú agus Iarchúram Líonta Talún** | **2,579,400** | **2,579,400** | **3,070,800** | **3,093,300** |
| E0201 Oibríochtaí Saoráidí Athchúrsála | 70,000 | 70,000 | 119,800 | 77,000 |
| E0202 Oibríochtaí 'Ionaid Fág Anseo' | 3,935,200 | 3,935,200 | 3,381,300 | 3,954,700 |
| E0204 Seirbhísí Athchúrsála Eile | 44,500 | 44,500 | 46,300 | 42,000 |
| E0299 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 527,600 | 527,600 | 371,800 | 375,600 |
| **E02 Oibríochtaí Saoráidí Aisghabhála & Athchúrsála** | **4,577,300** | **4,577,300** | **3,919,200** | **4,449,300** |
| E0301 Oibríochtaí Saoráidí Dramhaíl go Fuinneamh | 871,400 | 871,400 | 903,900 | 903,900 |
| E0399 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 200 | 200 | 200 | 300 |
| **E03 Oibríochtaí Saoráidí Dramhaíl go Fuinneamh** | **871,600** | **871,600** | **904,100** | **904,200** |
| E0401 Seirbhísí Bailithe Dramhaíola Athchúrsála | - | - | - | - |
| E0402 Seirbhísí Bailithe Dramhaíola Orgánaí | - | - | - | - |
| E0403 Seirbhísí Bailithe Dramhaíola Iarmharaí | - | - | - | - |
| E0404 Seirbhísí Bailithe Dramhaíola Tráchtála | - | - | - | - |
| E0406 Ranníocaíocht le Seirbhísí Bailithe Dramhaíola | - | - | - | - |
| E0407 Costais Eile Bailiú Dramhaíola | - | - | - | - |
| E0499 Costais Tacaíochta Seirbhíse | - | - | - | - |
| **E04 Soláthar Dramhaíola do Sheirbhísí Bailithe** | **-** | **-** | **-** | **-** |
| E0501 Seirbhís Maoir Bhruscair | 753,800 | 753,800 | 868,800 | 672,100 |
| E0502 Tionscnaimh Rialaithe Bruscair | - | - | - | - |
| E0503 Seirbhísí Feasachta Comhshaoil | 370,300 | 370,300 | 343,100 | 368,800 |
| E0599 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 453,900 | 453,900 | 587,100 | 602,200 |
| **E05 Bainistíocht Bruscair** | **1,578,000** | **1,578,000** | **1,799,000** | **1,643,100** |
| E0601 Oibriú na Seirbhíse Glantacháin Sráide | 7,139,300 | 7,139,300 | 6,682,000 | 6,651,700 |
| E0602 Soláthar agus Feabhsú Boscaí Bruscair | 493,600 | 493,600 | 480,500 | 493,500 |
| E0699 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 1,610,600 | 1,610,600 | 1,705,000 | 1,720,700 |
| **E06 Glanadh Sráideanna** | **9,243,500** | **9,243,500** | **8,867,500** | **8,865,900** |
| E0701 Faireachán ar Rialacháin Dramhaíola (lena n-áirítear Líonadh Talún Príobháideach) | 30,000 | 30,000 | 38,900 | 25,000 |
| E0702 Forfheidhmiú Rialachán Dramhaíola | 1,073,500 | 1,073,500 | 1,132,900 | 1,200,000 |
| E0799 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 459,500 | 459,500 | 400,200 | 410,700 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **E07 Rialacháin, Faireachán agus Forfheidhmiú Dramhaíola** | **1,563,000** | **1,563,000** | **1,572,000** | **1,635,700** |

**Tábla F - Caiteachas**

**Rannóg E - Seirbhísí Timpeallachta**

| **Caiteachas de réir na Seirbhíse agus na Fosheirbhíse** | **2025** | | **2024** | |
|---|---|---|---|---|
| | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomhfheidhmeannach /Méara €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| E0801 Plean Bainistíochta Dramhaíola | 246,700 | 246,700 | 285,600 | 206,800 |
| E0802 Ranníocaíocht le Comhlachtaí Eile Pleanáil Bainistíochta Dramhaíola | - | - | - | - |
| E0899 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 52,700 | 52,700 | 60,500 | 62,200 |
| **E08 Pleanáil Bainistíochta Dramhaíola** | **299,400** | **299,400** | **346,100** | **269,000** |
| E0901 Cothabháil Ionaid Adhlactha | 1,990,500 | 1,990,500 | 2,233,400 | 2,059,600 |
| E0999 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 658,200 | 658,200 | 632,900 | 644,400 |
| **E09 Cothabháil Ionaid Adhlactha** | **2,648,700** | **2,648,700** | **2,866,300** | **2,704,000** |
| E1001 Costais Oibriúcháin Cosaint Shibhialta | 229,000 | 229,000 | 210,000 | 229,000 |
| E1002 Foirgnimh Dhainséaracha | 103,100 | 103,100 | 157,400 | 104,500 |
| E1003 Pleanáil Éigeandála | 83,400 | 83,400 | 130,100 | 103,500 |
| E1004 Láithreáin Thréigthe | 111,700 | 111,700 | 56,300 | 82,700 |
| E1005 Oibríocht Sábháilteachta Uisce | 320,500 | 320,500 | 397,900 | 328,100 |
| E1099 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 368,300 | 368,300 | 370,700 | 378,100 |
| **E10 Sábháilteacht Déanmhas agus Áiteanna** | **1,216,000** | **1,216,000** | **1,322,400** | **1,225,900** |
| E1101 Oibriú na Seirbhíse Briogáide Dóiteáin | 25,852,300 | 25,852,300 | 25,345,800 | 25,987,600 |
| E1103 Oiliúint Seirbhísí Dóiteáin | - | - | - | - |
| E1104 Oibriú na Seirbhíse Otharcharranna | - | - | - | - |
| E1199 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 1,900 | 1,900 | 1,800 | 1,900 |
| **E11 Oibriú na Seirbhíse Dóiteáin** | **25,854,200** | **25,854,200** | **25,347,600** | **25,989,500** |
| E1201 Costais na dTeastas Rialaithe Sábháilteachta Dóiteáin | 160,000 | 160,000 | 215,800 | 156,300 |
| E1202 Cosc agus Oideachas Dóiteáin | - | - | - | - |
| E1203 Cigireacht & Faireachán ar Shaoráidí Tráchtála | - | - | - | - |
| E1299 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 105,100 | 105,100 | 109,400 | 112,700 |
| **E12 Cosc Dóiteáin** | **265,100** | **265,100** | **325,200** | **269,000** |
| E1301 Bainistiú Cháilíocht an Uisce | 636,000 | 636,000 | 563,400 | 606,700 |
| E1302 Ceadúnú agus Faireachán Cháilíocht an Aeir agus an Torainn | 1,448,900 | 1,448,900 | 1,513,500 | 1,645,400 |
| E1399 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 724,900 | 724,900 | 623,100 | 638,000 |
| **E13 Cáilíocht an Uisce, Truailliú Aeir agus Torainn** | **2,809,800** | **2,809,800** | **2,700,000** | **2,890,100** |
| E1401 Seirbhís Gníomhaireachta & Forchúitithe | - | - | - | - |
| E1499 Costais Tacaíochta Seirbhíse | - | - | - | - |
| **E14 Seirbhísí Gníomhaireachta & Forchúitithe** | **-** | **-** | **-** | **-** |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| E1501 Athrú Aeráide & Tuilte | 977,900 | 977,900 | 860,200 | 1,964,700 |
| E1599 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 297,900 | 297,900 | 223,200 | 228,100 |
| **E15 Athrú Aeráide & Tuilte** | **1,275,800** | **1,275,800** | **1,083,400** | **2,192,800** |
| **Rannóg E Iomlán** | **54,781,800** | **54,781,800** | **54,123,600** | **56,131,800** |

| Tábla F - Ioncam | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Rannóg E - Seirbhísí Timpeallachta | | | | |
| | 2025 | | 2024 | |
| **Ioncam de réir Foinse** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomhfheidhmeannach €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| **Deontais & Fóirdheontais Rialtais** | | | | |
| Tithíocht, Rialtas Áitiúil & Oidhreacht | - | - | - | - |
| Coimirce Shóisialach | - | - | - | - |
| Cosaint | - | - | - | - |
| Comhshaol, Aeráid & Cumarsáid | 576,200 | 576,200 | 471,900 | 1,429,400 |
| Eile | 100,000 | 100,000 | 100,000 | 100,000 |
| **Deontais & Fóirdheontais Rialtais Iomlána** | **676,200** | **676,200** | **571,900** | **1,529,400** |
| **Earraí & Seirbhísí** | | | | |
| Táillí Dramhaíola Tí | 1,456,000 | 1,456,000 | 1,256,000 | 1,156,000 |
| Táillí Dramhaíola Tráchtála | - | - | - | - |
| Muirir Líonta Talún | - | - | - | - |
| Muirir Dóiteáin | 1,500,000 | 1,500,000 | 1,000,000 | 1,500,000 |
| Aoisliúntas | 271,600 | 271,600 | 273,800 | 273,800 |
| Seirbhísí Gníomhaireachta & Oibreacha Inaisíoctha | - | - | - | - |
| Ranníocaíochtaí Údaráis Áitiúil | 1,693,300 | 1,693,300 | 4,782,800 | 2,474,200 |
| Ioncam eile | 3,674,800 | 3,674,800 | 3,565,300 | 3,846,200 |
| **Earraí & Seirbhísí Iomlána** | **8,595,700** | **8,595,700** | **10,877,900** | **9,250,200** |
| **Rannóg E Iomlán** | **9,271,900** | **9,271,900** | **11,449,800** | **10,779,600** |

# Rannóg F
# ÁINEAS & CONLÁISTÍ

**TURASÓIREACHT & FORBAIRT CHULTÚRTHA**

**LEABHARLANNA**

Mar atá sonraithe i 'Plean Forbartha Seirbhíse Leabharlainne Fhine Gall 2024 – 2029' leanfaidh ár leabharlanna ar aghaidh ag feidhmiú mar spásanna pobail dinimiciúla agus ionchuimsitheacha atá ag tacú le cultúr, caitheamh aimsire, litearthacht, oideachas agus foghlaim ar feadh an tsaoil. Trínár seirbhísí, táimid ag freagairt do riachtanais ár bpobal ilghnéitheach, ag caomhnú agus ag cur féiniúlacht stairiúil uathúil Fhine Gall ar fáil agus ag díriú ar riachtanais seirbhíse a shamhlaítear a bheidh ann amach anseo.

In 2023 chaith Comhairle Contae Fhine Gall €55.42 don líon daonra ar sheirbhísí leabharlainne a chur ar fáil. Éascaíonn an caiteachas sin rochtain saor in aisce ar leabhair agus ar raon leathan acmhainní leictreonacha, clár gníomhaíochtaí agus imeachtaí a roinneann eolas agus a chuireann siamsaíocht ar fáil agus spásanna chun deis a thabhairt do dhaoine bualadh lena chéile, oibriú le chéile, a bheith cruthaitheach agus a bheith ag foghlaim. Tá na leabharlanna oscailte 6 lá sa tseachtain, agus tá baill foirne i láthair thart ar 47 uair an chloig in aghaidh na seachtaine, i measc an líon is airde uaireanta oscailte sa Tír.

Ag cur leis an rath a bhí ar scéim 'Mo Leabharlann Oscailte' na Comhairle i Leabharlann Bhaile Dúill, cuirfear an tsaoráid sin ar fáil i Leabharlann Mhullach Íde agus i Leabharlann Bhaile Bhlainséir, agus i Leabharlann na Sceirí atá díreach athchóirithe in 2025, agus cuirfear síneadh le huaireanta oibre na dtrí bhrainse sin agus beidh siad oscailte ar an Domhnach, luath ar maidin ó 8am agus deireanach san oíche go dtí 10pm. Beidh Leabharlann Dhomhnach Bat á bogadh ón Ionad Pobail go dtí Teach Bhaile Uisce in 2025 agus éascófar 'Mo Leabharlann Oscailte' sa leabharlann seo freisin.

In 2025, beidh foireann na Comhairle tiomanta do chroísheirbhísí leabharlainne a chur ar fáil saor in aisce agus do spás sábháilte, neodrach agus daonlathach a chur ar fáil do shaoránaigh Fhine Gall. Tá ról lárnach ag léitheoireacht, ag litearthacht agus ag soláthar faisnéise inár misean agus chuige sin, tá €1.32m curtha ar fáil sa bhuiséad don chiste leabhar, ina n-áirítear stoc fisiciúil a cheannach mar aon le r-leabhair, r-chlosleabhair agus r-acmhainní eile. Leagtar amach sa straitéis náisiúnta leabharlainne poiblí i gcomhair 2023-2027, *'Is í an Leabharlann an áit'*, sprioc do gach Údarás Áitiúil go mbeadh a chaiteachas bliantúil ar an gciste leabhar cothrom le €4 don líon daonra. Trí €1.32m a leithdháileadh ar chiste leabhar leabharlann Fhine Gall i mBuiséad 2025, tá an sprioc sin comhlíonta ag an gComhairle. Cinntíonn sé sin infheistíocht leantach i leabhair agus in acmhainní leictreonacha, tacaíonn sé le léitheoireacht agus le litearthacht ar fud an Chontae.

Cuimsítear inár gcláir chultúrtha, oideachais agus áineasa féilte bliantúla staire, scríbhneoireachta cruthaithí agus litríochta do leanaí a bhfuil níos mó tóra orthu bliain i

ndiaidh bliana. Chomh maith leis sin, eagraímid imeachtaí faoi chláir náisiúnta cosúil le Éire na Sláinte i Do Leabharlann agus Ceart Léitheoireachta. Tá suim beagán faoi bhun €250,000 leithdháilte i mBuiséad 2025 le haghaidh na gclár sin.

## PÁIRCEANNA AGUS SPÁSANNA OSCAILTE

Foráiltear i mBuiséad 2025 do chothabháil leantach breis is 5,000 acra (2,000 Ha.) de spásanna oscailte, páirceanna réigiúnacha agus saoráidí spóirt mar phríomhghnéithe de Bhonneagar Glas Fhine Gall. Tá maoiniú curtha san áireamh d'feabhsú leantach páirceanna imeartha, páirceanna spraoi agus saoráidí spóirt mar aon le thart ar 50,000 crann sráide. Tá €1.2m curtha ar fáil d'oibreacha feabhais nua agus breise i bpáirceanna agus i spásanna oscailte i rith 2025 faoin gClár Oibreacha Ceantair.

Tá foráil á déanamh sa Bhuiséad Ioncaim do chothabháil agus do chúram leantach ár bPáirceanna Réigiúnacha, Teach na bhFéileacán agus Gairdíní an Talbóidigh, Mullach Íde agus Gairdíní Shackleton, Cluain Saileach.

Leanfar ar aghaidh le hinfheistíocht a dhéanamh i mbonneagar aclaíochta amuigh faoin aer na páirce, tacófar le breis athléimneachta i gcomhthéacs na sláinte fisiciúla agus meabhraí agus rollfar amach scairdeáin uisce phoiblí chun cabhrú le dramhaíl phlaisteach a laghdú. Leanfar ar aghaidh le hoibríochtaí chun rolladh amach limistéar pailneora i bpáirceanna poiblí agus i spásanna oscailte a mhéadú.

Foráiltear do chaomhnú agus d'fheabhsú Bhithéagsúlacht Fhine Gall, lena n-áirítear an chuid de Bhithsféar Chuan Bhaile Átha Cliath atá lonnaithe i bhFine Gall, sa Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta.

## RÉADMHAOIN OIDHREACHTA & NITHE IS DÍOL SPÉISE DO THURASÓIRÍ

Déanann an Rannóg Turasóireachta & Forbartha Cultúrtha maoirseacht ar oibriú, agus tá sí freagrach as, cothabháil leantach agus forbairt leanúnach Réadmhaoin Oidhreachta na Comhairle atá ag feidhmiú mar Nithe is Díol Spéise do Thurasóirí. Leanfaidh an Rannóg ar aghaidh ag obair i gcomhar leis na cuideachtaí sealbhaíochta, le hoibreoirí agus le lamháltóirí gach réadmhaoine chun lántairbhe a bhaint as an bpoitéinseal turasóireachta agus oidhreachta agus chun an tairbhe gheilleagrach is mó agus is féidir a chinntiú don Chontae. Chomh maith leis sin, cinnteoidh an Buiséad Ioncaim gur féidir an infheistíocht atá pleanáilte faoi Chlár Caipitil 2025-27 na Comhairle a sheachadadh, agus go ndéanfar na hoibreacha ar fad de réir na gceanglas a bhaineann le Pleanáil na Bainistíochta Caomhantais.

## IMEACHTAÍ

In 2024 tugadh méadú mór faoi deara ar líon na ndaoine a bhí ag freastal ar imeachtaí, méadú gan choinne, agus tugadh méadú suntasach faoi deara ar líon agus ar scála na n-imeachtaí a reáchtáladh ar fud an Chontae i rith na bliana. Lena chois sin, mhéadaigh an maoiniú a bhí ar fáil do líon suntasach imeachtaí pobail ar fud an Chontae. Rinneadh foráil in 2025 chun cead a thabhairt leanúint ar aghaidh leis an gclár Imeachtaí fad is a bhí iarracht á déanamh a chinntiú go raibh rochtain ag gach duine ar gach imeacht.

In 2025 leagfar níos mó béime sa scéim maoinithe Féilte & Imeachtaí ar imeachtaí 'glasa', agus déanfar níos mó infheistíochta in inrochtaineacht agus i sábháilteacht an phobail ag imeachtaí níos mó. Ar aon dul le Beartas Bia Fhine Gall, leagfaidh an Fhoireann Imeachtaí níos mó béime ar thacú le táirgeoirí bia Fhine Gall trí thaispeántais bhia a eagrú ag imeachtaí ar fud an Chontae lena n-áirítear an dá phríomhfhéile bia, Blasanna Fhine Gall agus Féile Mhuirí & Bia Mara Bhinn Éadair.

Déanfar níos mó oibre i ndáil le cur chun cinn agus margaíocht na n-imeachtaí ar fad chun a chinntiú go bhfuil an lucht freastail ar fad airdeallach ar an méid atá á chur ar fáil ag Comhairle Contae Fhine Gall, go príomha tríd an suíomh gréasáin www.eventsinfingal.ie agus Féile Imeachtaí Fhine Gall 2025.

Cuirfear críoch le forbairt Straitéis Imeachtaí an Chontae ag tús 2025 freisin agus déanfar iarracht aird a tharraingt ar na buntáistí eacnamaíocha a chruthaíonn imeachtaí don phobal áitiúil. Chomh maith leis sin, déanfaidh an t-aonad imeachtaí athbhreithniú ar imeachtaí móra chun a chinntiú go bhfuil costais ailínithe le riachtanais agus le hionchais an phobail.

**AN OIFIG EALAÍON**

Tacaíonn Comhairle Contae Fhine Gall go gníomhach le raon leathan gníomhaíochtaí ealaíon i bhFine Gall, go háirithe maoiniú imeachtaí agus taibhithe. I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar Scéim Deontais an Achta Ealaíon in 2024, cuirtear €200,000 ar fáil chun tacú le raon leathan imeachtaí cultúrtha ar fud Fhine Gall in 2025. Ina measc tá féilte ealaíon bliantúla áitiúla, imeachtaí ceoil móra, scannáin a dhéanamh, seachtainí ealaíon na scoileanna agus tionscadail chruthaitheacha a bhfuil rochtain ag gach ball den phobal orthu.

Tá dhá Ionad Ealaíon na Comhairle, Draíocht i mBaile Bhlainséir agus Ionad Seamus Ennis in An Aill, ag leanúint ar aghaidh lena gcuid oibre agus tá €815,000 curtha ar fáil chun tacú leo go leanúnach in 2025, mar aon le €150,000 d'Institiúid Ceoil agus Amhránaíochta na hÉireann i mBaile Brigín agus €25,000 d'Amharclann Bhruach an Mhuilinn in An Ros. Tá na heagraíochtaí sin ag tacú go láidir le cúrsaí cultúrtha agus is ionaid bairr feabhais iad do na hEalaíona i bhFine Gall.

Tá €70,000 curtha san áireamh i mbuiséad 2025 do Ghlúin an Cheoil faoin gClár Óige agus Oideachais. Tá an maoiniú le húsáid chun creat inbhuanaithe a dhearadh, a fhorbairt agus a sholáthar do sheirbhísí oideachais cheoil taibhithe do leanaí agus do dhaoine óga atá ina gcónaí i bhFine Gall atá faoi mhíbhuntáiste.

Chomh maith leis sin, tá €110,500 á chur ar fáil dár gClár Óige agus Oideachais chun tacú le tionscnaimh do leanaí agus do dhaoine óga chun tairbhe a bhaint as na healaíona mar rannpháirtithe, cruthaitheoirí agus baill den lucht féachana i suíomhanna oideachais agus pobail ar fud an chontae, mar aon le tacú le cleachtas ealaíne a fhorbairt san earnáil YPCE.

Déanfar athbhreithniú ar Scéim Tacaíochta na nEalaíontóirí (scéim sparánachta) agus leanfar ar aghaidh leis an scéim in 2025. Is é cuspóir na Scéime tacú le healaíontóirí gairmiúla aonair ó Fhine Gall chun a gcleachtas ealaíne a fhorbairt. Tá sé mar aidhm leis an ngradam am agus acmhainní a chur ar fáil d'ealaíontóirí ionas gur féidir leo a bheith

ag smaoineamh, i mbun taighde, ag machnamh agus ag díriú ar a ngairmeacha ealaíne. In 2025 tá maoiniú luach €250,000 á chur ar fáil. Tá suim bhreise de €33,000 leithdháilte i gcomhair dámhachtainí, cónaitheacht agus deiseanna meantóireachta d'ealaíontóirí gairmiúla atá ag díriú ar fhoirmeacha ealaíne éagsúla le heagraíochtaí comhpháirtíochta.

Tá €115,500 leithdháilte i gcomhair doiciméad, imeachtaí agus clár gaolmhar a chuireann le ról níos leithne an chláir Coimisiúnaithe Ealaíne Poiblí ar fud Fhine Gall. In 2025 dearfar agus seachadfar beartas ealaíne poiblí nua d'Fhine Gall agus forbrófar Straitéis Ealaíne Poiblí Contae a áireofar ann mapáil agus meastóireacht ar shaothair choimisiúnaithe ionas gur féidir ullmhú do dheiseanna nua a bheidh ar fáil i bhFine Gall.

**CEATHRÚ AN CHULTÚIR, SORD (CCS)**

Tá foráil leanúnach á déanamh sa Bhuiséad chun iasacht a aisíoc chun Ionad Cultúrtha Shoird a thógáil, Buiséad a cheadaigh na baill in 2023.

Chuir an príomhchonraitheoir, Duggan Brothers Ltd, tús leis an obair ar an láithreán i mí Lúnasa 2024, agus díríodh ar na hoibreacha tochailte agus bonnsraithe. Táthar ag súil go mbeidh an clár tógála críochnaithe faoi dheireadh 2026.

Tá suim €200,000 leithdháilte chun cabhrú le forbairt pleananna straitéiseacha do Cheathrú an Chultúir, Sord.

**CLÁR ÉIRE ILDÁNACH FHINE GALL**

Is tionscnamh Rialtais cúig bliana é Éire Ildánach ina nglactar leis an gcruthaitheacht mar ghné lárnach de bheartas poiblí. Soláthraíonn Straitéis Cultúir & Cruthaitheachta 2023 - 2027 Fhine Gall creat do rannpháirtíocht leanúnach idir an pobal, cleachtóirí cruthaitheachta, ealaíontóirí agus an Chomhairle. Tá Clár na Comhairle á chomhordú agus á bhainistiú ag an Roinn Leabharlann.

Tá foráil de €320,900 déanta i mBuiséad 2025 don obair seo a áirítear inti tacú le Cruinniú na nÓg, lá náisiúnta saor in aisce cruthaitheachta do leanaí agus do dhaoine óga atá faoi 18 mbliana d'aois.

**SEIRBHÍS TRÁNNA & GARDAÍ TARRTHÁLA**

Tá an Chomhairle freagrach as cothabháil leanúnach tránna agus rinneadh foráil de €488,880 i mBuiséad 2025. Cuimsítear san fhoráil sin na Seirbhísí Garda Tarrthála ag deich dtrá ainmnithe sa Chontae agus trá breise amháin de réir an mheasúnaithe riosca a rinne Sábháilteacht Uisce na hÉireann – Trá Mhullach Íde.

Tá foráil leanúnach déanta i mBuiséad 2025 chun 45 garda tarrthála a earcú. Tá monatóireacht á déanamh ar thránna ag an deireadh seachtaine i rith mhí Meithimh agus ar bhonn laethúil i rith mhí Iúil agus mhí Lúnasa. Tá monatóireacht á déanamh ar thránna Brataí Goirme mar chuid den tseirbhís don deireadh seachtaine i rith mhí Mheán Fómhair amháin, agus cuirtear críoch leis an séasúr ar an 15 Meán Fómhair gach bliain. Tá sé stáisiún garda tarrthála nua á gcur ar fáil in 2025. Chomh maith leis sin, cuirfear

uasghráduithe trealaimh riachtanacha i gcrích in 2025, sula gcuirtear tús leis an séasúr snámha.

Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh le cithfholcadáin a shuiteáil a bheidh in úsáid ag snámhaithe ag cuid de na tránna a mbíonn an líon is mó daoine ag triall orthu. Tá tús á chur in 2025 le scéim phíolótach chun comharthaíocht ag ár dtránna a uasghrádú agus a shruthlíniú.

**OIFIG FORBARTHA POBAIL**

Oibríonn an Oifig Forbartha Pobail i gcomhpháirt le grúpaí pobail deonacha, gníomhaireachtaí agus soláthraithe seirbhíse chun pobail láidre, rannpháirteacha, chomhtháite a fhorbairt ar fud Fhine Gall.

Is iad príomhthosaíochtaí na hOifige Forbartha Pobail tacú le comhionannas agus le hionchuimsiú, tacú le rannpháirtíocht, oibriú i gcomhpháirt le raon leathan grúpaí agus eagraíochtaí agus a chinntiú go bhfuil straitéisí náisiúnta agus áitiúla á soláthar a thacaíonn le rannpháirtíocht shibhialta agus le hionchuimsiú sóisialta, agus a thacaíonn le pobail inbhuanaithe a bhfuil na daoine atá ina gcónaí iontu bródúil astu agus a bhfuil rochtain acu ar raon deiseanna sóisialta, cultúrtha agus forbartha inar féidir leo cur le próisis chinnteoireachta áitiúla.

Cuirtear obair CDO i gcrích faoi chúig cholún:

- Tacaíocht Idirghníomhaireachta
- Tacaíocht d’Fhorbairt Pobail
- Tacaíocht Straitéiseach
- Tacaíocht do Shaoráidí
- Tacaíocht Maoinithe

**TACAÍOCHT IDIRGHNÍOMHAIREACHTA**

Glactar leis an Líonra Rannpháirtíochta Pobail & le Comhairle na nÓg mar chuid de Rannóg D.

**TACAÍOCHT d'FHORBAIRT POBAIL**

Is próiseas é Forbairt Pobail ina dtagann baill den phobal le chéile chun gníomh comhchoiteann a dhéanamh agus chun réitigh ar fhadhbanna coitianta a fhorbairt. Go minic, réitítear folláine phobail, dúshláin eacnamaíocha, shóisialta, chomhshaoil agus chultúrtha trí ghníomh comhchoiteann ag bunleibhéal. Cuimsítear i bhforbairt pobail idir thionscnaimh bheaga le grúpa áitiúil agus tionscnaimh mhóra a bhfuil an pobal i gcoitinne páirteach iontu.

Tá foráil bhuiséid de €2.16m leithdháilte chun Tacaíochtaí Forbartha Pobail a chur ar fáil lena n-áirítear foráil de €1.8m chun tacú le forbairt saoráidí pobail nua agus chun oibreacha athchóirithe/deisithe a dhéanamh sna hIonaid Pobail níos sine a bhfuil Comhairle Contae Fhine Gall freagrach astu.

Tá an fhoireann forbartha pobail ar fud an chontae ag tacú le agus ag cumhachtú grúpaí pobail agus deonacha le raon tionscnamh.

**AOISBHÁCH**
Tá Aoisbhá Fhine Gall tiomanta do dhlús a chur le cur chuige comhoibritheach, ilearnálach maidir le hidirghabhálacha tacaíochta a chabhróidh go suntasach chun caighdeán saoil na ndaoine scothaosta atá ina gcónaí i bhFine Gall faoi láthair, agus na daoine a bheidh ina gcónaí ann amach anseo, a fheabhsú. Tá foráil bhuiséid de €136k leithdháilte chun tacú leis na gníomhaíochtaí sa réimse seo.

**TACAÍOCHT STRAITÉISEACH**
Ceann den iliomad tionscnamh a bhfuiltear ag tacú leo faoin gColún Tacaíochta Straitéisí é seachadadh gníomhaíochtaí a bhfuil cur síos déanta orthu i Straitéis um Lánpháirtiú agus Comhtháthú Sóisialta Imirceach Fhine Gall. Tá €170K á chur ar fáil chun tacú le gníomhaíochtaí chun fís Fhine Gall maidir le pobail ionchuimsitheacha agus chomhtháite a thabhairt chun beochta, pobail ina bhfuil luach ar na daoine atá ina gcónaí iontu, ag obair iontu agus ag tabhairt cuairt orthu, agus ina bhfuil ar chumas gach cónaitheoir páirt iomlán a ghlacadh in agus cur lena bpobail, beag beann ar a náisiúntacht, eitneacht, cúlra reiligiúnach nó cultúrtha.

**TACAÍOCHT DO SHAORÁIDÍ**
Tá foráil Buiséid Ioncaim de €2.87m leithdháilte chun tacaíocht airgeadais agus bhainistíochta a chur ar fáil do bhainistiú agus d'oibriú 36 saoráid pobail ar fud an Chontae.

Soláthraíonn an CDO raon máistir-ranganna ina ndírítear ar ábhar atá tábhachtach dar leis na baill lena n-áirítear bainistíocht saoráidí, cúrsaí airgeadais a bhainistiú, bainistiú maoirseachta agus reachtaíocht.

Chomh maith leis sin, tacaíonn CDO le Líonra Saoráidí Pobail Fhine Gall a bhfuil bainisteoirí ionaid, maoirseoirí, príomhbhaill foirne agus oifigigh phobail agus oibrithe deonacha atá ag obair i saoráidí pobail páirteach ann. Soláthraíonn an líonra struchtúr don CDO chun faisnéis a chur ar fáil maidir le deiseanna maoinithe agus oiliúint mar aon le faisnéis faoi chleachtais agus faoi threochtaí a bhaineann le bainistíocht saoráidí. Chomh maith leis sin, éascaíonn sé comhroinnt faisnéise i measc ball agus páirtithe leasmhara ábhartha agus tá Treoirleabhar do Shaoráidí pobail foilsithe aige agus Mol Beartas forbartha chun tacú le boird phobail agus dheonacha bhainistíochta ionad pobail.

**TACAÍOCHT MAOINITHE**
Cuirtear maoiniú Gníomhaíochtaí Pobail ar fáil chun tacú le grúpaí pobail agus deonacha chun tionscnaimh a fhorbairt a thacaíonn le forbairt grúpaí pobail, tionscnaimh ionchuimsithe shóisialta, imeachtaí pobail, gníomhú ar son na haeráide/feabhsú comhshaoil, tionscnaimh lánpháirtíochta nó idirchultúrtha. Tá €300K curtha ar fáil i bhfoirm maoinithe Deontais do thionscadail Samhraidh, Oíche Shamhna agus do Thionscadail Ghníomhaíochta faoi Scéim Maoinithe na nGníomhaíochtaí Pobail.

Chomh maith leis sin, tá scéim maoinithe curtha ar fáil sa Chlár Forbartha Pobail chun tacú le hoibreacha feabhsaithe Sláinte & Sábháilteachta i saoráidí pobail nach bhfuil faoi úinéireacht na comhairle.

**FOIREANN LÁNPHÁIRTÍOCHTA AN ÚDARÁIS ÁITIÚIL**

Is é ról Fhoireann Lánpháirtíochta an Údaráis Áitiúil (LAIT) tacaíochtaí lánpháirtíochta leanúnacha a chur ar fáil d'iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta (IP), Dídeanaithe Cláir agus Tairbhithe Cosanta Sealadaí (BOTP) chun cur ar a gcumas maireachtáil go neamhspleách sa phobal agus chun na cuspóirí atá sonraithe i Straitéis um Chomhtháthú Sóisialta 2019- 2024 a chomhlíonadh. Is iad na príomhchuspóirí a chinntiú go bhfreastalaíonn seirbhísí Chomhairle Contae Fhine Gall ar riachtanais an daonra ilghnéithigh agus go ndéantar obair chun a chinntiú gur féidir le saoránaigh ról iomlán a bheith acu sa saol pobail, beag beann ar a náisiúntacht, eitneacht, cúlra reiligiúnach nó cultúrtha.

Tá foráil bhuiséid de €140k leithdháilte chun tacú le gníomhaíochtaí agus le cláir sa réimse seo mar aon le cláir thacaíochta Úcránacha agus tionscadail a bhaineann le seachtain Lánpháirtíochta Fhine Gall a fheabhsaíonn ionchuimsiú agus comhtháthú sóisialta agus a laghdaíonn stiogma laistigh den phobal trí fheasacht a mhúscailt agus trí spásanna sábháilte a chruthú d'ionchuimsiú i nGrúpaí Pobail.

**OIFIG FORBARTHA SPÓIRT**

Tá Oifig Spóirt Chomhairle Contae Fhine Gall páirteach i Líonra Comhpháirtíochtaí Spóirt (LSPanna) Spórt Éireann. Is é an aidhm atá le Líonra LSP cabhrú le daoine a bheith gníomhach agus fáil réidh le bacainní ar spórt agus gníomhaíocht fhisiciúil a d'fhéadfadh a bheith ann. Díríonn an Oifig Spóirt ar raon leathan gníomhaíochtaí a bhfuil sé mar aidhm leo leibhéil rannpháirtíochta i spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil i measc pobal áitiúil a mhéadú. In 2025, díreoidh an Oifig Spóirt ar Phlean Áitiúil Spóirt agus Gníomhaíochtaí Fisiciúla 2024-2029 a chur chun feidhme agus é mar aidhm tacú le stíleanna maireachtála gníomhacha i bhFine Gall trí na sé chuspóir seo a leanas:

- Tús áite a thabhairt do spórt agus do ghníomhaíocht fhisiciúil
- Deiseanna agus roghanna a fheabhsú ionas gur féidir le gach duine a bheith gníomhach
- Cur le próifíl agus le hinfheicteacht spóirt agus gníomhaíochtaí fisiciúla
- Díriú ar rannpháirtíocht in imeachtaí amuigh faoin aer
- Rochtain ar shaoráidí spóirt agus gníomhaíochtaí fisiciúla ar ardchaighdeán a fheabhsú
- Comhoibriú le páirtithe leasmhara

Tacaíonn agus soláthraíonn an Oifig Spóirt cláir a bhfuil sé mar aidhm leo rannpháirtíocht i spórt a mhéadú, díriú ar ghrúpaí sonracha cosúil le leanaí, daoine óga atá i mbaol, grúpaí faoi mhíbhuntáiste, cailíní sna déaga, mná sa spórt, daoine fásta scothaosta agus daoine faoi mhíchumas.

Leanfaidh an Oifig Spóirt ar aghaidh ag obair le Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta spórt éagsúil i rith 2025 chun líon na ndaoine atá rannpháirteach i spórt agus i ngníomhaíochtaí ar fud an Chontae a mhéadú, agus leagfar béim shonrach ar Mhná ag Glacadh Páirt i

Spórt agus ar thionscnaimh ionchuimsithe. Tá foráil de €471,200 á cur ar fáil in 2025 chun tacú leis sin.

Leanfaidh an Oifig Spóirt ar aghaidh le cúrsaí & le ceardlanna a fhorbairt agus a reáchtáil i rith 2025. Leanfar ar aghaidh le cúrsaí maidir leis an méid seo a leanas a chur ar fáil in 2025 - Cumhdach Leanaí, ceardlann faoi Rannpháirtíocht Daoine Uathacha i Spórt, Cóitseáil Leanaí, Litearthacht Fhisiciúil a Thuiscint, Scileanna Éigeandála agus Feasacht maidir le hIonchuimsiú Daoine faoi Mhíchumas i Spórt - do chlubanna spóirt pobail agus do ghrúpaí gaolmhara eile nach bhfuil aon bhealach eile acu chun tairbhe a bhaint as an gcineál oiliúna seo. Lena chois sin, tá €150,000 á chur ar féil do dheontais tacaíochta trealaimh spóirt ar fud an chontae.

San áireamh sa Bhuiséad tá €500,000 breise do mhaoiniú an dearaidh agus na pleanála mionsonraithe chun linn snámha a fhorbairt i bhFearann an Chaisleáin, Baile Brigín.

**AN CLÁR SPÓIRT**

In 2025, leanfar ar aghaidh leis an gclár ParkFit a chur ar fáil agus le ranganna aclaíochta saor in aisce a thairiscint i bpáirceanna áitiúla do phobail mórthimpeall an Chontae. Leanfar ar aghaidh leis an gclár Aclaithe Spóirt i mbunscoileanna, agus tacófar leis trí raon modúl oiliúna do mhúinteoirí mar aon le gníomhaíochtaí sa seomra ranga ar líne. I mí Aibreán, reáchtálfaidh an Roinn Spóirt lá 'SportAbility' do lúthchleasaithe atá faoi mhíchumas a bhfuil sé mar aidhm leis nasc a bhunú idir lúthchleasaithe agus clubanna áitiúla ionas gur féidir leo leanúint ar aghaidh lena bhforbairt spóirt.

I mí Eanáir 2025, reáchtálfaidh an Roinn Spóirt a céad imeachta ceiliúrtha, 'Gradaim Spóirt Bhliantúla d'Oibrithe Deonacha'. Táthar ag súil go nglacfar leis an imeacht seo mar ghné de thimpeallacht spóirt Fhine Gall agus gur bealach a bheidh ann chun aitheantas bliantúil a thabhairt don obair luachmhar atá á déanamh ag oibrithe deonacha chun cúrsaí spóirt ag an mbunleibhéal a chur chun cinn.

Chomh maith leis sin, forbróidh an Roinn Spóirt an scéim phíolótach R-Spóirt a reáchtáladh an samhradh seo caite i gcomhpháirt le Foróige, trí úsáid a bhaint as cluichí leictreonacha i suíomh iomaíoch chun daoine óga a spreagadh chun tairbhe a bhaint as spóirt nó as gníomhaíocht fhisiciúil. Leanfar ar aghaidh leis an tionscnamh sin a fhorbairt i rith shamhradh 2025.

I ndiaidh 'Féile Spóirt Fhine Gall' a reáchtáil i gCaisleán Mhullach Íde an samhradh seo caite, tá an Roinn Spóirt ag súil go n-eagrófar tuilleadh imeachtaí áitiúla a bhfuil clubanna páirteach iontu ar mhaithe le hoidhreacht a fhorbairt - aird daoine ar spéis leo cúrsaí spóirt a tharraingt ar na féidearthachtaí atá le fáil i gceantair áitiúla.

Leanfaidh an Oifig Spóirt ar aghaidh ag obair mar chomhpháirtí gníomhach de Thionscadal na gCathracha Gníomhacha a bhfuil Ciste na gCuntas Díomhaoin ag tacú leis. Is í fís an tionscadail líon na saoránach a spreagadh, a choimeád agus a mhéadú, beag beann ar aois agus ar chumas, atá ag glacadh páirt i spóirt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil. Bunaithe ar Phlean Gníomhaíochta Domhanda na hEagraíochta Domhanda Sláinte (GAPPA), tá Tionscadal na gCathracha Gníomhacha dírithe ar thacú le 4 phríomhcholún:

- Córais Ghníomhacha
- Timpeallachtaí Gníomhacha
- Sochaithe Gníomhacha
- Daoine Gníomhacha


Cruthaíonn clár na gCathracha Gníomhacha deiseanna do shaoránaigh chun stíleanna maireachtála níos sláintiúla a bheith acu i gcomhthéacs an spóirt agus na gníomhaíochta fisiciúla.

# F - Áineas & Conláistí

## Caiteachas

**Rannóg F - Caiteachas**


| | | |
|---|---|---|
| F01 | Oibríochtaí Áiseanna Fóillíochta | €602,600 |
| F02 | Oibriú na Seirbhíse Leabharlainne agus Cartlainne | €19,691,100 |
| F03 | Oibríochtaí Limistéir Fóillíochta Lasmuigh | €28,122,200 |
| F04 | Forbairt Pobail, Spóirt agus Fóillíochta | €11,889,400 |
| F05 | Oibriú an Chláir Ealaíon | €13,414,600 |
| | | **€73,719,900** |




## Ioncam

**Rannóg F - Ioncam**

| | |
|---|---|
| Deontais DHLGH | €75,000 |
| An Chomhairle Ealaíon | €100,000 |
| Deontais & Fóirdheontais Eile | €1,871,900 |
| Ioncam Eile | €2,191,500 |
| Áineas/Conláistí/Cultúr | €666,200 |
| Aoisliúntas | €599,900 |
| | **€5,504,500** |



| Tábla F - Caiteachas | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Rannóg F - Áineas agus Conláistí** | | | | |
| | **2025** | | **2024** | |
| **Caiteachas de réir na Seirbhíse agus na Fosheirbhíse** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomhfheidh meannach /Méara €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| F0101 Oibríochtaí Áiseanna Fóillíochta | 291,200 | 291,200 | 248,200 | 268,800 |
| F0103 Ranníocaíocht le Comhlachtaí Seachtracha Áiseanna Fóillíochta | 101,000 | 101,000 | 304,000 | 100,700 |
| F0199 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 210,400 | 210,400 | 221,300 | 194,200 |
| **F01 Oibríochtaí Áiseanna Fóillíochta** | **602,600** | **602,600** | **773,500** | **563,700** |
| F0201 Oibríochtaí Seirbhíse Leabharlainne | 11,477,600 | 11,477,600 | 10,823,000 | 11,110,200 |
| F0202 An tSeirbhís Cartlainne | 155,000 | 155,000 | 147,800 | 187,700 |
| F0204 Ceannach Leabhar, CDanna etc. | 1,323,000 | 1,323,000 | 1,000,000 | 1,000,000 |
| F0205 Ranníocaíochtaí le hEagraíochtaí Leabharlainne | - | - | - | - |
| F0299 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 6,735,500 | 6,735,500 | 6,285,800 | 6,401,600 |
| **F02 Oibriú na Seirbhíse Leabharlainne agus Cartlainne** | **19,691,100** | **19,691,100** | **18,256,600** | **18,699,500** |
| F0301 Páirceanna, Faichí & Spásanna Oscailte | 21,259,200 | 21,259,200 | 20,741,000 | 21,073,200 |
| F0302 Áiteanna Súgartha | 688,600 | 688,600 | 617,100 | 496,100 |
| F0303 Tránna | 488,800 | 488,800 | 714,100 | 563,900 |
| F0399 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 5,685,600 | 5,685,600 | 5,722,300 | 5,722,600 |
| **F03 Oibríochtaí Limistéir Fóillíochta Lasmuigh** | **28,122,200** | **28,122,200** | **27,794,500** | **27,855,800** |
| F0401 Deontais Pobail | 3,312,200 | 3,312,200 | 5,339,400 | 5,689,500 |
| F0402 Oibriú Halla/Staide Spóirt | - | - | - | - |
| F0403 Áiseanna Pobail | 3,448,600 | 3,448,600 | 1,499,600 | 1,452,500 |
| F0404 Forbairt Áineasa | 3,650,300 | 3,650,300 | 2,910,300 | 3,081,500 |
| F0499 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 1,478,300 | 1,478,300 | 1,170,100 | 1,193,400 |
| **F04 Forbairt Pobail, Spóirt agus Fóillíochta** | **11,889,400** | **11,889,400** | **10,919,400** | **11,416,900** |
| F0501 Riar an Chláir Ealaíon | 4,293,800 | 4,293,800 | 4,035,400 | 4,269,000 |
| F0502 Ranníocaíocht le Comhlachtaí Eile An Clár Ealaíon | 120,000 | 120,000 | 120,000 | 120,000 |
| F0503 Oibríochtaí Músaem | - | - | - | - |
| F0504 Oibríochtaí Saoráidí Oidhreachta/Léirmhíniúcháin | 3,654,300 | 3,654,300 | 3,386,600 | 3,657,800 |
| F0505 Féilte agus Ceolchoirmeacha | 4,143,900 | 4,143,900 | 3,954,100 | 4,561,800 |
| F0599 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 1,202,600 | 1,202,600 | 1,020,800 | 1,039,600 |
| **F05 Oibriú an Chláir Ealaíon** | **13,414,600** | **13,414,600** | **12,516,900** | **13,648,200** |
| F0601 Seirbhís Gníomhaireachta & Forchúitithe | - | - | - | - |
| F0699 Costais Tacaíochta Seirbhíse | - | - | - | - |
| **F06 Seirbhísí Gníomhaireachta & Forchúitithe** | **-** | **-** | **-** | **-** |
| **Rannóg F Iomlán** | **73,719,900** | **73,719,900** | **70,260,900** | **72,184,100** |

| Tábla F - Ioncam | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Rannóg F - Áineas agus Conláistí | | | | |
| | 2025 | | 2024 | |
| **Ioncam de réir Foinse** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomhfheidhmeannach €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| **Deontais & Fóirdheontais Rialtais** | | | | |
| Tithíocht, Rialtas Áitiúil & Oidhreacht | 75,000 | 75,000 | 75,000 | 75,000 |
| Oideachas | - | - | - | - |
| Na Meáin, Turasóireacht, Ealaín, Cultúr, Spórt & An Ghaeltacht | - | - | - | - |
| Coimirce Shóisialach | - | - | - | - |
| Comhairle na Leabharlainne | - | - | - | - |
| An Chomhairle Ealaíon | 100,000 | 100,000 | 50,000 | 82,500 |
| Iompar | - | - | - | - |
| Forbairt Tuaithe & Pobail | 30,000 | 30,000 | 262,000 | 43,100 |
| Eile | 1,841,900 | 1,841,900 | 2,397,500 | 1,992,900 |
| **Deontais & Fóirdheontais Rialtais Iomlána** | **2,046,900** | **2,046,900** | **2,784,500** | **2,193,500** |
| **Earraí & Seirbhísí** | | | | |
| Áineas/Conláistí/Cultúr | 666,200 | 666,200 | 706,200 | 608,800 |
| Aoisliúntas | 599,900 | 599,900 | 605,700 | 605,700 |
| Seirbhísí Gníomhaireachta & Oibreacha Inaisíoctha | - | - | - | - |
| Ranníocaíochtaí Údaráis Áitiúil | - | - | 32,000 | 32,000 |
| Ioncam eile | 2,191,500 | 2,191,500 | 1,824,100 | 2,091,500 |
| **Earraí & Seirbhísí Iomlána** | **3,457,600** | **3,457,600** | **3,168,000** | **3,338,000** |
| **Rannóg F Iomlán** | **5,504,500** | **5,504,500** | **5,952,500** | **5,531,500** |

# Rannóg G
# TALMHAÍOCHT, BIA & CÚRSAÍ MARA

**BÉILÍ SCOILE**
Cuirtear suim de €55,800 (glan) san áireamh chun an Clár Béilí Scoile a chur ar fáil in 2025.

**OIBRIÚ AGUS COTHABHÁIL CALAFORT**
Úsáidtear soláthar buiséid de €391,600 do chothabháil agus do chúram ár gcalafort ag Baile Brigín, na Sceirí, Loch Sionnaigh agus an Ros. I ndiaidh glacadh leis na Fodhlíthe Calafoirt níos túisce i mbliana, tugadh isteach táillí beart feistithe i Ráithe 4 2024 i gceithre chalafort na Comhairle, agus úsáidfear an t-ioncam a chruthóidh sé sin chun áiseanna a fheabhsú do gach úsáideoir calafoirt amach anseo.

**OIBRIÚ SEIRBHÍSÍ MAORACHTA MADRAÍ AGUS DÍDINE MADRAÍ**
Tá suim €670,000 curtha san áireamh i mBuiséad 2025 chun freagrachtaí faoi Acht um Rialú Madraí, 1986 agus 1992 a chomhlíonadh.

Faoin Acht um Rialú Madraí, tá cumhachtaí ag an gComhairle chun aon mhadra atá ar strae, neamhcheadúnaithe nó ionsaitheach a urghabháil nó a chur i bpóna. Déanann foireann de sheisear maor madraí na patróil mhaorachta madraí i ngach ceantar lena n-áirítear lár bailte, eastáit tithíochta, tránna agus páirceanna mar chuid de sheirbhís seacht lá.

Déantar patróil mhaorachta madraí i rith na bliana agus leagtar béim ar phatróil i rith mhíonna an tsamhraidh tráth a ndéantar patróil sa tráthnóna i bpáirceanna Fhine Gall. Cabhraíonn na maoir madraí leis na Gardaí agus le gníomhaireachtaí reachtúla eile le cois Rann eile de chuid na Comhairle chun feidhmeanna a fheidhmiú faoi Acht um Rialú Madraí, 1986 agus 1992. Chomh maith leis sin, téann siad i mbun idirchaidrimh le heagraíochtaí cosúil leis an DSPCA i ndáil le nithe a bhaineann le leas ainmhithe.


Eisíonn na maoir madraí fógraí 10 lá chuig úinéirí nach bhfuil Ceadúnas Madraí acu agus eisíonn siad fíneálacha sa chás go dteipeann ar úinéirí Ceadúnas a chur ar fáil. Táthar ag súil le hioncam luach €285,000 ó Cheadúnú Madraí in 2025.

**OIBRIÚ NA SEIRBHÍSE URGHABHÁLA CAPALL AGUS NA SAORÁIDE PÓNA CAPALL**
Tá suim €147,000 curtha san áireamh i mBuiséad 2025 chun ár bhfreagrachtaí a chomhlíonadh faoi Acht um Rialú Capall, 1996, lena dtugtar cumhachtaí don Chomhairle chun aon chapall atá ar strae a urghabháil agus a chur i bpóna a d'fhéadfadh baol a chruthú do dhaoine nó do mhaoin nó a bheith ina núis.

# G – Talmhaíocht, Bia & Cúrsaí Mara


## Caiteachas

| | | |
|---|---|---|
| G02 | Oibriú agus Cothabháil Céanna agus Calafort | €636,800 |
| G04 | Seirbhís Tréidliachta | €1,132,900 |
| G05 | Seirbhísí Tacaíochta Oideachais | €112,000 |
| | | **€1,881,700** |




## Ioncam

| | |
|---|---|
| Talmhaíocht & Cúrsaí Mara | €20,000 |
| Deontais & Fóirdheontais Eile | €43,000 |
| Ioncam Eile | €366,300 |
| Aoisliúntas | €7,400 |
| | **€436,700** |



| Tábla F - Caiteachas | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Rannóg G - Talmhaíocht, Bia & Cúrsaí Mara** | | | | |
| | **2025** | | **2024** | |
| **Caiteachas de réir na Seirbhíse agus na Fosheirbhíse** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomhfheidhmeannach /Méara €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| G0101 Cothabháil Ceantar Draenála Talún | - | - | - | - |
| G0102 Ranníocaíochtaí le Comhchomhlachtaí Draenála | - | - | - | - |
| G0103 Íoc Pinsean Talmhaíochta | - | - | - | - |
| G0199 Costais Tacaíochta Seirbhíse | - | - | - | - |
| **G01 Costais Draenála Talún** | **-** | **-** | **-** | **-** |
| G0201 Oibriú Céanna | - | - | - | - |
| G0203 Oibriú Calafort | 524,600 | 524,600 | 485,300 | 1,144,100 |
| G0299 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 112,200 | 112,200 | 99,900 | 102,600 |
| **G02 Oibriú agus Cothabháil Céanna agus Calafort** | **636,800** | **636,800** | **585,200** | **1,246,700** |
| G0301 Cothabháil Ghinearálta - Réigiúin Chósta | - | - | - | - |
| G0302 Cosaint Phleanáilte Réigiún Cósta | - | - | - | - |
| G0399 Costais Tacaíochta Seirbhíse | - | - | - | - |
| **G03 Cosaint an Chósta** | **-** | **-** | **-** | **-** |
| G0401 Seirbhís Tréidliachta a Sholáthar | - | - | - | - |
| G0402 Cigireacht ar Sheamlais etc | - | - | - | - |
| G0403 Sábháilteacht Bia | - | - | - | - |
| G0404 Oibriú na Seirbhíse Maorachta Madraí | 800,000 | 800,000 | 772,000 | 793,100 |
| G0405 Seirbhísí Leasa Ainmhithe Eile (lena n-áirítear Rialú Capall) | 146,800 | 146,800 | 144,100 | 142,200 |
| G0499 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 186,100 | 186,100 | 118,400 | 122,500 |
| **G04 Seirbhís Tréidliachta** | **1,132,900** | **1,132,900** | **1,034,500** | **1,057,800** |
| G0501 Íoc Deontas Ardoideachais | - | - | - | - |
| G0502 Riar Deontas Ardoideachais | - | - | - | - |
| G0503 Íoc Pinsean VEC | - | - | - | - |
| G0504 Riar Pinsean VEC | - | - | - | - |
| G0505 Ranníocaíocht le VEC | - | - | - | - |
| G0506 Seirbhísí Oideachais Eile | 5,000 | 5,000 | 5,000 | 5,000 |
| G0507 Béilí Scoile | 98,800 | 98,800 | 107,400 | 97,600 |
| G0599 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 8,200 | 8,200 | 4,100 | 4,200 |
| **G05 Seirbhísí Tacaíochta Oideachais** | **112,000** | **112,000** | **116,500** | **106,800** |
| G0601 Seirbhís Gníomhaireachta & Forchúitithe | - | - | - | - |
| G0699 Costais Tacaíochta Seirbhíse | - | - | - | - |
| **G06 Seirbhísí Gníomhaireachta & Forchúitithe** | **-** | **-** | **-** | **-** |
| **Rannóg G Iomlán** | **1,881,700** | **1,881,700** | **1,736,200** | **2,411,300** |

| Tábla F - Ioncam | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Rannóg G - Talmhaíocht, Bia & Cúrsaí Mara | | | | |
| | 2025 | | 2024 | |
| **Ioncam de réir Foinse** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomhfheidhmeannach €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| **Deontais & Fóirdheontais Rialtais** | | | | |
| Tithíocht, Rialtas Áitiúil & Oidhreacht | - | - | - | - |
| Na Meáin, Turasóireacht, Ealaín, Cultúr, Spórt & An Ghaeltacht | - | - | - | - |
| Oideachas | - | - | - | - |
| Iompar | - | - | - | - |
| Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann | - | - | - | - |
| Talmhaíocht, Bia & Cúrsaí Mara | 20,000 | 20,000 | 20,000 | 20,000 |
| Eile | 43,000 | 43,000 | 43,000 | 43,000 |
| **Deontais & Fóirdheontais Rialtais Iomlána** | **63,000** | **63,000** | **63,000** | **63,000** |
| **Earraí & Seirbhísí** | | | | |
| Aoisliúntas | 7,400 | 7,400 | 4,400 | 4,400 |
| Seirbhísí Gníomhaireachta & Oibreacha Inaisíoctha | - | - | - | - |
| Ranníocaíochtaí Údaráis Áitiúil | - | - | - | - |
| Ioncam eile | 366,300 | 366,300 | 350,300 | 348,800 |
| **Earraí & Seirbhísí Iomlána** | **373,700** | **373,700** | **354,700** | **353,200** |
| **Rannóg G Iomlán** | **436,700** | **436,700** | **417,700** | **416,200** |

# Rannóg H
# SEIRBHÍSÍ ILGHNÉITHEACHA

**RIAR RÁTAÍ**
Táthar ag leanúint ar aghaidh le foráil a dhéanamh sa Bhuiséad do chaillteanais fhéideartha a d'fhéadfadh a bheith ag eascairt as cinntí an Bhinse Luachála atá mínithe do gach ball roimhe seo. Cuimsítear sa tseirbhís seo costas an bhailithe rátaí mar aon le foráil do dhíscríobh drochfhiach.

Foráiltear in Alt 9 d'Acht um Rátaí Rialtais Áitiúil agus Nithe Eile, 2019, go sonrach gur féidir le baill thofa d'Údarás Áitiúil scéim a bhunú ina bhforáiltear do laghdú rátaí i ndáil le réadmhaoin fholamh, agus go mbeidh a leithéid de scéim á ceadú ag cruinniú Buiséid Údaráis Áitiúil, a bhaineann leis an mbliain airgeadais áitiúil lena mbainfidh an scéim. Léirítear sa Bhuiséad an laghdú ar an bhfaoiseamh folúntais ón leibhéal reatha de 30% go dtí 0%. Mar a cheanglaítear faoi na rialacháin ábhartha, tá tuarascáil ar leithligh eisithe leis an mBuiséad ina bhfuil tuilleadh sonraí maidir leis seo le fáil.

**CLÁRÚ TOGHTHÓIRÍ/VÓTÁLAITHE**
Tiomsaíonn an Chomhairle Contae Clár na dToghthóirí gach bliain agus foilsítear é de réir na spriocdhátaí reachtúla. Tá 206,073 toghthóir ainmnithe ar Chlár na dToghthóirí amhail ón 10 Meán Fómhair 2024.

Tá suim de €107,000 curtha ar fáil don tionscadal voter.ie a bhfuil Comhairle Contae Fhine Gall ag obair air i gcomhpháirt leis na trí Údarás Áitiúla eile i mBaile Átha Cliath.

**COSTAIS NA mBALL**
Cuirfear suim de €19,500 ar fáil do chomhdhálacha agus do chúrsaí oiliúna a bhfreastalaíonn Baill Thofa orthu in 2025.

**MUIREAR AR ÁIT CHÓNAITHE PHRÍOBHÁIDEACH NEAMHPHRÍOMHA (NPPR)**
Foráiltear d'ioncam de €50,000 i mBuiséad 2025 i ndáil le haisghabháil riaráistí muirear NPPR.

**COSTAIS TACAÍOCHTA SEIRBHÍSE**

**MAOINIÚ OIFIGÍ NA COMHAIRLE**
Tá suim de €2.3m leithdháilte ar shocruithe maoinithe do na hoifigí i mBaile Bhlainséir.

**SEIRBHÍSÍ DIGITEACHA**
Tacaíonn an Roinn Seirbhísí Digiteacha le seirbhísí na Comhairle a chur ar fáil do bhaill den phobal, do ghnóthaí agus d'ionadaithe tofa Fhine Gall trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha.

Leanfar ar aghaidh leis an gClár um Chlaochlú Digiteach san Áit Oibre in 2025. I láthair na huaire táthar ag díriú ar athsholáthar an chórais CRM agus chóras Uiríoll na gComhairleoirí. I rith na chéad chéime eile den chlár a thosófar in 2025 díreofar ar rolladh amach réiteach sna timpeallachtaí iosta agus oibre allamuigh. Chomh maith leis sin, leanfar ar aghaidh leis an obair a bhaineann le digitiú taifead agus próiseas ar fud Ranna na Comhairle chun éifeachtúlachtaí a fheabhsú sna próisis oibre, chun rialachas agus slándáil faisnéise a fheabhsú, chun obair shoghluaiste agus allamuigh a fheabhsú, agus chun buntáistí comhshaoil a chinntiú.

Cuirfear tús le Clár Seirbhísí Ar Líne myFingal in 2025. Is é aidhm an chláir an sprioc seo a leanas a chomhlíonadh - go mbeidh 90% de sheirbhísí infheidhme na Comhairle á gcur ar fáil ar líne faoi 2030.

Leanfar ar aghaidh ag obair ar na cláir ePlanning agus eHousing in 2025 freisin. Is é an aidhm atá leis na cláir sin na córais atá bunaithe cheana féin a uasghrádú agus a fheabhsú chun éifeachtúlachtaí a fheabhsú i bpróisis oibre, lena n-áirítear oibríochtaí oifige agus allamuigh, agus chun seirbhísí ar líne a rolladh amach don phobal sna réimsí Pleanála agus Tithíochta.

Seo a leanas eolas maidir le cuid de na tionscadail Seirbhísí Digiteacha a leanfar ar aghaidh ag obair orthu in 2025:

- Seirbhísí CRM nua ar Microsoft Dynamics 365 (An Clár um Chlaochlú Digiteach san Áit Oibre)
- Tairseach Custaiméirí myFingal (An Clár Seirbhísí Ar Líne)
- An Clár eHousing (Céim 2)
- An Clár ePlanning (Céim 2)
- Iasachtaí Tithíochta
- Orduithe CE (An Modúl faoi Shíniú Digiteach)
- Uasghrádú na gcóras GIS

Leanfaidh an Roinn Seirbhísí Digiteacha ar aghaidh le cothabháil agus le tacaíocht an bhonneagair teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a bhainistiú do Chomhairle Contae Fhine Gall lena n-áirítear seirbhísí ar líne na Comhairle, costais ghnó, bonneagar freastalaí, líonra sonraí agus gléasanna ríomhaireachta.

Cuirfear Straitéis Dhigiteach nua i gcrích in 2025 a úsáidfear nuair a bheidh deireadh tagtha le tréimhse na straitéise atá in úsáid againn faoi láthair. Chomh maith leis sin, forbrófar plean gníomhaíochta áitiúil do chur chun feidhme na spriocanna atá leagtha amach i Straitéis Dhigiteach agus TFC Náisiúnta an Rialtais Áitiúil.

Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh lena rannpháirtíocht ghníomhach i dtionscnamh réigiúnach Bhaile Átha Cliath Cliste, Bhaile Brigín Cliste agus i bhFóram Uile-Éireann na gCathracha Cliste a bhfuil sé mar aidhm leo dlús a chur le nuálaíocht agus le comhoibriú i ndáil le húsáid na teicneolaíochta chun caighdeán saoil pobal áitiúil a fheabhsú.

Chomh maith leis sin, leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh le páirt a ghlacadh in agus le ról ceannaireachta a bheith aici i dtionscnaimh náisiúnta Sonraí Oscailte a chumasóidh foilsiú comhordaithe agus caighdeánaithe Sonraí Oscailte á ndéanamh ag Údaráis Áitiúla.

**SEIRBHÍSÍ DO DHAOINE**

Tá Seirbhísí do Dhaoine ag ullmhú Plean Straitéiseach Foirne Oibre 5 bliana (PSFO) atá le foilsiú in 2025. Is uirlis riachtanach é ullmhú an PSFO seo chun cabhrú leis an eagraíocht a ceanglais foirne oibre a bhainistiú i dtimpeallacht atá ag athrú. Cuirfear plean gníomhaíochta ar fáil chun déileáil le haon bhearna nó le haon tosaíocht a sainaithníodh mar chuid den anailís a rinneadh ar an bhfoireann oibre atá ann faoi láthair.

Tá dúshláin fós ag baint le hearcaíocht de bhrí go bhfuilimid ag dul in iomaíocht i gcomhair ball foirne ar ardchaighdeán in áit mhargaidh atá an-iomaíoch. Bhí 195 ball foirne earcaithe san eagraíocht ag deireadh Dheireadh Fómhair 2024 agus d'fhág 187 ball foirne an eagraíocht i rith na tréimhse céanna. Leanfaidh Seirbhísí do Dhaoine ar aghaidh le feachtais earcaíochta a reáchtáil i rith 2025.

Táthar ag leanúint ar aghaidh le socruithe oibre cumaisc a chur chun feidhme i rith 2025 agus tá baill foirne incháilithe ag obair ó chian i gcomhair suas le 2 lá.

Leanfaidh an Roinn Seirbhísí Daoine ar aghaidh ag dul i mbun comhairle le Ceardchumainn agus leanfaidh sí ar aghaidh le húsáid a bhaint as an bpróiseas comhpháirtíochta, "Líonra Fhine Gall", chun éifeachtúlachtaí riachtanacha a chur chun feidhme san áit oibre fad is atá síocháin thionsclaíoch á cinntiú.

Tá an Rannóg Párolla ag leanúint ar aghaidh leis na Príomhtháscairí Feidhmíochta atá leagtha amach sa Chomhaontú ar Leibhéal Seirbhíse le MyPay a chomhlíonadh i ndáil le hamlínte a bhaineann le híocaíochtaí a dhéanamh agus beachtas na n-íocaíochtaí a dhéantar le baill foirne. Ina theannta sin, cinnteoidh an Rannóg Párolla go gcuirfear coigeartuithe pá i bhfeidhm de réir Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí 2024-2026.

Mar gheall ar phróifíl foirne atá ag dul in aois, tá líon na n-iarratas scoir atá á bpróiseáil ag an Rannóg Aoisliúntais ag méadú bliain i ndiaidh bliana agus meastar go mbeidh níos mó ná 70 ball foirne ag dul ar scor in 2025. Bhí sé sin mar bhonn freisin le méadú ar iarratas ar mheastacháin aoisliúntais agus ar fhaisnéis ghinearálta maidir le teidlíochtaí.

**FOGHLAIM AGUS FORBAIRT**

Tá an Roinn Seirbhísí do Dhaoine ag leanúint ar aghaidh lena chinntiú go bhfuil scileanna, cumas agus inniúlachtaí fostaithe á bhfeabhsú agus á nuashonrú ionas gur féidir leo a róil a chomhlíonadh ar bhealach inniúil agus sábháilte i dtimpeallacht oibre atá ag athrú. In 2025, chun soláthar seirbhíse a fheabhsú, tá sé beartaithe againn tairbhe a bhaint as teicneolaíocht chun oiliúint a shruthlíniú, modúil foghlama ar éileamh a éascú agus dul chun cinn a rianú trí ardáin dhigiteacha.

**FOLLÁINE**

Tá an Roinn Seirbhísí do Dhaoine ag leanúint ar aghaidh le béim a leagan ar fholláine foirne trí thionscnaimh cosúil leis an Scéim Cúnaimh i gcomhair Fostaithe, an Giomnáisiam Digiteach, Cruthaitheacht ar mhaithe le Folláine, agus neart tionscnamh eile.

**SLÁINTE & SÁBHÁILTEACHT CHEIRDE**


Tacaíonn ASS (Aonad Sláinte & Sábháilteachta) Chomhairle Contae Fhine Gall le stiúrthóireachtaí agus le baill foirne éagsúla laistigh den Údarás Áitiúil trí bhearta sábháilteachta réamhghníomhacha agus frithghníomhacha san áit oibre. Bainistíonn an ASS guaiseacha aitheanta sláinte agus sábháilteachta ceirde agus rioscaí gaolmhara trí chomhairle, oiliúint, measúnuithe, beartais, nósanna imeachta agus imscrúduithe atá leagtha amach sna ráitis sábháilteachta chorparáideacha agus choimhdeacha. Bailíochtaítear na próisis sin laistigh den eagraíocht trí iniúchtaí sábháilteachta fógartha cuimsitheacha agus trí iniúchtaí sábháilteachta láithreáin neamhfhógartha minice. Leanfar ar aghaidh leis an gcóras iniúchta sin i rith 2025.

Déantar bailíochtú seachtrach chóras bainistíochta sábháilteachta an Údaráis Áitiúil trí aighneachtaí bliantúla a chuireann ASS ar fáil do scéim Dámhachtana Sábháilteachta NISO agus tá dámhachtainí sábháilteachta ag Comhairle Contae Fhine Gall faoi láthair do ‘Ardghradam’ agus an ‘Gradam don Sárghnóthachtálaí’.

# H – Seirbhísí Ilghnéitheacha


## Caiteachas

| | | |
|---|---|---|
| H02 | Cuntas Brabúis & Caillteanais Stóras | €304,800 |
| H03 | Riar Rátaí | €18,811,500 |
| H04 | Costais Saincheadúnais | €513,600 |
| H06 | Droichid Mheáite | €20,200 |
| H07 | Oibriú Margaí agus Corrthrádála | €1,200 |
| H09 | Ionadaíocht Áitiúil & Ceannaireacht Chathartha | €3,372,000 |
| H11 | Seirbhísí Gníomhaireachta & Forchúitithe | €568,000 |
| | | **€23,591,500** |




## Ioncam

| | |
|---|---|
| Deontais DHLGH | €20,878,800 |
| NPPR | €50,000 |
| Ioncam Eile | €8,539,300 |
| Ranníocaíochtaí Údaráis Áitiúil | €170,000 |
| Aoisliúntas | €56,000 |
| | **€29,694,100** |



| Tábla F - Caiteachas | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Rannóg H - Seirbhísí Ilghnéitheacha** | | | | |
| **Caiteachas de réir na Seirbhíse agus na Fosheirbhíse** | **2025** | | **2024** | |
| | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomhfheidhmeannach /Méara €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| H0101 An tSeirbhís Cothabhála Innealra | 2,078,100 | 2,078,100 | 1,772,800 | 1,875,700 |
| H0102 Oibríochtaí Gléasra agus Innealra | (2,078,100) | (2,078,100) | (1,772,800) | (1,875,700) |
| H0199 Costais Tacaíochta Seirbhíse | - | - | - | - |
| **H01 Cuntas Brabúis & Caillteanais Innealra** | **-** | **-** | **-** | **-** |
| H0201 Ceannach Ábhar, Stórais | 110,100 | 110,100 | 120,100 | 110,100 |
| H0202 Costais Riaracháin Stórais | 115,300 | 115,300 | 108,800 | 111,500 |
| H0203 Cothabháil Foirgneamh, stórais | - | - | - | - |
| H0299 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 79,400 | 79,400 | 187,000 | 194,400 |
| **H02 Cuntas Brabúis & Caillteanais Stóras** | **304,800** | **304,800** | **415,900** | **416,000** |
| H0301 Oifig Riar Rátaí | 10,000 | 10,000 | 30,000 | 10,000 |
| H0302 Rátaí na Seirbhíse Bainistithe Fiach | 852,500 | 852,500 | 732,200 | 843,700 |
| H0303 Aisíocaíochtaí agus Rátaí Do-athfhála | 16,715,000 | 16,715,000 | 17,415,000 | 17,605,000 |
| H0399 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 1,234,000 | 1,234,000 | 1,193,800 | 1,142,700 |
| **H03 Riar Rátaí** | **18,811,500** | **18,811,500** | **19,371,000** | **19,601,400** |
| H0401 Costais Chlár na dToghthóirí | 290,700 | 290,700 | 334,000 | 306,600 |
| H0402 Costais an Toghcháin Áitiúil | - | - | 267,400 | 925,500 |
| H0499 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 222,900 | 222,900 | 286,700 | 295,000 |
| **H04 Costais Saincheadúnais** | **513,600** | **513,600** | **888,100** | **1,527,100** |
| H0501 Táillí agus Costais Chróinéara | - | - | - | - |
| H0502 Oibriú Marbhlainne | - | - | - | - |
| H0599 Costais Tacaíochta Seirbhíse | - | - | - | - |
| **H05 Costais Oibrithe Marbhlainne agus Chróinéara** | **-** | **-** | **-** | **-** |
| H0601 Oibríochtaí Droichid Mheáite | 18,500 | 18,500 | 26,000 | 18,500 |
| H0699 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 1,700 | 1,700 | 400 | 400 |
| **H06 Droichid Mheáite** | **20,200** | **20,200** | **26,400** | **18,900** |
| H0701 Oibriú Margaí | - | - | - | - |
| H0702 Limistéir Chorrthrádála | 1,000 | 1,000 | 1,000 | 1,000 |
| H0799 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 200 | 200 | 100 | 100 |
| **H07 Oibriú Margaí agus Corrthrádála** | **1,200** | **1,200** | **1,100** | **1,100** |
| H0801 Damáiste Mailíseach | - | - | - | - |
| H0899 Costais Tacaíochta Seirbhíse | - | - | - | - |

| Caiteachas de réir na Seirbhíse agus na Fosheirbhíse | 2025 Arna ghlacadh ag an gComhairle € | 2025 Measta ag an bPríomhfheidhmeannach /Méara € | 2024 Arna ghlacadh ag an gComhairle € | 2024 Toradh Measta € |
|---|---|---|---|---|
| **H08 Damáiste Mailíseach** | **-** | **-** | **-** | **-** |

**Tábla F - Caiteachas**

**Rannóg H - Seirbhísí Ilghnéitheacha**

| Caiteachas de réir na Seirbhíse agus na Fosheirbhíse | 2025 Arna ghlacadh ag an gComhairle € | 2025 Measta ag an bPríomhfheidhmeannach /Méara € | 2024 Arna ghlacadh ag an gComhairle € | 2024 Toradh Measta € |
|---|---|---|---|---|
| H0901 Íocaíochtaí Ionadaíocha | 1,159,100 | 1,159,100 | 1,110,200 | 1,129,500 |
| H0902 Liúntais an Chathaoirligh/an Leaschathaoirligh | 60,000 | 60,000 | 72,000 | 50,500 |
| H0903 Liúntais Bhliantúla Baill ÚÁ | 445,200 | 445,200 | 452,500 | 445,200 |
| H0904 Costais Baill ÚÁ | - | - | - | - |
| H0905 Costais Eile | - | - | - | - |
| H0906 Comhdhálacha Thar Lear | 1,500 | 1,500 | 3,000 | 1,500 |
| H0907 Aiscí Scoir | 10,000 | 10,000 | 15,000 | 286,200 |
| H0908 Ranníocaíocht le Cumainn Ball | 24,500 | 24,500 | 21,500 | 24,500 |
| H0909 Leithdháileadh Bardasach Ginearálta | - | - | - | - |
| H0999 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 1,671,700 | 1,671,700 | 1,396,200 | 1,482,000 |
| **H09 Ionadaíocht Áitiúil & Ceannaireacht Chathartha** | **3,372,000** | **3,372,000** | **3,070,400** | **3,419,400** |
| H1001 Oibriú Mótarchánach | - | - | - | - |
| H1099 Costais Tacaíochta Seirbhíse | - | - | - | - |
| **H10 Mótarcháin** | **-** | **-** | **-** | **-** |
| H1101 Seirbhís Gníomhaireachta & Forchúitithe | 101,500 | 101,500 | 94,000 | 102,000 |
| H1102 NPPR | 257,300 | 257,300 | 313,600 | 276,200 |
| H1199 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 209,200 | 209,200 | 244,700 | 250,200 |
| **H11 Seirbhísí Gníomhaireachta & Forchúitithe** | **568,000** | **568,000** | **652,300** | **628,400** |
| **Rannóg H Iomlán** | **23,591,300** | **23,591,300** | **24,425,200** | **25,612,300** |
| **IOMLÁN FORIOMLÁN** | **388,875,700** | **388,875,700** | **361,897,200** | **385,648,600** |

| Tábla F - Ioncam | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Rannóg H - Seirbhísí Ilghnéitheacha | | | | |
| | 2025 | | 2024 | |
| Ioncam de réir Foinse | Arna ghlacadh ag an gComhairle € | Measta ag an bPríomhfheidhmeannach € | Arna ghlacadh ag an gComhairle € | Toradh Measta € |
| **Deontais & Fóirdheontais Rialtais** | | | | |
| Tithíocht, Rialtas Áitiúil & Oidhreacht | 20,878,800 | 20,878,800 | 14,407,100 | 17,374,200 |
| Talmhaíocht, Bia & Cúrsaí Mara | - | - | - | - |
| Coimirce Shóisialach | - | - | - | - |
| Dlí agus Cirt | - | - | - | - |
| Eile | - | - | - | - |
| **Deontais & Fóirdheontais Rialtais Iomlána** | **20,878,800** | **20,878,800** | **14,407,100** | **17,374,200** |
| **Earraí & Seirbhísí** | | | | |
| Aoisliúntas | 56,000 | 56,000 | 55,500 | 55,500 |
| Seirbhísí Gníomhaireachta & Oibreacha Inaisíoctha | - | - | - | - |
| Ranníocaíochtaí Údaráis Áitiúil | 170,000 | 170,000 | 160,000 | 169,800 |
| NPPR | 50,000 | 50,000 | 400,000 | 300,000 |
| Ioncam eile | 8,539,300 | 8,539,300 | 14,359,300 | 14,934,100 |
| **Earraí & Seirbhísí Iomlána** | **8,815,300** | **8,815,300** | **14,974,800** | **15,459,400** |
| **Rannóg H Iomlán** | **29,694,100** | **29,694,100** | **29,381,900** | **32,833,600** |
| **IOMLÁN FORIOMLÁN** | **208,423,800** | **208,423,800** | **190,386,800** | **211,839,900** |

# DEIMHNIÚ

Deimhním leis seo gur tionóladh cruinniú Chomhairle Contae Fhine Gall maidir leis an mBuiséad Bliantúil ar an 3ú lá de mhí na Nollag 2024, ghlac an Chomhairle le rún don bhliain airgeadais dar críoch an 31 lá de mhí na Nollag 2025, an Buiséad Bliantúil arna leagan amach i dTáblaí A - F agus le rún arna chinneadh i gcomhréir leis an mbuiséad i gceist an ráta arna leagan amach i dTábla A bheith ina Ráta Bliantúil ar Luacháil atá le tobhach don bhliain sin chun na críocha arna leagan amach i dTábla A.

Síniú ____________________
Méara

Comhshíniú ____________________
Stiúrthóir Airgeadais

Dáta 3/12/2024

| AGUISÍN 1 | | |
|---|---|---|
| **ACHOIMRE AR MHUIRIR BHAINISTÍOCHTA LÁRNACHA DON BHLIAIN 2025** | | |
| **Cur Síos** | **2025**<br>**€** | **2024**<br>**€** |
| Forchostas Gnóthaí Corparáideacha | 7,106,900 | 6,396,500 |
| Forchostas Foirgneamh Corparáideach | 11,151,000 | 10,871,100 |
| Forchostas na Feidhme Airgeadais | 3,483,700 | 3,168,300 |
| Forchostas na Feidhme Acmhainní Daonna | 4,662,100 | 4,251,700 |
| Seirbhísí TF | 10,491,300 | 10,084,500 |
| Forchostas Pinsin & Cnapshuime | 22,242,800 | 21,303,500 |
| **Caiteachas Iomlán Leithdháilte ar Sheirbhísí** | **59,137,800** | **56,075,600** |

| AGUISÍN 2 | | |
|---|---|---|
| **ACHOIMRE AR LEITHDHÁILEADH NA CÁNACH MAOINE ÁITIÚLA DON BHLIAIN 2025** | | |
| | **2025** | **2025** |
| **Cur Síos** | **€** | **€** |
| **Lánroghnach** | | |
| Cáin Mhaoine Áitiúil Lánroghnach (Tábla A) | 12,700,300 | |
| | | **12,700,300** |
| **Féinmhaoiniú - Buiséad Ioncaim** | | |
| Tithíocht & Foirgneamh | 11,783,800 | |
| Bóithre, Iompar & Sábháilteacht | 3,914,500 | |
| | | **15,698,300** |
| **Cáin Mhaoine Áitiúil Iomlán - Buiséad Ioncaim** | | **28,398,600** |
| **Féinmhaoiniú - Buiséad Caipitil** | | |
| * Tithíocht & Foirgneamh | 14,000,000 | |
| Bóithre, Iompar & Sábháilteacht | | |
| | | **14,000,000** |
| **Cáin Mhaoine Áitiúil Iomlán - Buiséad Caipitil** | | |
| **Leithdháileadh Iomlán na Cánach Maoine Áitiúla (I nDiaidh Athrúcháin)** | | **42,398,600** |

* Tá scoilteadh an cheanglais féinmhaoinithe bunaithe ar aicmiú na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar an mbuiséad reatha & caipitil. Níl sé sin ailínithe le cóireáil údaráis áitiúil i gcásanna áirithe, áfach e.g. Deontais Tithíochta Phríobháideacha, Scéim Comhiomlánaithe Talún. Dá réir sin, cuimsítear san LPT Caipitil Tithíochta roinnt gnéithe féinmhaoinithe atá aicmithe mar ioncam sa Bhuiséad seo, níl an ghné LPT i gcomhair na scéimeanna seo ar eolas i láthair na huaire. Ullmhaíodh an buiséad, áfach, ar an mbonn go mbeidh maoiniú i gcomhair na scéimeanna seo á mhaoiniú go hiomlán trí mhaoiniú LPT nó Rialtais Chaipitil.